


Comhairle Contae Chill Mhantáin

Tuarascáil Bhliantúil 2017



W I C K L O W

E N D L E S S O P P O R T U N I T I E S



Ráiteas Misin

"Feabhas a chur ar cháilíocht beatha na ndaoine agus na bpobal i gContae Chill Mhantáin trí fhorbairt inbhuanaithe, trí sheachadadh éifeachtúil de sheirbhísí éifeachtacha, trí cheannasaíocht shibhialta dhaonlathach, agus trí chomhordú le heagraíochtaí poiblí, pobail agus príobháideacha eile chun na hacmhainní atá ar fáil a bharrfheabhsú."

CLÁR

Teachtaireacht an Chathaoirligh	Lch. 4
Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh	Lch. 6
Comhairleoirí Chomhairle Contae Chill Mhantáin	Lch.8
Foireann Bainistíochta	Lch.11
An Stiúrthóireacht um Thithíocht agus Eastát Corparáideach	Lch.12
An Stiúrthóireacht um Bonneagar Iompair agus Bóithre	Lch.18
An Stiúrthóireacht um Sheirbhísí Uisce, Fuíolluisce agus Timpeallachta	Lch.24
An Stiúrthóireacht Pleanála agus Forbartha	Lch. 33
Forbairt Pobail, Cultúir agus Sóisialta	Lch. 34
Seirbhísí Fiontair agus Corparáideacha	Lch. 62
Coimisiún Scannán Chontae Chill Mhantáin	Lch. 70
Campas Chontae Chill Mhantáin, Coláiste Clermont, Ráth Naoi	Lch. 73
Ceantar Bardasach an Inbhir Mhóir	Lch. 76
Ceantar Bardasach Bhealach Conglais	Lch. 79
Ceantar Bardasach Bhré	Lch. 82
Ceantar Bardasach na gCloch Liath	Lch. 85
Ceantar Bardasach Chill Mhantáin	Lch. 88
Ráiteas Airgeadais	Lch. 91
Táscairí Leibhéal Seirbhíse – Eanáir – Nollaig 2017	Lch. 98

Tuarascáil Bhliantúil 2017



Tuarascáil Bhliantúil 2017



Mar Chathaoirleach Chomhairle Contae Chill Mhantáin, tá áthas orm an Tuarascáil Bhliantúil a chur i láthair don bhliain 2017. Sa tuarascáil seo leagtar amach an iliomad gníomhaíochtaí éagsúla atá ar bun ag Comhairle Contae Chill Mhantáin ar fud na seirbhísí go léir.

Tugadh an Plean Forbartha Contae 2016 – 2022 chun críche go luath 2017 mar thoradh ar Treoir ón Aire a fháil. Leagtar amach sa Phlean an chreatlach spáis straitéiseach maidir le pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe ar Chontae Chill Mhantáin agus díritear ar na saincheistanna pleanála 'mórphictiúr'. Glacadh le Plean Ceantair Áitiúil Ráth Droma i mí Bealtaine agus cuireadh tús le hathbhreithniú ar Phlean Ceantair Áitiúil Bhré agus ar Phlean Ceantair Áitiúil an Inbhir Mhóir.

I gcomhthreo leis sin, cuireadh na cuspóirí agus na gníomhartha i bPlean áitiúil eacnamaíochta agus Pobail (LECP) Chontae Chill Mhantáin i bhfeidhm. Ag oibriú lenár saoránaigh agus lenár gcomhpháirtithe, cuireadh líon mór de na gníomhartha i bhfeidhm. An toradh air sin, cuirfear feabhas ar chaighdeán na beatha dár bpobail uirbeacha agus thuaithe. Seoladh an chéad Straitéis Aoisbhá do Chontae Chill Mhantáin 2017 – 2022, ina bhfuil 61 Ghníomh chun soláthar seirbhísí a fheabhsú, i mí Bealtaine.

Mar aitheantas ar an sár-obair a dhéantar inár pobail ag grúpaí deonacha agus ag cumainn dheonacha, rinne Comhairle Contae Chill Mhantáin tuairim is €250,000 a leithdháileadh ar 187 gclub agus ngrúpa.

Soláthraíodh clós súgartha nua i gCill Chomhghaill, rud a léirigh infheistíocht €200,000. Tá an clós súgartha sin ar cheann de líon áiseanna den sórt sin a chuir an Chomhairle ar fáil ag teacht le Beartas Súgartha na Comhairle agus le cuspóirí an LECP.

Tá ríméad agus an-bhród orm gur bhuaigh Baile Coimín an teideal an Baile is Fiontraí i Laighin ag gradaim Náisiúnta Bhanc na hÉireann do Bhailte Fiontracha sa chatagóir Daonra 3,000 go 7,000. Éacht iontach a bhí ansin gur aithníodh baile beag in Iarthar Chill Mhantáin mar an baile is fearr agus is fiontraí i Laighin iomlán. Is mian liom gach duine i mBaile Coimín a chuir leis an éacht seo a mholadh. Chruthaigh Baile Coimín gur féidir leis dul san iomaíocht ar ardán náisiúnta. Beidh an síneadh beartaithe ar Ghlasbhealach Bhaile Coimín ina bhuntáiste tábhachtach d'Iarthar Chill Mhantáin agus cabhróidh sé le háit Bhaile Coimín a dhaingniú i margadh turasoíreachta na hÉireann atá ag fás.

I mí na Samhna, 2017 bhí de phribhléid agam i mo cháil mar Chathaoirleach ionadaíocht a dhéanamh ar Chontae Chill Mhantáin ag Taispeántas Turasoíreachta Fóillíochta Domhanda Hainan in éineacht le 30 toscaireacht idirnáisiúnta eile. Tá ardú mear ag teacht ar líon na gcuairteoirí ón tSín chun na hÉireann agus thug an Expo deis don toscaireacht ó Chontae Chill Mhantáin ár gContae a dhíol ar an leibhéal is airde mar áit den scoth do chuairteoirí ón tSín chun iad féin a lonnú agus chun taitneamh a bhaint as gach a bhfuil le tairiscint ag Cill Mhantáin.

Tuarascáil Bhliantúil 2017



Cuireadh roinnt tionscadal i bhfeidhm go rathúil ar feadh sheirbhísí éagsúla na Comhairle, amhail tionscadail feabhsúcháin agus cothabhála bóithre náisiúnta, forbairt ar chúrsaí turasóireachta, seirbhísí comhshaoil agus fóillíocht agus taitneamhacht, a bhfuil tuairisc ar go leor díobh sa tuarascáil seo.

I mí Aibreáin, tháinig comhaltaí tofa Chomhairle Contae Chill Mhantáin le chéile chun airgead suntasach a bhailiú d'Fhoras Ospíse Chill Mhantáin. Bailíodh tuairim is €85,000 don tionscadal fiúntach seo, a rachaidh chun leasa Chontae Chill Mhantáin ar fad nuair a thógtar é, ag Dinnéar Ceiliúrtha agus Ceant agus Crannchur Carthanachta Chomhairleoirí Contae Chill Mhantáin, chomh maith le ranníocaíocht de €10,000 ó gach ceann de na cúig cheantar bardasach.

Ar deireadh, is mian liom ómós a léiriú do mo chomhghleacaithe, na Comhaltaí Tofa agus buíochas a ghabháil leo as a gcomhoibriú agus as an gcúnamh a thug siad dom i rith na bliana, go háirithe comhaltaí Ghrúpa an Pholasaí Chorpáraidigh agus le gach ceann de na cúig Ghrúpa um Beartas Straitéiseach a ghlac páirt bhunúsach san fhóram cinnteoireacht agus beartas, rud a raibh tionchar aige ar an gComhairle uile.

Is mian liom freisin an deis a ghlacadh chun buíochas a ghabháil le Bryan Doyle a d'éirigh as a phost mar Phríomhfheidhmeannach i mí Aibreáin, le Des O'Brien a bhí ina Leas-Phríomhfheidhmeannach, agus chun fáilte a chur faoin bPríomhfheidhmeannach nuacheaptha, Frank Curran, ar Chomhairle Contae Chill Mhantáin. Is mian liom freisin buíochas chur in iúl d'fhoireann uile Chomhairle Contae Chill Mhantáin as an mbealach ar thug siad cúnamh domsa i mo ról mar Chathaoirleach. Ba mhaith liom moladh sonrath a thabhairt do na criúnna allamuigh, do na seirbhísí éigeandála, don tSeirbhís Dóiteáin agus don Chosaint Shibhialta agus aird a tharraingt ar an obair a

rinne siad. Thug siad freagra as cuimse ar an tuile agus ar na teagmhais adhamsire a tharla i rith 2017 agus is mór againn a gcuid oibre.

**AN COMHAIRLEOIR EDWARD TIMMINS
CATHAOIRLEACH
COMHAIRLE CONTAE CHILL MHANTÁIN**



Mar Phríomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Chill Mhantáin a ceapadh i mí Mheán Fómhair i mbliana, is mó an pléisiúr dom fáilte a chur roimh fhoilsiú na Tuarascála Bliantúla do 2017 agus aird a tharraingt ar ghnóthachtálacha na Comhairle le 12 mhí anuas.

I mí Eanáir, chuir an Chomhairle fáilte roimh an gceadú ón mBord Pleanála chun an athfhorbairt ar Ionad Florentine a dhéanamh, ina mbeidh ionad baile miondíola, bialann, pictiúrlann agus carrchlós i bhforbairt thart ar 24,400 méadar cearnach. Nuair a thabharfar chun críche í, treiseoidh an fhorbairt ról an Ionaid Bhaile mar phríomháit cruinnithe agus siopadóireachta do shaoránaigh Bhré agus tá fáilte mhór á cur roimpi ag na páirtithe leasmhara go léir.

Bhuaigh an Chomhairle Gradam ‘*Barr Feabhais sa Ghnó*’, mar aitheantas ar an raon mór seirbhísí breise arna gcur ar fáil ag na 13 Leabharlann Bhraínse de chuid an Chontae. Áirithíodh go gceannófaí seanfhoirgneamh Bhanc Uladh ar phríomhshráid an Bhaile, atá

comhdhéanta de bhreis is 1,200 méadar cearnach thar 6 urlár, chun príomhleabharlann a fhorbairt ann.

I mí Mheán Fómhair, iompaíodh an fód ag scéim nua tithíochta sóisialta ina mbeidh 20 aonad, ag Arda An Chraobhach, Ráth Droma, mar chuid de chlár bríomhar tithíochta de chuid na Comhairle, lena gcuirfear cóiríocht ar fáil do bhreis is 185 líon tí atá ar liosta tithíochta sóisialta na Comhairle sna chéad dhá bhliain eile amach romhainn. Faoi láthair, tá 14 scéim tithíochta ann atá ar chéimeanna éagsúla pleanála agus maoinithe. Cheadaigh an Roinn os cionn €43.4m le haghaidh na scéimeanna sin.

In 2017, d’oibrigh an Chomhairle go comhoibríoch chun forbairt eacnamaíochta agus cruthú poist a spreagadh agus lean de bheith mar threallús do chur i bhfeidhm na ngníomhartha atá leagtha amach sa Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (LECP) fad a rolladh amach na tionscnaimh de chuid Smaointe Eacnamaíoch Chontae Chill Mhantáin (CWETT). Aithnítear anois gur feidhm phríomhshrutha de chuid na Comhairle í an Fhorbairt Eacnamaíoch, chomh maith céanna leis an soláthar seirbhísí tithíochta, bóithre, pleanála agus comhshaoil. I measc na dtionscadal a ndearnadh dul chun cinn maith orthu in 2017 bhí:-

- Foirne Baile a bhunú i mBré, san Inbhear Mór, i mBaile Coimín agus sna Clocha Liatha
- Féile Aeir Bhré, ar éirigh thar cionn léi le thart ar 140,000 cuairteoir i láthair ag an ócáid dhá lá seo faoi urraíocht Údarás Eitlíochta na hÉireann
- Ceapachán oifigigh leathanbhanda chun tacú le rolladh amach an Plean Náisiúnta Leathanbhanda i gContae Chill Mhantáin
- Dul chun cinn ar na tograí maidir le Glasbhealach Bhaile Coimín a fhorbairt

- Forbairt ar Thairseach Gréasáin nua; Wicklow.ie, a mbeidh príomhról aige maidir leis an mbranda nua 'Cill Mhantáin' a chur in iúl, lena gcuimseofar gach a bhfuil ar fáil ag Cill Mhantáin i réimsí éagsúla; Cónaí i gCill Mhantáin; Gnó a Dhéanamh i gCill Mhantáin; Cuairt a Thabhairt ar Chill Mhantáin.
- Fás leanúnach ar Champas Chontae Chill Mhantáin inar tionóladh 3 shearmanas bronnta céime do thart ar 170 duine i mí na Samhna i gcomhar le Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach.
- Bunú fhoireann tionscadail a bhfuil taithí aici chun pleananna a bhrú chun cinn maidir le Mol Fiontraíochta um Chruthú Ábhair, lena soláthrófar tacaíochtaí gnó speisialaithe, saincheaptha, dírithe ar earnálacha sonracha a bheidh mar threallús do ghnólachtaí nuathionscanta, d'fhás agus d'idirnáisiúnú Chruthú Ábhair Éireannach, a fhorbairt ar Champas Chontae Chill Mhantáin.

Fágann saintréithe uathúla Chontae Chill Mhantáin agus a ghaireacht do mhargaí Bhaile Átha Cliath, an sárchaighdeán beatha sa chontae, an caipiteal daonna, an tírdhreach turasóireachta, agus na hacmhainní talmhaíochta, mara agus foraoiseachta ann, gurb é an suíomh is fearr in Éirinn é don Tionscal agus Fiontraíocht. Creidim gur féidir le Comhairle Contae Chill Mhantáin tógáil ar na sócmhainní sin agus Contae Chill Mhantáin a chothú chun a lánacmhainneacht a bhaint amach, ach oibriú i gcomhar le gníomhaireachtaí náisiúnta forbartha agus le páirtithe leasmhara áitiúla gnó agus pobail.

Is mian liom moladh a thabhairt d'Oifig Fiontair Áitiúil (LEO) Chill Mhantáin, a thug tacaíocht arbh fhiú €548,780 í do ghnólachtaí nuathionscanta sa Chontae in 2017, do 43

thionscadal chomh maith le 484 chruinniú duine-le-duine ar leithligh, lenar áiríodh roinnt clinicí comhairleacha speisialta a dhírigh ar na dúshláin a chruthaítear leis an mBreatimeacht.

Plean Corparáideach na Comhairle atá mar bhun dár ngníomhaíochtaí go léir. Tugtar leis creat agus comhthéacs don Phlean Bliantúil um Sholáthar Seirbhísí ina n-aithnítear na seirbhísí a chuirfear ar fáil agus an caighdeán dá ndéanfar iad a sholáthar, a thomhas agus dá ndéanfar monatóireacht ina leith. Leagtar amach go soiléir sna Pleananna sin na beartais agus na cuspóirí éagsúla de chuid Chomhairle Contae Chill Mhantáin agus leantar le monatóireacht a dhéanamh go dlúth ar an dul chun cinn ar chur i bhfeidhm na gcuspóirí a chuimsítear iontu laistigh de gach rannóg den Chomhairle.

Is meicníocht thábhachtach iad táscairí seirbhíse chun monatóireacht agus rianú a dhéanamh ar fheidhmíocht na n-údarás áitiúil. Tugtar faisnéis thábhachtach dúinn, lena ligtear dúinn dea-cleachtas agus droch-chleachtas a aithint agus dá réir sin, leagtar amach feidhmíocht na Comhairle maidir le daichead a dó táscaire seirbhíse náisiúnta sa tuarascáil seo.

D'éirigh leis na Comhaltaí tofa agus foireann Chomhairle Contae Chill Mhantáin glacadh leis an athrú agus leanann siad ar aghaidh le seirbhísí d'ardchaighdeán a sholáthar do mhuintir Chontae Chill Mhantáin ar bhealach éifeachtach agus éifeachtúil. Ba mhaith liom moladh a thabhairt do chomhaltaí tofa Chomhairle Contae Chill Mhantáin, Comhaltaí na gCoistí um Beartas Straitéiseach, don Ghrúpa um Beartas Corparáideach agus don LCDC agus aitheantas a thabhairt don obair ar fad a dhéantar ar leibhéal an cheantair bhardasaigh agus ag na coistí díograiseacha eile ar fad.

Is mian liom buíochas speisialta a ghabháil leis an gCathaoirleach, an Comhairleoir

Tuarascáil Bhliantúil 2017



Edward Timmins, as a thiomantas agus a chomhoibriú i soláthar Spriocanna ardleibhéil na Comhairle in 2017 agus le mo réamhtheachtaí, Bryan Doyle, as a fhís, a dhíograis agus a thacaíocht. Is mian liom moladh agus buíochas a léiriú d'fhoireann uile Chomhairle Contae Chill Mhantáin as a gcuid oibre leanúnaigh agus an rannchuidiú a thug siad chun seirbhís ardcháilíochta a sholáthar don phobal in 2017.

FRANK CURRAN
PRÍOMHFHEIDHMEANNACH
COMHAIRLE CONTAE CHILL MHANTÁIN

AINM PÁIRTITHE AGUS SEOLADH TEILEAFÓN RÍOMHPHOST

TOGHCHEANTAR AN INBHIR MHÓIR



FF Pat Fitzgerald, 32 Oaklands, An tInbhear Mór, Contae Chill Mhantáin 0402 39563 087 2049013
pfitzgerald@Cill Mhantáin coco.ie



FF Pat Kennedy, Kirikee, An Grianán, Ráth Droma, Contae Chill Mhantáin 087 4198022
patkennedy1@outlook.com



FF Tommy Annesley, 'Clydebank', Bóthar Bhaile Átha Cliath, An tInbhear Mór, Contae Chill Mhantáin 0402 31705 087 2508205
tomannesley@yahoo.co.uk



FG Sylvester Bourke, Three Oaks House, Coill an Uisce Dhuibh, An tInbhear Mór, Contae Chill Mhantáin 0402 24415 087 2501734
sylvesterbourke@hotmail.com



IND Miriam Murphy, 4 Corrán An Chraobhach, An tInbhear Mór, Contae Chill Mhantáin 0402 33245 086 2410065
murphyinmotion@gmail.com



SF Mary McDonald, 2 Garrán na Sailí, An tInbhear Mór, Contae Chill Mhantáin 085 2251980
marymcdonaldsinnfein@gmail.com

TOGHCHEANTAR BHEALACH CONGLAIS



IND Thomas Cullen, Gleann Cornáin, Bealach Conglais, Contae Chill Mhantáin 059 6481786 087 1934300
tommy@tommycullen.ie



Tuarascáil Bhliantúil 2017



SF Gerry O'Neill, Lána Butterhill, Baile Coimín,
Contae Chill Mhantáin 087 2629129
cllr.gerrystoneill@gmail.com



IND James Ruttle, Lisheen, Cill Bhríde, Baile
Coimín, Contae Chill Mhantáin 01 4582234
jruttle@Cill Mhantáin coco.ie



FG Edward Timmins, Gráinseach Choinn, Dún
Luáin, Contae Chill Mhantáin 087 2357914
etimmins@Cill Mhantáin coco.ie



FG Vincent Blake, Coolruss, Tigh na hÉille, Contae
Chill Mhantáin 0402 38256 087 2322521
vblake@Cill Mhantáin coco.ie



FF Pat Doran, Tom an Choirce, Carn an Bhua,
Contae Chill Mhantáin 05394 26249 087
2770349 pdoran@Cill Mhantáin coco.ie

TOGHCHEANTAR BHRÉ



SF Michael O'Connor, 1^ú Urlár, 27 An tSráid Mhór,
Bré, Co. Chill Mhantáin 083 1298821
cllr.michaeloconnor@gmail.com



IND Joe Behan, 55 Páirc Richmond, Bré, Contae
Chill Mhantáin 01 2868125 086 8375602
joebehan@outlook.ie



IND Christopher Fox, Ceallúrach Íochtarach, Cill
Mocheanóg, Bré, Contae Chill Mhantáin 086
8374765
crfox@Cill Mhantáin coco.ie



SF Oliver O'Brien, 'The Bungalow', Killough, Cill
Mocheanóg, Contae Chill Mhantáin 087 1420586
olobriain@gmail.com



IND Brendan Thornhill, 19 Céide an Ghleanna,
Bóthar Vevay, Bré, Contae Chill Mhantáin 086
0663144 jcbthornhill@gmail.com



GP Steven Matthews, 'Saoirse', 12 Eachlann
Sydenham, Bóthar Shuí Mhantáin,
Bré, Contae Chill Mhantáin 086 6086420
stevensgreenBré@gmail.com



FG John Ryan, 'Huntingdon', 13 Plásóg an Aird
Mhóir, Bré, Contae Chill Mhantáin 01 2761439
087 2585738 jryan@Cill Mhantáin coco.ie

Tuarascáil Bhliantúil 2017



FF Pat Vance, 'Beachmount', Bóthar Putland, Bré,
Contae Chill Mhantáin 01 2868169 086 8391871
pvance@Cill Mhantáin coco.ie



SF Nicola Lawless, 25 Garrán Rivendell, Na Clocha
Liatha, Contae Chill Mhantáin 086 1607686
nicola.lawless.sf@gmail.com

TOGHCHEANTAR NA gCLOCH LIATH



IND Jennifer Whitmore, 4 Dromont, Deilgne,
Contae Chill Mhantáin 086 6634747
whitmore.jennifer@gmail.com

TOGHCHEANTAR CHILL MHANTÁIN



SF John Snell, 81 Seaview Heights, Ráth Naoi,
Contae Chill Mhantáin 087 2210222
jsnell@Cill Mhantáin coco.ie



IND Tom Fortune, 'DeLacey', Bóthar na Mara, Cill
Chomhghaill, Contae Chill Mhantáin 01 2876135
086 2488195 tfortune@Cill Mhantáin coco.ie



IND Daire Nolan, An Phríomhshráid, Baile an
Chinnéidigh, Na Clocha Liatha, Contae Chill
Mhantáin A63 D938 085 1374099
daire.nolan.1988@gmail.com



FG Derek Mitchell, 'Kiltoorish', Ascaill an
Mhainéir, Na Clocha Liatha, Contae Chill
Mhantáin 01 2874115
mitchelld@eircom.net



FF Gail Dunne, 9 Bóthar Naomh Mhanntáin, Baile
Chill Mhantáin, Co Chill Mhantáin 086 8214368
gdunne@Cill Mhantáin coco.ie



FG Grainne McLoughlin, 29 Wellfield, Cill
Chomhghaill, Co Chill Mhantáin 01 2018912 086
8329686 cllrgrainnemcloughlin@gmail.com



FG Shay Cullen, 'The Crosses', Baile na hInse,
Baile an Chinnéidigh, Contae Chill Mhantáin 086
7275000 shaycullen2014@gmail.com



FF Gerry Walsh, 33 Arda Burnaby, Na Clocha
Liatha, Contae Chill Mhantáin 085 8639848
gerrywalsh00@gmail.com



FG Irene Winters, 23 Wicklow Heights Court, Cill
Mhantáin, Contae Chill Mhantáin 087 2443610
irenewinters@eircom.net



Tuarascáil Bhliantúil 2017

IND Mary Kavanagh, 58 Seafield, Baile Chill
Mhantáin, Co Chill Mhantáin 087 7823513



mkavanagh@Cill Mhantáin.coco.ie

Tuarascáil Bhliantúil 2017

FOIREANN BAINISTÍOCHTA



W I C K L O W

An tUas. Joe Lane



Stiúrthóir Seirbhísí
Tithíocht agus Eastát Corparáideach

An tUas. Thomas Murphy



T/ Stiúrthóir Seirbhísí
Seirbhísí Fiontraíochta agus Corparáideacha

An tUas. David Sweetman



Gníomhaire Dlí

An tUas. Liam Fitzpatrick



Ceann na gCóras Faisnéise

Deborah Cromie Uasal



Ceann Airgeadais Gníomhach
go dtí an 3 Meán Fómhair 2017

An tUas. Brian Gleeson



Ceann Airgeadais
ón 4 Meán Fómhair 2017

An tUas. Bryan Doyle



Príomhfheidhmeannach
Go dtí an 12 Meán Fómhair 2017

An tUas. Frank Curran



Príomhfheidhmeannach
ón 13 Meán Fómhair 2017

An tUas. Sean Quirke



Stiúrthóir Seirbhísí
Bonneagar Iompair agus Bóithre

An tUas. Michael Geaney



Stiúrthóir Seirbhísí Gníomhach
Seirbhísí Uisce agus Comhshaoil

An tUas. Des O'Brien



Stiúrthóir Seirbhísí
Pleanáil

An tUas. Michael Nicholson



Stiúrthóir Seirbhísí
Forbairt Phobail, Chultúir agus Shóisialta

Tuarascáil Bhliantúil 2017



Tithíocht agus Eastát Corparáideach

Coiste um Beartas Straitéiseach

Cathaoirleach

An Comhairleoir John Snell

Comhairle Contae Chill Mhantáin

An Comhairleoir Tommy Annesley

An Comhairleoir Joe Behan

An Comhairleoir Vincent Blake

An Comhairleoir Mary Kavanagh

An Comhairleoir Michael O'Connor

Gníomhaireachtaí Seachtracha

Ceardchumann

Barry Nevin, ICTU

Daoine faoi Mhíbhuntáiste

Vicky Harris, Clann Shíomóin Bhaile Átha Cliath

Gnó/Tráchtáil

Folúntas

Pobal

Folúntas

Grúpa Lucht Taistil Chill Mhantáin

Eamonn McCann

Stiúrthóir Seirbhísí

Joe Lane

Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach

Jackie Carroll

Innealtóirí Sinsearacha

Breege Kilkenny

Declan Marnane

- Tithíocht Shóisialta – Soláthar agus Pleanáil
- Bainistiú Tithíochta
- Cuimsiú Sóisialta
- Rialú Foirgníochta
- Eastát Corparáideach

Bhuail an Coiste um Beartas Straitéiseach maidir le Tithíocht agus Eastát Corparáideach le chéile cúig huaire in 2017 agus díríodh ar roinnt réimsí tábhachtacha lena n-áirítear:

- Buiséad 2017 – Impleachtaí do na hÚdaráis Tithíochta náisiúnta maidir le soláthar tithíochta agus ceisteanna bainistithe agus infheistíochta amach anseo
- Tosaíochtaí tithíochta do 2017 lena n-áirítear soláthar tithíochta agus ceisteanna bainistithe agus infheistíochta amach anseo
- An stoc tithíochta a bhainistiú
- Measúnú ar Thithíocht Shóisialta
- Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta
- Straitéis Tithíochta Nua – Atógáil Éireann
- Clár um Thógáil Tithíochta go 2021
- Beartais Chuid V
- Cóiríocht don Lucht Siúil
- an Earnáil Dheonach Tithíochta
- Easpa Dídine – Athbhreithniú ar an bPlean Gníomhaíochta maidir le hEaspa Dídine

Soláthar Tithíochta – Clár Seachadta

14 scéim/196 aonad.

Maoiniú ceadaithe €36 milliún

Scéim	Aonad	Stádas Reatha
Arda An Chraobhach, Ráth Droma	20	Tosaíodh i mí Mheán Fómhair 2017
Páirc Delany, An tInbhear Mór (Céim 1)	17	Tosaíodh i mí na Samhna 2017
Bóthar O'Byrne, Bré	1	Tosaíodh i mí na Nollag 2017
An tSeanleabharlann, An tInbhear Mór	7	Le tosú i mí Feabhra 2018
Lána Chill Bhríde, Bré	42	Conartha le

Tuarascáil Bhliantúil 2017



(Tailte Uí Mhurchú)		tosú i mí an Mhárta 2018
---------------------	--	--------------------------

Tionscadal CPP um Thithíocht Shóisialta (Beart 1)

Suíomh Forbartha ag Convent Lands, Cill Mhantáin le haghaidh 51 aonad Tithíochta Sóisialta. Tá €300 milliún geallta ag an Roinn Tithíochta chun tithíocht a sholáthar trí bhíthin shamhail na Comhpháirtíochta Poiblí Príobháidí sa Phlean Gníomhaíochta, Atógáil Éireann. Tá Cill Mhantáin curtha san áireamh mar thionscadal i mBeart 1. Cheadaigh na comhaltaí Cuid 8 ag cruinniú de chuid na Comhairle an 3 Iúil 2017. Táthar ag súil go gcuirfear tús leis an tionscadal ar an suíomh i mí Mheán Fómhair 2018.

Cuid V

Tá Comhairle Contae Chill Mhantáin ag leanúint le hidirchaidreamh dlúth a dhéanamh le Gníomhairí agus le Forbróirí i ndáil le riachtanais Chuid V. Cuirtear roinnt aonad Chuid V ar fáil trí CALF i gcomhar le Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe e.g. Viewmount i Ráth Droma agus roinnt díobh go díreach chuig an gComhairle e.g. Castlelynn i mBré.

Lándéanta

Tá soláthar tithíochta sóisialta á lorg agus á spreagadh go gníomhach ag an gComhairle trí bhíthin na shásra na forbartha lándéanta.

Léasú CALF

Leanann Comhairle Contae Chill Mhantáin ar aghaidh le hiarratais a éascú ó Chomhlachtaí Ceadaithe Tithíochta maidir le seachadadh aonad tríd an scéim léasaithe CALF.

Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (AHBs)

D'iarr Comhairle Contae Chill Mhantáin léirithe spéise ó Chomhlachtaí Tithíochta a chláraigh le cód rialála deonach agus ar mian leo tithíochta sóisialta a sholáthar ar thailte na Comhairle i gContae Chill Mhantáin. Táthar ag súil go mbreithneofar socruithe comhpháirtíochta ar thailte atá faoi úinéireacht na Comhairle, i ndiaidh phróiseas mheasúnaithe, sa chás nach mbíonn acmhainní ag an gComhairle tionscadail tithíochta sóisialta a chur chun cinn faoi láthair.

Bainistiú Tithíochta

Tháinig méadú beag ar an mbuiséad iomlán do dheisiúcháin tithíochta do 2017 ón mbuiséad in

2016. Dáileadh é sin go cothrom ar na Ceantair bhargasacha go léir ar bhonn pro rata bunaithe ar líon na n-aonad i ngach ceantar.

Nuair a éiríonn tithe folamh déantar iad a uasghrádú mar seo a leanas:

- seiceáil na n-earraí leictreacha agus deisiúchán/athsreangadh;
- seiceáil pluiméireachta;
- aonaid chistin/earraí sláintíochta a athsholáthar nuair is gá;
- maoine a uasghrádú chun feabhas a chur ar éifeachtacht fuinnimh.

Leithdháiltí Tithíochta

Leithdháileann Comhairle Contae Chill Mhantáin tithe de réir na scéime tosaíochta a dhéanamh i leith cóiríocht tithíochta a ligean arna nglacadh ag Comhaltaí na Comhairle agus arna bhfaomhadh ag an roinn Comhshaoil, Pobail agus rialtais áitiúil. Féadtar aon duine a bhfuil tithíocht ag teastáil uathu agus nach bhfuil ábalta í a fháil lena n-acmhainní féin a chur san áireamh ar liosta Feithimh Tithíochta na Comhairle.

Tuarascáil Bhliantúil 2017



Bhí 3,722 iarratasóir tithíochta san iomlán ar an liosta tithíochta do Chontae Chill Mhantáin amhail 31 Nollaig 2017. Leithdháileadh 80 teach ar an iomlán i rith 2017 in áiteanna éagsúla ar fud an Chontae de réir an tábla thíos:

	01/01/2017 – 31/12/2017
Folúntais	60
Tithe Nua	0
Léasú Sóisialta	1
Teachíní Tuaithe	0
Ceannacháin	8
Athchóiriú	2
AHBanna	9
IOMLÁN	80

Ról na hEarnála Tithíochta Deonaí

Lean Comhairle Chontae Chill Mhantáin ag obair go dlúth leis an earnáil tithíochta deonach maidir le soláthar de thacaíocht tithíochta sóisialta i gContae Chill Mhantáin in 2017. In 2017, faoin Scéim um Chúnamh Caipitil (CaS) 2014 - 2016, chuir Comhairle Contae Chill Mhantáin fáilte roimh aighneachtaí ó chomhlachtaí tithíochta ceadaithe maidir le seachadadh thograí inbhuanaithe agus éifeachtacha ó thaobh costais de, chun freastal ar riachtanais tithíochta sainaitheanta i gContae Chill Mhantáin. I gcomhréir le beartas an rialtais, is fearr go mbeadh an cumas ag moltaí den sórt sin freastal ar riachtanais chóiríochta na dhaoine gan dídean, dhaoine scothaosta agus dhaoine faoi mhíchumas sláinte mheabhrach agus intleachtúil nó faoi mhíchumas fisiceach/céadfach.

lean Comhairle Chontae Chill Mhantáin ar aghaidh, i gcomhar leis an roinn agus leis an gcomhlacht tithíochta faofa iomchuí, le dul chun cinn a dhéanamh ar chuspóirí na dtosaíochtaí lena n-áirítear:-

- Maoine a cheannach i gcomhar le comhlachtaí tithíochta ceadaithe, a bheidh le húsáid chun cóiríocht níos inbhuanaithe agus le tacaíocht ag baint léi, a sholáthar do dhaoine a bhfuil cónaí orthu go dtí seo i gcóiríocht níos gearrthéarmaí.

Chuir Clann Shíomóin Bhaile Átha Cliath cúig mhaoín ar fáil faoin Scéim Cúnaimh Caipitil. Coinníonn Comhairle Contae Chill Mhantáin 100% de chearta ainmnithe maidir le gach tionóntacht ionchasach i.e. gach ainmniúchán atá le déanamh ó liosta feithimh tithíochta an údarais áitiúil.

Roghanna Eile Tithíochta

I dtéarmaí roghanna tithíochta eile, lean Comhairle Chontae Chill Mhantáin ar aghaidh ag cur chun cinn raon leathan de roghanna tithíochta breise in 2017 lena n-áirítear:

- Scéim liúntais Mhorgáiste
- Iasacht um Cheannach Tí
- Deontais Tithíochta
- Morgáiste ar Cíos

I measc na roghanna tithíochta eile arna gcur chun cinn ag Comhairle Chontae Chill Mhantáin le linn 2017 bhí an RAS, ICT, agus léasú Sóisialta Fadtéarmach agus gearrthéarmach.

RAS (Scéim um Chóiríocht ar Cíos)

Leis an Scéim um Chóiríocht ar Cíos (RAS) freastalaítear ar riachtanais chóiríochta na ndaoine atá ag fáil forlíonadh cíosa, ar feadh níos mó ná 18 mí de ghnáth agus a bhfuil riachtanais tithíochta fhadtéarmacha acu (gan a chur san áireamh lucht iarrtha tearmainn nó neamh-náisiúnaigh nach bhfuil cead acu fanacht sa stát go buan, mic léinn agus na daoine atá ag fáil forlíonadh cíosa mar shampla dreasacht "um fhilleadh ar an obair").

Tuarascáil Bhliantúil 2017



Is éard an aidhm le RAS caighdeán agus cáilíocht na cóiríochta ar cíós a fheabhsú agus tuilleadh slándála tionóntachta a sholáthar don tionónta.

Amhail an 31 Nollaig 2017, is 487 an líon daoine atá ag baint leasa as an Scéim um Chóiríocht ar Cíós. D'aistrigh 7 n-iarratasóir chuig an scéim RAS in 2017.

Léasú Tithíochta Sóisialta Fadtéarmach agus Gearrthéarmach

Leanadh leis na hiarrachtaí le linn 2017 chun léasú a chur chun cinn mar rogha tithíochta sóisialta i gContae Chill Mhantáin.

- Is éard atá i gceist anseo ná maoinne a léasú ón earnáil phríobháideach agus iad a úsáid chun freastal ar theaghlaigh atá ar liostaí feithimh an údaráis áitiúil. Leithdháilfear maoinne léasaithe do thionóntaí, de réir scéimeanna leithdháilte na n-údarás áitiúil.

Mar sin féin, níor glacadh mórán leis an scéim seo agus léasaíodh 17 n-aonad ar fad do Chomhairle Contae Chill Mhantáin amhail an 31 Nollaig 2017.

ÍCT (Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta)

Is cineál tacaíochta tithíochta nua é ÍCT arna chur ar fáil ag údarás áitiúla. Ciallaíonn ÍCT gur féidir le húdarás áitiúla cúnaimh tithíochta a chur ar fáil anois do theaghlaigh nach gcáilíonn do thacaíocht tithíochta sóisialta, lena n-áirítear go leor daoine atá ag fáil forlíonadh cíosa ar feadh i bhfad. Faoi ÍCT, déanfaidh Údarás Áitiúla an íocaíocht cíosa iomlán, faoi réir ag teorainneacha cíosa, thar ceann an fhaighteora ÍCT, díreach leis an tiarna talún. Íocfaidh an faighteoir ÍCT rannchuidiú cíosa leis an údarás áitiúla ansin. Is cíós difreálach é an cíós sin – is é sin, go mbunaítear an cíós ar ioncam agus ar an gcumas é a íoc.

Cuirfidh ÍCT córas níos comhtháite ar fáil maidir le tacaíocht tithíochta agus tá sé mar aidhm aige:

- rochtain a bheith ar gach tacaíocht tithíochta sóisialta trí chomhlacht amháin - an t-údarás áitiúil agus
- cead a thabhairt d'fhaighteoirí tabhairt faoin bhfostaíocht lánaimseartha agus fós a dtacaíocht tithíochta a choinneáil.

Cuireadh tús leis an ÍCT i gComhairle Contae Chill Mhantáin an 1 Nollaig 2016. Tugadh 410 tionóntacht ÍCT chun críche in 2017.

Forbairt Eastát

Leithdháileadh Deontais Forbartha Eastát trí na Ceantair Bhardasacha chuig Cumainn Chónaitheoirí sna ceantair.

Oifigeach Idirchaidrimh Tionónta

le linn 2017, lean an tOifigeach Idirchaidrimh Tionónta (TLO) le seirbhís tacaíochta a sholáthar d'eastáit de chuid an údaráis áitiúil sa chontae. Chomh maith le tacú le tionóntaí a raibh fadhbanna sonracha acu lena dtionóntacht, bhí ról réamhghníomhach ag an oifigeach idirchaidrimh Tionónta maidir le dul i ngleic le saincheisteanna iompair frithshóisialta de réir mar a tháinig siad chun cinn. Tugtar faoin obair seo le tacaíocht ó na gardaí ar fud an Chontae.

Cíosanna Tithíochta

Amhail an 31 Nollaig 2017 bhí tionóntaí ina gcónaí in 4,323 aonad.

€12.5 milliún an líon iomlán airgid i gcíosanna a bailíodh in 2017. €988,633.68 an riaráiste a bhí le bailiú.

Bíonn foireann an aonaid cíosa ag obair go díograiseach chun an riaráiste cíosa a laghdú agus ag obair go tréan i ndlúthpháirt le tionóntaí chun a dtionóntaí a chothabháil agus chun imeachtaí dlí agus díshealbhú ar deireadh a sheachaint.

Tuarascáil Bhliantúil 2017



Deontais Tithíochta

In 2017 dámhadh na deontais tithíochta seo a leanas do dhaoine faoi mhíchumas:

24 Deontas Oiriúnaithe Tithe	€ 356,700
62 Dheontas Áiseanna Soghluaisteachta	€ 328,643
51 Deontas Chúnamh Tithíochta do Sheanáirí	€ 285,138
IOMLÁN	€ 970,481

is féidir 80% den mhéid sin a fhorchúiteamh ón Roinn.

Cóiríocht don Lucht Siúil

Tháinig baill den Choiste áitiúil Comhairliúcháin um Chóiríocht don Lucht Siúil (ITaCC) le chéile go rialta in 2017. Tá cuspóirí an Phlean Cóiríochta don Lucht Siúil 2014-2018 á gcur i bhfeidhm i gcónaí, rud a chinnteoidh go leanfar go dtí 2018 de bheith ag freastal ar riachtanais cóiríochta an Lucht Siúil a chónaíonn i gContae Chill Mhantáin. Ar na cuspóirí sin tá pleanáil le haghaidh tithíocht chaighdeánach, láithreáin stad, grúpthíocht, tithe tuaithe agus láithreáin sealadacha /éigeandála a sholáthar.

Easpa Dídine

Ba cheann de phríomhchúraimí na rannóige i gcónaí é an easpa dídine a chosc agus chuir an fhoireann easpa dídine comhairle agus tacaíocht ar fáil do dhaoine atá gan dídean nó i gcontúirt a bheith gan dídean (ar an teileafón, ag an gcuntar agus le coinne). Rinne an fhoireann easpa dídine caidreamh le Tiarnaí Talún agus le Gníomhairí d'fhonn tionóntachtaí a choinneáil i bhfeidhm agus d'fhonn dul chun cinn a dhéanamh ina leith. Chuir an Chomhairle cóiríocht éigeandála ar fáil, nuair ba ghá, i ndiaidh measúnú iomlán a dhéanamh ar riachtanais.

Chun díriú ar ghrúpaí sonracha daoine leochaileacha atá i mbaol bheith gan dídean agus ar dhaoine a bhfuil cóiríocht faoi thacaíocht de dhíth orthu, tá Comhairle Contae Chill Mhantáin ag oibriú go héifeachtach le roinnt Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe chun cóiríocht a sholáthar do dhaoine a bhfuil riachtanais tacaíochta acu. Leis an gcur chuige sin faoi stiúir tithíochta, cinntítear réiteach inbhuanaithe ar an easpa dídine do dhaoine ar deacair teagmháil a dhéanamh leo, ar dtús, agus a mbíonn fadhb acu tionóntacht a choimeád, ar deireadh. Feidhmíonn an Chomhairle bainistiú na réadmhaoine sin trí bhíthin Chomhaontuithe Seirbhíse nó Comhaontuithe Ceadúnais agus Léasanna. Leis na haonaid sin, cuirtear cóiríocht faoi thacaíocht ar fáil do dhaoine leochaileacha ach an tsamhail Tús Áite don Tithíocht a úsáid. Tá an cur chuige faoi stiúir na tithíochta sin ar dhul i ngleic leis an easpa dídine daingnithe in Atógáil Éireann, agus is gealltanais é i bPlean Gníomhaíochta Réigiún an Oirthir Láir maidir leis an Easpa Dídine i gCill Dara, sa Mhí agus i gCill Mhantáin.

I gcomhar le Clann Shíomóin, leanann an Chomhairle de shaoráid cóiríochta faoi thacaíocht a chur ar fáil do dhaoine gan dídean ag Kilmantin Hill i mBaile Chill Mhantáin. Tá deichniúr ina gcónaí in aonaid idirthréimhseacha faoi mheántacaíocht san ionad.

Tá an Chomhairle fós ag imeacht ón sean-tsamhail ina gcuirtear cóiríocht éigeandála ar fáil do dhaoine gan dídean in aonaid mhóra agus, ina áit, ag dul i dtreo shamhail dea-chleachtais le Tús Áite don Tithíocht. Cur chuige ilghnéitheach atá ann lena n-áirítear aonaid níos lú atá oiriúnach do thriúr nó do cheathrar faoi thacaíocht cuairte.

Tá cóiríocht d'ochtair faoi thacaíocht íseal agus mheánach de réir chomhaontú ceadúnaithe ar feadh tréimhse ocht mí dhéag fós ag feidhmiú go rathúil i mBré.

Aistríodh cúig theaghlach gan dídean, ina bhfuil 7 duine fásta agus 17 leanaí, chuig tionóntaí buana

Tuarascáil Bhliantúil 2017



faoi mhaoiniú CAS san Inbhear Mór agus i mBaile Coimín. Soláthraíodh tacaíocht cuairte chun cabhrú leis an aistriú agus leis an socrú isteach.

In 2017, thug Comhairle Contae Chill Mhantáin ceannach áise sna Clocha Liatha (Carraig Eden), chun críche agus leanadh ar aghaidh ag obair leis an gComhlacht Ceadaithe Tithíochta, Tigh Glinne, lena chinntiú go n-úsáidfear an áis chun cóiríocht a sholáthar do dhaoine gan dídean a mbeidh stádas saor ó andúil bainte amach acu de réir na straitéise náisiúnta reatha ina mholtar gur chóir breis cóiríochta a sholáthar do dhaoine atá ag teacht amach as athshlánú andúile.

Bunaíodh Tionscnamh don Aimsir Fhuar chun cóiríocht bhreise éigeandála a sholáthar le linn an gheimhridh. Chuaigh sé i bhfeidhm an 27 Nollaig 2017. Comhoibriú rathúil a bhí ann idir Comhairle Contae Chill Mhantáin, WH Five Loaves, Clann Shíomóin Bhaile Átha Cliath agus soláthróir na háise.

Bhain ceathrar déag éagsúla úsáid as an áis i rith na tréimhse. Bhí leapacha leanúnacha ag naonúr díobh agus d'úsáid siad iad go seasta.

Sláinte agus Sábháilteacht

Bunaíodh Beartas Chomhairle Contae Chill Mhantáin um Sláinte agus Sábháilteacht lena chinntiú, a oiread agus is féidir ar bhonn réasúnta praiticiúil, go mbíonn gach duine a oibríonn do nó thar ceann Chomhairle Contae Chill Mhantáin ag obair sna coinníollacha is sábháilte agus is sláintiúla agus is féidir. Tá an Beartas Sláinte agus Sábháilteachta seo ceadaithe ag an Stiúrthóireacht Tithíochta mar bheartas infheidhme do gach oibríocht de chuid Chomhairle Contae Chill Mhantáin laistigh den rannóg Tithíochta. Déantar athbhreithniú seasta ar bheartais agus ar nósanna imeachta na heagraíochta maidir le Sláinte agus Sábháilteacht, ag teacht le dea-chleachtais, athruithe sa reachtaíocht agus tionscnaimh náisiúnta. Cuireadh acmhainní cuí ar fáil in 2017 le go bhféadfaí an Beartas a chur i bhfeidhm go héifeachtach.

Scríobhadh Ráitis Sábháilteachta Choimhdeacha do na réimsí seo a leanas: an Rannóg um Chothabháil Tithe agus Foirgníochta, Foireann Oifige Rannóg na dTithe agus Saoráid Fhoirgnimh Eastát Corparáideach an Chontae.

Déanann Éascaitheoir Sláinte agus Sábháilteachta iniúchtaí sábháilteachta agus cigireachtaí sábháilteachta ar shuíomhanna conraitheora agus ar shuíomhanna saothair dhíriú ar bhonn seachtainiúil.

Cuirtear gach ball nua foirne ar an eolas faoi oiliúint ionduchtúcháin Sláinte agus Sábháilteachta. Cuirtear clár fhairsinge oiliúna ar fáil don fhoireann seasta chun rialachán foirgníochta agus sábháilteachta a chomhlíonadh. Déantar athbhreithniú agus nuashonrú ar ráitis Shábháilteachta na Rannóige Tithíochta gach bliain.

Bonneagar Iompair agus Bóithre

An Coiste um Beartas Straitéiseach

Tá cúigear Comhairleoirí Contae agus ceathrar ionadaithe ó ghrúpaí sainleasa earnála ina gcomhaltaí den Choiste um Beartas Straitéiseach um Sheirbhísí Iompair, Uisce agus Comhshaoil. Tionóllann an Coiste um Beartas Straitéiseach cruinnithe rialta i gcaitheamh na bliana ina bpléitear saincheisteanna náisiúnta agus áitiúla araon.

Cathaoirleach

An Comhairleoir Pat Doran

Comhairle Contae Chill Mhantáin

An Comhairleoir Daire Nolan

An Comhairleoir Mary McDonald

An Comhairleoir Pat Fitzgerald

An Comhairleoir Derek Mitchell

Gníomhaireachtaí Seachtracha

Ceardchumann

Christy Byrne, SIPTU

Comhshaoil/Caomhnú

Tim Morgan

An Pobal Talmhaíochta/Feirmeoireachta

Shane O'Loughlin

Forbairt/Foirgníocht

Paddy Mordaunt

Stiúrthóir Seirbhísí

Sean Quirke

Bonneagar Iompair agus Bóithre

Michael Geaney (A)

Seirbhísí Uisce agus Comhshaoil

Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach

Helena Dennehy

Innealtóir Sinsearach



Tuarascáil Bhliantúil 2017



Michael Flynn

Oifigeach Riaracháin

Allyson Minion

Cuspóir 1

“Soláthar iompair a chur chun cinn agus a éascú ar bhealach comhtháite d’fhonn forbairt shóisialta agus eacnamaíoch a spreagadh, i gcomhthéacs na gceisteanna is ábhartha a bhaineann leis an gcomhshaol, forbairt inbhuanaithe, cuimsiú sóisialta agus sláinte agus sábháilteacht”

Sábháilteacht ar Bhóithre: Oideachas agus Cur Chun Cinn

Tionóladh an Coiste “Sábháilteacht bóithre le chéile”, ar a bhfuil baill de na Gardaí, den tSeirbhís Dóiteáin, den Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, den Údarás um Bóithre Náisiúnta agus oifigigh ó Chomhairle Contae Chill Mhantáin, ar bhonn ráithiúil in 2017 chun athbhreithniú a dhéanamh ar shábháilteacht bóithre i gContae Chill Mhantáin. Tá Plean Sábháilteachta ar Bhóithre Chontae Chill Mhantáin 2015-2020 ar fáil anois agus is féidir teacht air ar líne ag www.CillMhantain.ie Is é príomhchuspóir an Phlean Sábháilteachta ar Bhóithre líon na dtaismeach ar bhóithre Chontae Chill Mhantáin a laghdú agus sábháilteacht na mbóithre a fheabhsú do thiománaithe agus do choisithe le tréan Oideachais, Forfheidhmithe, Innealtóireachta agus Measúnachta.

Cuspóir 2

“Na líonraí náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla bóithre a thógáil agus a chothabháil ar an gcaighdeán is airde agus is féidir i leith gach cineál bóithair, lena n-úsáid san am i láthair agus amach anseo agus don luach is fearr ar airgead”

Bóthar Náisiúnta den Dara Grád, N81

Ceapadh Archer Heritage Planning mar Chonraitheoir don Chonradh Oibreacha Seandálaíochta ag Cora Chnoc Rua ar an N81. Cuireadh tús leis an tochtail seandálaíochta in 2017 agus tá sí le tabhairt chun críche i mí an Bhealtaine 2018.

Cothabháil agus Feabhsú ar Bhóithre nach Bóithre Náisiúnta Iad

Chuaigh dreamanna saothair dhírigh de chuid na gcúig cheantar bardasach (agus conraitheoirí príobháideacha, uaireanta) i mbun oibreacha cothabhála in 2017 ar bhóithre nach bóithre náisiúnta iad.

Oibreacha Deontais Athchóirithe Droichead

Cuireadh oibreacha i gcrích sna háiteanna seo a leanas in 2017:

- Ráth Droma,
- Droichead Dhún an Eibhir,
- Droichead Chnocán na Silíní, Abhóca,
- Droichead Ros na Sraithe, Tigh na hÉille,
- Droichead Roideanaigh, Eachroim
- Droichead Bhóthar na Feá, An tInbhear Mór
- Droichead White Road, Abhóca
- Droichead Cnoc Rátha, Laragh
- Droichead Griffinstown
- Droichead Bhaile Mhic Giolla Mhuire

Cuireadh tograí maoinithe isteach le haghaidh na dtionscadal seo a leanas do 2018:

• Droichead Killabeg, Coolkenna L-7525
• Droichead Ráth Droma, Ráth Droma R-752
• An Droichead Bán, Abhóca, L-6155
• Droichead na Life Uachtaraigh, Cipiúr R-759
• Droichead Beechdale, Cill Chomhghaill L-50462

Tuarascáil Bhliantúil 2017



- | |
|---|
| <ul style="list-style-type: none">• Droichead Thigh na hInse, Áth na Sceire R-760 |
| <ul style="list-style-type: none">• Droichead Chnoc Rátha, Cnoc Rátha R-755 |

Oibreacha Feabhsúcháin

Sábháilteachta 2017:

Cuireadh oibreacha feabhsúcháin sábháilteachta i gcrích ar chostas íseal sna suíomhanna seo a leanas in 2017:

- Ceallúrach Uachtarach, An Tóchar
- Acomhal idir Bóthar an Teampaill agus Lána an Teampaill, na Clocha Liatha
- Acomhal idir an tSráid Mhór agus Páirc an Chaisleáin, an tInbhear Mór
- Abhóca

Oibreacha Feabhsúcháin

Sábháilteachta ar Chostas Íseal a

Mholtar do 2018:

- Ascaill Choill Dheilgne ón acomhal le Bóthar an Teampaill R762 chuig an Bóthar an Chlochair L-1027 agus Bóthar an Teampaill L-1025
- Bóthar Coolgreaney, an tInbhear Mór
- Bóthar Vale, an tInbhear Mór
- Bóthar Bhaile Átha Cliath, an tInbhear Mór
- An Leacach Riabhach, Bealach Conglais

Déanfar iarratas ar Dheontas Feabhsúcháin Shonraigh chun oibreacha ar Bhóthar Cheallúrach Uachtarach a thabhairt chun críche in 2018.

Cuspóir 3

“Siúl, rothaíocht agus úsáid iompair phoiblí a éascú agus a chur chun cinn chun an brú tráchta a laghdú, stíleanna maireachtála níos sláintiúla a chur chun cinn agus rochtain ar shaoráidí a chur ar fáil dóibh siúd nach bhfuil tiomáint ná teacht ar iompar poiblí acu”.

Maoiniú ón Údarás Náisiúnta Iompair

Faigheann Comhairle Contae Chill Mhantáin maoiniú gach bliain ón gClár um bearta iompair inbhuanaithe de chuid an Údaráis náisiúnta iompair le haghaidh tionscadail éagsúla. orthu sin tá tionscadail a dhéanann an siúl, an rothaíocht agus úsáid iompair phoiblí a éascú agus a chur chun cinn. Cuidíonn na tionscnaimh seo le brú tráchta a laghdú, stíleanna maireachtála níos sláintiúla a chur chun cinn agus rochtain ar shaoráidí a chur ar fáil dóibh siúd nach bhfuil tiomáint ná teacht ar mhodhanna iompair dá gcuid féin acu.

Ar na tionscadail a fuair maoiniú ón Údarás Náisiúnta Iompair in 2017 bhí:

- Rotharbhealach ón Inbhear Mór go Síol Éalaigh (pleanáil a thabhairt chun críche)
- Rotharbhealach Bóthar na Trá, Bré
- Acomhal DART Bhré
- Cearnóg Mhic Liam, Baile Chill Mhantáin – (dearadh a thabhairt chun críche)
- Bealach rochtana chalafoirt Bhaile Chill Mhantáin go dtí bealach isteach na gcoisithe chuig an stáisiún
- An tInbhear Mór – feabhas ar áiseanna do choisithe ar Shráid an Droichid/an tSráid Mhór
- Soláthar dhroichead coisithe do Scoil San Labhrás
- Feabhsúcháin ar Aonad Cláraithe Feithiclí Bhealach Conglais ar an N81
- Síneadh bhóthar na Trá chuig ceantar an chalafoirt, scoileanna agus an uisceadán, Bré
- Rotharbhealach Bhóthar Bóthar na Mara

Tuarascáil Bhliantúil 2017



Ar na tionscadail a fuair maoiniú ón Údarás Náisiúnta Iompair do 2018 bhí:

- Rotharbhealach ón Inbhear Mór go Síol Éalaigh
- Rotharbhealach Bhóthar na Trá
- Acomhal DART Bhré
- Bealach rochtana chalafort Bhaile Chill Mhantáin go dtí bealach isteach na gcoisithe chuig an stáisiún
- Acomhal Bhóthar Chill Easpaig Sáráin – Bóthar an Teampaill agus oibreacha gaolmhara ar Bhóthar Chill Easpaig Sáráin
- Scéim Rothaíochta Bhóthar Vevay
- Soláthar dhroichead coisithe do Scoil San Labhrás
- Feabhsúcháin ar Aonad Cláraithe Feithiclí Bhealach Conglais ar an N81
- Rochtain ar Scoileanna ar Iompar Poiblí
- Bainistiú Tráchta ITS Bhóthar Bhaile Átha Cliath, Bré
- Droichead Bhré: droichid choisithe agus nithe gaolmhara

Cothabháil agus Bainistiú Páirceála

Tá páirceáil íoctha i bhfeidhm i mBré, sna Clocha Liatha, san Inbhear Mór agus i mBaile Chill Mhantáin. Ghlac comhaltaí Chomhairle Contae Chill Mhantáin le Fodhlíthe Páirceála Chomhairle Contae Chill Mhantáin 2017 ag cruinniú a tionóladh an 12 Meitheamh 2017 agus tháinig siad i bhfeidhm Dé Luain an 28 Lúnasa 2017.

Fodhlíthe Speisialta Luasteorann

Rinneadh an t-athbhreithniú ar luasteorainneacha ar fud an chontae ar cuireadh tús leis i mí Eanáir 2016 de réir na dtreoiríní a d'eisigh an Roinn Iompair, Turasóireacht agus Spóirt maidir le cur i bhfeidhm luasteorainneacha in Éirinn.

San áireamh sa phróiseas bhí réamhchomhairliúchán fairsing le Bonneagar Iompair Éireann, An Garda Síochána, údarais áitiúla agus comhairlí ceantair. I ndiaidh an phróisis sin, fógraíodh na dréacht fodhlíthe le haghaidh comhairliúcháin phoiblí.

Breithníodh na haighneachtaí a fuarthas agus cuireadh tuarascáil faoi bhráid gach ceann de na Comhairlí Cheantair Bhardasaigh. I ndiaidh na gcrúinnithe sin cuireadh an dréacht dheiridh de na Fodhlíthe Speisialta Luasteorainneacha faoi bhráid chomhaltaí Chomhairle Contae Chill Mhantáin ag cruinniú an 2 Deireadh Fómhair Ceadaíodh na Fodhlíthe Speisialta Luasteorainneacha nua agus glacadh leo.

Chuaigh Fodhlíthe Speisialta Luasteorainneacha Chontae Chill Mhantáin do Thrácht ar Bhóithre 2017 i bhfeidhm Dé hAoine an 1 Nollaig 2017.

Idirchaidreamh le Soláthróirí Iompair

Agus feabhas a chur ar an tseirbhís iompair phoiblí do Chontae Chill Mhantáin mar phríomhchuspóir ag Comhairle Contae Chill Mhantáin, leanadh leis an idirchaidreamh le Soláthróirí Seirbhíse Iompair Phoiblí le linn 2017.

Rochtain do Dhaoine faoi Mhíchumas

leanfaidh an Stiúrthóireacht iompair agus bonneagair bóithre de bheith ar an eolas is déanaí faoi threoiríní an Údarais náisiúnta Míchumais sa chaoi go gcuirfear caighdeán chomhlíontacha dearaidh i bhfeidhm agus go mbainfear amach an t-ardchaighdeán a chinnteoidh go mbeidh 'rochtain ag cách'.

Sláinte agus Sábháilteacht

Tá an Stiúrthóireacht iompair agus bonneagair bóithre tiomanta a chinntiú go gcloífear le prionsabail na Sábháilteachta, na Sláinte agus Leas an duine san áit oibre. Chuige sin tá pleananna agus beartais arna bhforbairt agus á nuashonrú i gcónaí chun ár gcuid nósanna

Tuarascáil Bhliantúil 2017



imeachta sláinte agus sábháilteachta a fheabhsú. Cuirtear mórchláir oiliúna ar fáil don fhoireann ar bhonn leanúnach lena chinntiú go mbíonn siad ag cloí leis na rialacháin tógála agus sábháilteachta. Déantar athbhreithniú agus nuashonrú ar na ráitis Sábháilteachta go rialta. gabhann costais bhreise le tionscadail áirithe de bharr chur i bhfeidhm na ndea-chleachtas sláinte agus sábháilteachta sin, ach tá an Chomhairle tiomanta ina dhiaidh sin agus uile do shláinte agus do shábháilteacht a cuid fostaithe.

Measúnú ar Riachtanais M11/N11

Rinne Bonneagar Iompair Éireann Measúnú ar Riachtanais chonair an M11/N11 in 2017. Cuireadh tús leis an staidéar chun measúnú a dhéanamh ar riachtanais chonair an Bhóthair Náisiúnta M11/N11 idir Acomhal 4 (M50/M11) agus Acomhal 14 (Coyne's Cross).

Droichid Mheáite

Bhí an seandhroichead meáite ag Baile an Chinnéidigh as coimisiún le roinnt blianta. Tugadh comhaontú chun críche chun an áis sin a chur ag obair arís i gcomhar le forbairt phríobháideach in aice láimhe.

Aimsir Gheimhridh

Tháinig Grúpa Comhordaithe Drochaimsire na Comhairle le chéile chun na dálaí aimsire le linn Stoirm Ophelia a mheas agus chun machnamh a dhéanamh ar fhreagairt na ngníomhaireachtaí ábhartha ar Stoirm Ophelia a athbhreithniú. Thug foireann na Comhairle freagairt ar an nglantachán agus ar na hoibreacha a raibh gá láithreach leo a bhain leis an stoirm.

Bearta chun Costais a Laghdú:

Ídiú Fuinnimh

De réir Ionstraim Reachtúil 542 de 2009 agus Ionstraim Reachtúil 426 de 2014, ceanglaítear ar gach Comhlacht Poiblí tuairisc a thabhairt ar a n-ídiú fuinnimh agus ar a bhfeidhmíocht ar bhonn bliantúil. An ceanglas náisiúnta, laghdú 33% ar an ídiú fuinnimh san earnáil phoiblí a bhaint amach faoi 2016, nó 3% in aghaidh na bliana ina dhiaidh sin.

Bearta Spárála Fuinnimh 2017

- Uasghrádú ar na soilse poiblí go léir ag Áis Páirceála agus Taistil na gCloch Liatha críochnaithe. Spáráil Fuinnimh Mheasta: 40,000 Kwh in aghaidh na bliana.
- Socraíodh suiteáil 105 laindéar LED ar Dhébhealach Acra na mBodach/Fearann Cheallaigh. Spáráil Fuinnimh Mheasta: 65,794 Kwh in aghaidh na bliana. Táthar ag súil go suiteálfar LEDanna i mí Eanáir/Feabhra 2018.
- Socraíodh suiteáil 84 laindéar LED ar Bhóthar Chros an Deiscirt, Bré. Spáráil Fuinnimh Mheasta: 36,200 Kwh in aghaidh na bliana. Táthar ag súil go suiteálfar LEDanna in 2018.

Bearta Spárála Fuinnimh Beartaithe 2018

- Tá 1000 laindéar LED ceannaithe agus tugtha chun láithreáin. Tá obair ar bun chun laindéir SOX a athsholáthar ag áiteanna éagsúla agus ba cheart go mbeadh na laindéir LED go léir suiteáilte faoi dheireadh mhí an Mheithimh 2018. Spáráil Fuinnimh Mheasta: 210,000 Kwh in aghaidh na bliana.
- Athsholáthar colún agus laindéar ag Glenair Manor, na Clocha Liatha (32 aonad le 16 LED). Spáráil Fuinnimh Mheasta: 9,600Kwh in aghaidh na bliana. Oibreacha le críochnú faoi dheireadh mhí an Mheithimh 2018.
- Athsholáthar colún agus laindéar ag Carrig Glen (4 aonad le 7 LED). Spáráil Fuinnimh Mheasta: 740Kwh in aghaidh

Tuarascáil Bhliantúil 2017



na bliana. Faoi réir ag maoiniú bheith ar fáil.

- Tionscadal Dhébhealach Acra na mBodach/Fhearann Cheallaigh (Céim 2). Spáráil Fuinnimh Mheasta: 126,750Kwh in aghaidh na bliana. Faoi réir ag maoiniú bheith ar fáil.
- Athsholáthar colún agus laindéar ag Bealach Conglais (N81). Spáráil Fuinnimh Mheasta: 14,500Kwh in aghaidh na bliana. Iarratas déanta ar Bhonneagar Iompair Éireann agus é faoi réir ag maoiniú bheith ar fáil.

5-6 17%

7-8 53%

9-10 28%

(b) Rátáil na bPríomhbhóithre Áitiúla

1-4 9%

5-6 25%

7-8 48%

9-10 18%

Táscairí Feidhmíochta 2017 – Comhairle Contae Chill Mhantáin

R1: Rátálacha san Inneacs ar Riocht Dromchla Pábhála (PSCI)

- A. (a) Suirbhé déanta ar 98.7% de na Bóithre Réigiúnacha
 (b) Suirbhé déanta ar 99% de na Príomhbhóithre Áitiúla
 (c) Suirbhé déanta ar 97.7% de na Bóithre Áitiúla den Dara Grád
 (d) Suirbhé déanta ar 68.8% de na Bóithre Áitiúla den Tríú Grád
- B. Rátáil PSCI faighte ag 93.8% de na Bóithre Réigiúnacha i rith 2017.

(c) Rátáil na mBóithre Áitiúla den Dara Grád

1-4 10%

5-6 24%

7-8 50%

9-10 16%

(d) Rátáil na mBóithre Áitiúla den Tríú Grád

1-4 13%

5-6 18%

7-8 47%

9-10 23%

C. (a) Rátáil na mBóithre Réigiúnacha

1-4 3%

R2: Oibreacha Deontais ar Bhóithre Réigiúnacha

A) Fad na mBóithre Réigiúnacha a Neartaíodh	14.84 km
---	----------

Tuarascáil Bhliantúil 2017



Méid an Deontais um Fheabhsú Bóithre	€1,060,565
B) Fad na mBóithre Réigiúnacha a Athshéalaíodh	14.76 km
Méid an Deontais um Fheabhsú Bóithre	€276,605
C) Fad na mBóithre Réigiúnacha a Neartaíodh	37.14 km
Méid an Deontais um Fheabhsú Bóithre	€2,405,732
D) Fad na mBóithre Réigiúnacha a Athshéalaíodh	56.85 km
Méid an Deontais um Fheabhsú Bóithre	€676,218



Stiúirtheacht Seirbhísí Uisce, Fuíolluisce agus Comhshaoil Cuspóir

"Saoráidí uisce óil agus fuíolluisce a sholáthar agus a chothabháil chun freastal ar an éileamh anois agus amach anseo, de réir phrionsabail na forbartha inbhuanaithe"

Timpeallacht nádúrtha Chontae Chill Mhantáin a chosaint agus a fheabhsú de réir phrionsabail fhorbartha inbhuanaithe agus cothroime, i gcomhar le hearnálacha uile an phobail, i gcomhar le gach cuid den phobal, de réir bheartais agus chláir náisiúnta agus AE.

Réamhrá

Déileálann rannóg Seirbhísí Uisce agus Fuíolluisce Chomhairle Contae Chill Mhantáin le réimse leathan ábhar atá dúshlánach go maith ó thaobh cúrsaí foirne agus airgeadais de. Orthu sin tá:

- C01 Oibriú agus Cothabháil an tSoláthair Uisce
- C02 Oibriú agus Cothabháil an Chórais Cóireála Fuíolluisce
- C03 Bailiú Táillí Uisce agus Fuíolluisce
- C04 Oibriú agus Cothabháil Leithreas Poiblí
- C05 Riarachán Suiteálacha Grúpa agus Príobháideacha
- C06 Tacú leis an gClár Caipitil Uisce
- C07 Seirbhísí Gníomhaireachta agus Forchúitimh
- E01 Oibriú, Cothabháil agus Iarchúram ar Láithreáin Líonta Talún
- E02 Oibriú agus Cothabháil shaoráidí Aisghabhála agus Athchúrsála
- E03 Oibriú agus Cothabháil shaoráidí dramhaíola go Fuinneamh
- E04 Soláthar Seirbhísí Bailiúcháin Dramhaíola
- E05 Bainistiú Bruscair
- E06 Glantachán Sráideanna
- E07 Rialacháin Dramhaíola; Monatóireacht agus Forfheidhmiú
- E08 Pleanáil Bhainistiú Dramhaíola
- E09 Cothabháil Reiligí
- E10 Sábháilteacht Struchtúr agus Suíomhanna
- E11 Oibriú na Seirbhíse Dóiteáin
- E12 Cosc Dóiteáin
- E 13 Cáilíocht agus Truailliú Uisce, Aeir agus Torainn
- F03 Oibriú Suíomhanna Fóillíochta Faoin Aer
- G02 Oibriú agus Cothabháil Chuanta agus Chalafóirt
- G03 Cosaint an Chósta agus Oibreacha Maolaithe ar Thuilte
- G04 Seirbhísí Tréidliachta
- H07 Oibriú Trádála Margaidh agus Corrthrádála

An Coiste um Beartas Straitéiseach

Tá cúigear Comhairleoirí Contae agus ceathrar ionadaithe ó ghrúpaí sainleasa earnála ina gcomhaltaí den Choiste um Beartas Straitéiseach Sheirbhísí Iompair, Uisce agus Comhshaoil. Tionóllann an Coiste beartais Straitéisigh cruinnithe rialta i gcaitheamh na bliana ina bpléitear saincheisteanna éagsúla beartais.

Cathaoirleach

An Comhairleoir Pat Doran

Tuarascáil Bhliantúil 2017



Comhairle Contae Chill Mhantáin

An Comhairleoir Daire Nolan
An Comhairleoir Mary McDonald
An Comhairleoir Pat Fitzgerald
An Comhairleoir Derek Mitchell

Gníomhaireachtaí Seachtracha Ceardchumann

Christy Byrne, SIPTU

Comhshaol/Caomhnú

Paul Leahy

An Pobal Talmhaíochta/Feirmeoireachta

Shane O'Loughlin

Forbairt/Foirgníocht

Paddy Mordaunt

Stiúrthóir Seirbhísí

Sean Quirke
Bonneagar Iompair agus Bóithre

Michael Geaney (A)
Seirbhísí Uisce agus Comhshaoil

Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach

Helena Dennehy

Innealtóir Sinsearach

Marc Devereux

Tionóladh trí chruinniú den Choiste um Beartas Straitéiseach in 2017.

Pléadh na réimsí beartais seo a leanas, lena n-áiríodh athbhreithniú ar an obair a rinne an Coiste um Beartas Straitéiseach a bhí ann roimhe:

- Iarnród Éireann – Tuairisc Chun Dáta ar Chláir Ama Leasaithe
- Forléargas agus Tuairisc Chun Dáta ar an mBeartas Reiligi
- Tionscadal Soláthair Uisce – Réigiún an Oirthir agus Lár-Tíre – Aighneacht chuig Uisce Éireann
- Tuairisc Chun Dáta ar Oibríochtaí Saincheadúnais – Carrchlóis phoiblí an Bhriotáis agus Ghleann Dá Loch.

- Athbhreithniú ar an Luasteorainn Náisiúnta
- Tionscadal Soláthair Uisce – Réigiún an Oirthir agus Lár-Tíre – Aighneacht chuig Uisce Éireann
- An tÚdarás Náisiúnta Iompair – Tuairisc Chun Dáta ar Straitéis Iompair Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath 2016-2035 – Tuairisc Chun Dáta
- Tabhairt Isteach Bhailiú Dramhaíola a Íoctar de réir Meáchain
- Feasacht Fuinnimh agus Athrú Aeráide
- Pleananna Tuilte CFRAM
- An Ciste Bonneagair Áitiúil um Sheachadadh Tithíochta a Ghníomhachtú (LIHAF)
- Staidéar ar Chonair an M11-N11 TEN-T
- An tÚdarás Náisiúnta Iompair – Straitéis Iompair do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath 2016-2035
- Pleananna Bliantúla Soláthair Seirbhíse

Seirbhísí Uisce agus Fuíolluisce

An 1 Eanáir 2014, ghlac Uisce Éireann freagracht as saoráidí uisce agus fuíolluisce a sholáthar agus a chothabháil ar fud na tíre. Rinne Comhairle Contae Chill Mhantáin comhaontú seirbhíse chun feidhmeanna eolais maidir le seirbhísí uisce a chur ar fáil do Uisce Éireann, rud a shainmhíneann agus a thugann creat le haghaidh comhchaidreamh agus soláthar na seirbhíse sin thar thréimhse 12 bhliain.

Tuarascáil Bhliantúil 2017



Tá Uisce Éireann freagrach as an réimsí seo a leanas:

- C01 Oibriú agus Cothabháil an tSoláthair Uisce
- C02 Oibriú agus Cothabháil an Chórais Cóireála Fuíolluisce
- Beidh Cáilíocht Uisce agus Fuíolluisce, ar ghné roimhe seo iad den rialú ar Thruailliú agus a Fhorfheidhmiú, faoi chuimsiú C01 agus C02 anois
- C03 Bailiú Táillí Uisce agus Fuíolluisce
- C06 Tacú leis an gClár Caipitil Uisce
- C07 Seirbhísí Gníomhaireachta agus Forchúitimh

Leanfaidh Comhairle Contae Chill Mhantáin de bheith freagrach as na réimsí seo a leanas:

- C04 Oibriú agus Cothabháil Leithreas Poiblí
- C05 Riarachán Suiteálacha Grúpa agus Príobháideacha.

Oibriú agus Cothabháil an tSoláthair Uisce

Oibriú agus Cothabháil an Chórais Cóireála Fuíolluisce

Is iad Príomhdhualgais Rannóg Oibríthe agus Cothabhála Sheirbhísí Uisce:

- Saoráidí soláthair uisce agus cóireála fuíolluisce a oibriú agus a chothabháil ar ardchaighdeán agus na seirbhísí ardchaighdeán sin a chur ar fáil fós féin i gContae Chill Mhantáin in éineacht le cuspóirí agus riachtanais an Chomhaontaithe Seirbhíse agus an Phlean Bhliantúil Seirbhíse a bhaint amach i gcomhar le hUisce Éireann
- A chinntiú go gcoinneoidh scéimeanna poiblí uisce agus fuíolluisce ag feidhmiú go héifeachtach agus go héifeachtúil
- Luach an uisce óil a chur chun cinn trí chláir feasachta poiblí agus leanúint den Scéim Caomhnaithe Uisce a chur i bhfeidhm

Cáilíocht Uisce agus Fuíolluisce – Rialú ar Thruailliú agus a Fhorfheidhmiú

Thar ceann Uisce Éireann, leanann Comhairle Contae Chill Mhantáin de bheith ag rialú agus ag déanamh monatóireachta ar thruailliú uisce agus fuíolluisce i gcomhréir leis an reachtaíocht agus le rialacháin AE.

Bailiú Táillí Uisce agus Fuíolluisce

De réir bheartas praghsála na seirbhísí náisiúnta uisce, is gá táillí uisce agus fuíolluisce a ghearradh ar gach custaiméir tráchtála ar bhonn úsáide méadraithe.

Ó 2017, ghlac Uisce Éireann freagracht as gach custaiméir tráchtála uisce a bhilleáil.

Leanann Comhairle Contae Chill Mhantáin de mhéadair a léamh agus a chothabháil thar ceann Uisce Éireann maidir le húsáid tráchtála.

Tacú leis an gClár Caipitil Uisce

An Plean Straitéiseach Seirbhísí Uisce (WSSP)
Faoi Alt 33 den acht um Sheirbhísí Uisce (Uimh. 2), ní mór d'Uisce Éireann Plean Straitéiseach Seirbhísí Uisce a ullmhú ina leagfar amach cuspóirí Uisce Éireann maidir le seirbhísí uisce a sholáthar amach go dtí 2040.

Leagtar amach sa Phlean Straitéiseach Seirbhísí Uisce (WSSP) na straitéisí is gá dúinn mar thír a chur i bhfeidhm sa ghearrthréimhse, sa mheántréimhse agus san fhadtréimhse chun a chinntiú go mbeidh uisce sábháilte ann le hól, go gcosnófar an comhshaol ar an drochthionchar a imríonn sceitheadh fuíolluisce air agus go mbeidh córais nua-aimseartha éifeachtúla ann a fhreastalaíonn ar riachtanais chustaiméirí, a chuireann le fás agus forbairt gheilleagrach agus a thugann luach ar airgead. Pléann an cháipéis leis na sé phríomhthéama seo a leanas: seirbhís do chustaiméirí, uisce óil glan sábháilte, cóireáil éifeachtach ar fhuíolluisce, comhshaol inbhuanaithe, tacú le fás geilleagrach agus

Tuarascáil Bhliantúil 2017

infheistíocht le haghaidh na todhchaí. is féidir tuilleadh sonraí a fháil ag www.water.ie



leanann Comhairle Contae Chill Mhantáin uirthi ag tacú leis an réimse gníomhaíochta sin.

Seirbhísí Gníomhaireachta agus Forchúitimh

Coinnítear cuntas sa réimse seo ar na ceangail leis an líonra poiblí uisce agus séarachais. Déanfaidh Uisce Éireann athbhreithniú ar iarratais ar cheangail go luath sa chéim pleanála.

Oibriú agus Cothabháil Leithreas Poiblí

áirítear leis seo oibriú leithreas poiblí in áth na Sceire, sna Clocha Liatha, sa Tóchar, i ngleann Dá Loch agus i mBaile Coimín. Cuimsíonn sin trí cinn de shaoráidí uathoibríthe. Tá Comhairle Contae Chill Mhantáin freagrach as an réimse seo i gcónaí.



AN TSEIRBHÍS DÓITEÁIN AGUS PLEANÁIL ÉIGEANDÁLA

Pleanáil Mhóréigeandála

Tá Comhairle Contae Chill Mhantáin mar chuid den Réigiún Thoir um Pleanáil Éigeandála mar aon le hÚdaráis Áitiúla Bhaile Átha Cliath agus Chill Dara. Oibríonn Meitheal Réigiúnach le hionadaithe ó Údaráis Áitiúla an réigiúin, ón nGarda Síochána agus ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte sa Réigiún Thoir chun Pleanáil Éigeandála an Réigiúin a chomhordú.

Tá Coiste Bainistithe Mórigeandála ar bun i gComhairle Contae Chill Mhantáin ar a bhfuil bail foirne sinsearachas as rannáin uile Chomhairle Contae Chill Mhantáin agus as na Ceantair Bhardasacha. Tionóladh cruinnithe rialta in 2017 agus tá an coiste ag leanúint air ag díriú ar athbhreithniú leanúnach ar Phleanáil Mhóréigeandála mar aon le hoiliúint chúig a sholáthar i ngnéithe éagsúla den phleanáil sin.

Go sonrach, rinneadh athbhreithniú agus nuashonrú ar an bPlean Mórigeandála don chontae i rith 2017.

I measc na réimsí eile de ghníomhaíocht na Seirbhíse Dóiteáin a ndearnadh dul chun cinn orthu in 2017 bhí:

- Cigireachtaí agus forfheidhmiú de réir na nAchtanna Seirbhíse Dóiteáin 1981 agus 2003
- Measúnachtaí ar Dheimhnithe Sábháilteachta ó Dhóiteáin agus ar Theastais Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas de réir na Rialachán Rialaithe Foirgníochta 1997 go 2009.
- Sábháilteacht an Phobail ó Dhóiteáin.

Tuarascáil Bhliantúil 2017



- Oiliúint do Phearsanra na Seirbhíse Dóiteáin.

Chomh maith leis na réimsí inniúlachta riachtanacha a chothabháil agus an t-eolas agus na scileanna riachtanacha a thabhairt d'iontrálaithe nua, tugadh isteach na réimsí oiliúna nua seo:

- Freagairt do Theagmhais “Ábhar Guaiseach”
- Oiliúint i bhfreagairt do thuilte
- Oiliúint ar ardán hiodrálach le haghaidh tarrthála ó airde

Seirbhísí Saotharlainne agus Rialú ar Thruailliú

Tá an fhoireann seirbhísí saotharlainne agus truaillithe gníomhach i raon réimsí chun cáilíocht ár n-acmhainní uisce agus comhshaoil i gContae Chill Mhantáin a chur chun cinn, a chosaint agus a fheabhsú. Tá an plean foirne agus RMCEI (Critéir Íosta Inmholta um Chigireacht Comhshaoil) mar bhunús do thosaíocht a thabhairt do na gníomhaíochtaí oibre amhail monatóireacht, gearáin a fhiosrú, measúnú agus forfheidhmiú, faoi threoir ag plean na roinne don rannóg seirbhísí uisce agus comhshaoil.

Sceitheadh Ceadúnaithe le hUiscí

Rinneadh measúnú agus tuairisciú ar 3 iarratas maidir le sceitheadh in 2017.

Rinneadh anailís ar 242 shampla de sceitheadh ceadúnaithe le huisce in 2017.

Chloígh 23 le ceadúnais sceite in 2017.

Níor chloígh 30 úinéir le ceadúnais sceite in 2017 agus b'éigean dóibh tabhairt faoi imscrúduithe agus feabhsúcháin.

Tuaslagóirí

Rinneadh measúnú agus tuairisciú ar 6 iarratas ar dheimhniú le haghaidh suiteálacha tirimghlantóra in 2017.

Rinneadh measúnú agus tuairisciú ar 14 iarratas ar dheimhniú le haghaidh suiteálacha bailchríochnaitheora feithiclí in 2017.

Dabhcha Séarachais

Tugadh faoi 26 chigireacht ar dhabhcha séarachais in 2017.

Bhí 4 dhabhach shéarachais neamh-chomhlíontach in 2017 agus b'éigean dóibh tabhairt faoi imscrúduithe agus feabhsúcháin.

Uiscí Snámha

Tógadh 60 sampla as uiscí a aithnítear mar uiscí snámha in 2017, ina measc 4 thrá faoi Brait Ghorma in 2017.

Tógadh 46 shampla as uiscí farraige eile a úsáidtear le haghaidh snámha in 2017.

Eisíodh 3 fhógra coisc um uisce snámha chun sláinte snámhóirí a chosaint in 2017.

Soláthar Príobháideach Uisce

Ina cháil mar údarás maoirseachta ar sholáthar príobháideach uisce a fhreastalaíonn ar ghníomhaíocht phoiblí nó tráchtála nó ar dhaonra de 50 nó níos mó, rinneadh monatóireacht ar 142 sholáthar príobháideach uisce rialáilte in 2017.

Bailíodh 267 sampla chun anailís a dhéanamh orthu in 2017.

Bhí 97.4 % de na samplaí comhlíontach maidir le e.coli.

Tuarascáil Bhliantúil 2017



Bhí 97.7 % de na samplaí comhlíontach maidir le enterococci.

Bhí 88.6 % de na samplaí comhlíontach maidir le baictéir cholaíocha.

Bhí 70.8 % de na samplaí comhlíontach maidir le pH.

Bhí 100 % de na samplaí comhlíontach maidir le níotráit (135 sampla).

Eisíodh 8 bhfógra fiuchta uisce chuig soláthairtí príobháideacha uisce in 2017.

Eisíodh 1 threoir feabhsúcháin chuig soláthar príobháideach uisce in 2017.

Cuireadh deireadh le 21 fhógra fiuchta uisce ó sholáthairtí príobháideacha uisce in 2017.

Shuiteáil 19 soláthróir uisce saoráidí cóireála/dífhabhtaithe chun feabhas a chur ar a soláthairtí príobháideacha uisce in 2017.

Cheangail 3 sholáthróir uisce le príomhphíopaí poiblí chun feabhas a chur ar a soláthairtí príobháideacha uisce in 2017.

An Chreat-treoir Uisce

Bhí príomhról ag an bhfoireann maidir le bunús eolaíoch a sholáthar chun abhantrach a roghnú i gContae Chill Mhantáin lena fheabhsú faoin bplean náisiúnta bainistithe abhantrach i gcomhar leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil nó le comhlachtaí poiblí agus páirtithe leasmhara eile.

An Clár Náisiúnta Monatóireachta

Tógadh 636 shampla as aibhneacha chun anailís a dhéanamh orthu in 2017.

Tógadh 488 sampla as locha chun anailís a dhéanamh orthu in 2017.

Pleanáil agus Forbairt

Cuireadh 137 dtuarascáil chomhshaoil ar fáil don rannóg pleanála agus forbartha chun cabhrú leo cinneadh a dhéanamh ar na hiarratais phleanála a fuarthas.

An Fhoireann Forfheidhmiúcháin Dramhaíola

Tá an Fhoireann Forfheidhmiúcháin Dramhaíola tiomanta don reachtaíocht bainistíochta dramhaíola a fhorfheidhmiú agus is mór a luach don chontae.

Pléann an Fhoireann le gearáin faoi chúrsaí dramhaíola, bruscair agus loiscthe. Fuarthas 2,497 ngearán i rith 2017. D'éirigh leis an bhfoireann go leor daoine a ionchúiseamh faoin Acht um Bainistiú Dramhaíola, 1996 agus faoin Acht um Thruailliú ó Bhruscar, 1997.

Bruscar

- Eisíodh 262 Fhíneáil Bhruscair as sárúithe éagsúla ar an Acht um Thruailliú ó Bhruscar, 1997 e.g. bruscar a chaitheamh, comharthaíocht neamhdhleathach, salú ag madraí, etc. Cuireadh 7 gComhad um Fhíneálacha Bruscair chun na Cúirte.
- Eisíodh 115 Litir Rabhaidh chuig daoine a sháraigh an tAcht um Thruailliú ó Bhruscar, 1997 e.g. ábhar a fhágáil ag ionad athchúrsála tráth a raibh na hionaid dúnta, athchúrsáil mhícheart ag an Ionad Athchúrsála, málaí scipe a bhí lán agus/nó ag cur thar maoil a fhágáil timpeall ar mhaoin duine ar feadh tréimhse fhada ama, etc.

Bainistiú Dramhaíola

- Osclaíodh 113 Chomhad um Bhainistiú Dramhaíola maidir le sárúithe éagsúla ar an Acht um Bainistiú Dramhaíola, e.g. dumpáil neamhdhleathach, dramhaíl a

Tuarascáil Bhliantúil 2017



dhó nó a stóráil go neamhdhleathach, etc. Cuireadh 35 Chomhad um Bainistiú Dramhaíola chun na Cúirte.

- Eisíodh 23 Ordachán faoi Alt 14 chuig daoine ar theip orthu a maoin a choinneáil saor ó dhramhaíl.
- Eisíodh 114 Fhógra maidir le Feithiclí Tréigthe.
- Próiseáladh 91 Iarratas ar Loscadh.

PURE (Cosaint Ardtailte agus Timpeallachtaí Tuaithe)

Is tionscadal comhshaoil é PURE (Cosaint Ardtailte agus Timpeallachtaí Tuaithe) a seoladh i mí Mheán Fómhair 2006 chun an méadú ar dhumpáil/dhiúscairt mhídhleathach in ardtailte Chill Mhantáin agus Bhaile Átha Cliath a chomhrac. Cuireadh síneadh go dí 2019 ar an Tionscadal.

Saoráidí Athchúrsála

In 2017, glacadh na méideanna seo a leanas d'ábhair athchúrsála ag na 5 Ionad Athchúrsála:-

An tInbhear Mór	959 tonna
Abhóca	436 tonna
Bré	1,590 tonna
Cill Mhantáin	567 tonna
An Rampar	340 tonna

Ina theannta sin, tá 43 bhanc buidéal lonnaithe ar fud an Chontae ina mbailítear Gloine, Cannaí Dí agus Cannaí Bia. 1,807 tonna a bhí sa mheáchan iomlán ábhar a bailíodh ag na bainc bhuidéal in 2017.

Bailíodh 5,699 tonna ábhair ar fad ag na hIonaid Athchúrsála agus na Bainc Bhuidéal in 2017.

Seirbhísí Tréidliachta

Sábháilteacht Bia

Mar ghníomhaire oifigiúil d'Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann (FSAI), déanann Comhairle Contae Chill Mhantáin cuireann Comhairle Contae Chill Mhantáin seirbhísí rialaithe bia ar fáil le haghaidh seamlas ísealacmhainne, áitreabh feola, fuarstóras agus feithiclí seachadta feola. Déanann Cigirí Tréidliachta na Comhairle cigireachtaí ar mhinicíocht rioscabhunaithe. Cuireadh tús le Comhaontú Seirbhíse nua i lár 2016 ar feadh 3 bliana.

Rialú Madraí

Cuireann an ISPCA seirbhís rialaithe madraí ar fáil ar son Chomhairle Contae Chill Mhantáin. Tá beirt mhaor madraí agus cúntóir conchró amháin fostaithe chun an tseirbhís sin a oibriú, rud atá lonnaithe sa phóna madraí i ráth Droma. Chun líon na gcoileán gan éileamh a laghdú, tá scéim neodraithe faoi fhóirdheontas ann do mhadraí ón bpóna a bhfaightear úinéirí nua dóibh agus do phóraitheoirí is cúis faidhbe don phobal iad. Cuirtear micrishlis i madraí a bhfaightear úinéirí nua dóibh chun críche aitheantais amach anseo.

An Chosaint Shibhialta

le breis is leathchéad bliain anuas tá an tSeirbhís Cosanta Sibhialta ag obair tríd an údarás áitiúil agus na seirbhísí éigeandála chun tacaíocht a sholáthar ar fud an Chontae. Tá idir thacaíocht oibriúcháin agus thacaíocht phobal-bhunaithe i gceist leis sin a théann chun tairbhe phobal Chontae Chill Mhantáin ar fad.

Réimsí Chosaint Shibhialta a ndearnadh dul chun cinn orthu in 2017

- Oiliúint bhunúsach d'oibrithe deonacha.
- Oiliúint do theagascóirí nua.
- Uas-sciliú do Theagascóirí Reatha.

Tuarascáil Bhliantúil 2017



- Imeachtaí/oibríochtaí pobail.
- Uasghrádú ar fheithiclí agus trealamh.
- An trealamh chun freagairt a thabhairt ar thuile a mhéadú
- Earcaíocht clár.
- Oiliúint ionduchtúcháin do chomhaltaí nua.
- Freagairt ar thuile agus ar dhrochaimsir.
- Cuardach agus tarrtháil i leith daoine ar iarraidh.



Imeachtaí/Oibríochtaí Pobail

Bhí bliain thar a bheith gnóthach ag Cosaint Shibhialta Chontae Chill Mhantáin. Leanadh leis an oiliúint ar fud an chontae agus ghlac pearsanra na Chosanta Sibhialta páirt i nGníomhaíochtaí Oibríúcháin agus i gCleachtaí Oiliúna. Bhí siad sin i gcomhréir le ráiteas misin iomláin an Údaráis áitiúil, is é sin “cáilíocht bheatha mhuintir agus phobail Chontae Chill Mhantáin a fheabhsú.”

Earcaíocht agus Oiliúint Ionduchtúcháin.

D'éirigh leis an glár earcaíochta go luath in 2017 agus earcaíodh ceathrar chomhaltaí nua chuig aonad Bhealach Conglais. Clár dianoilúna deich seachtaine atá ann ina ndéanann na hoibrithe deonacha cúrsaí sa láimhsiú sábháilte, sa Chéad-Fhreagairt Chairdiach agus i mBunscileanna Raidió. Cuirfidh na hoibrithe deonacha seo leis an gcomhaltacht ar fud an Chontae.

Uasghrádú Trealamh agus Feithiclí

Cuireadh feithicil freagartha cuardaigh leis an bhflít i rith 2017 .

Leis an bhfeithicil sin agus le trealamh cuardaigh nua, cuirfear le cumas na Cosanta Sibhialta freagairt a thabhairt ar chuardaigh nuair a théann daoine ar iarraidh ar fud Chontae Chill Mhantáin. Cuireadh bád nua atá oiriúnach go sonrach do thuile leis an trealamh.

Comórtais Réigiúnacha/Náisiúnta

Ghlac foireann ó Chosaint Shibhialta Chill Mhantáin páirt i gcomórtas ildisciplíneach i Nás, Contae Chill Dara i mí an Mhárta 2017, in aghaidh fhoirne ó Bhaile Átha Cliath, ón Mí agus ón Iarmhí.

I measc na réimsí oiliúna a ndearnadh scrúdú orthu bhí Druil Choise, Garchabhair, Aslonnú, Cuardach, Cumarsáid Raidió, Léamh Mapaí agus Nearthú Foirne.

Bhain na hiomaitheoirí go léir caighdeán an-ard marcanna.

Calafort Chill Mhantáin

Tá fás leanúnach ag teacht ar ghníomhaíocht tráchtála an Chalafort. I rith 2017, chuaigh 123

Tuarascáil Bhliantúil 2017



soitheach tráchtála isteach sa Chalafort agus lastas éagsúil orthu, ina measc dramh-mhíotal, adhmaid agus cuilléid ghloine.

Faoin gClár Forbartha Bhoneagar Cósta agus Cuanta Iascaigh 2017, tugadh cúnamh deontais do thrí thionscadal le haghaidh oibreacha feabhsúcháin agus leasúcháin ar na ballaí ag na Céanna Thuaidh agus Theas. Is éard a bhí i gceist leis na hoibreacha sin

- Oibreacha neartaithe agus feabhsúcháin ag an bPíara Thoir,
- Oibreacha neartaithe agus feabhsúcháin ag na Céanna Thuaidh agus Theas
- Oibreacha profa agus draenála ag an gCé Thuaidh.



Tá clubanna éagsúla lonnaithe timpeall ar an gCalafort. Áirítear orthu siúd Snámhóirí Mara Chill Mhantáin, Club Seoltóireachta Chill Mhantáin, Club Slatiascaireachta Farraige Bhá Chill Mhantáin, Sábháilteacht Uisce Chill Mhantáin, Club Fo-uisce Chill Mhantáin, Club Rámhaíochta Chill Mhantáin, Gasóga Chill Mhantáin, Gasóga Mara Chill Mhantáin agus Trí-

atlan Chill Mhantáin. Tionóladh roinnt imeachtaí timpeall ar an gCuan, ar éirigh go maith leo agus ar fhreastal go leor daoine orthu, ina measc an Trí-altan *Harbourman*, Féile Bia Mara Chill Mhantáin agus Geallta Bád Chill Mhantáin.

Tá bád tarrthála uile-aimsire den aicme Tyne ag RNLi Chill Mhantáin agus bád tarrthála cladaigh den aicme D atá lonnaithe sa Chuan. In 2017, glaodh bád tarrthála Chill Mhantáin chun seirbhíse 23 huaire agus tarrtháladh 30 duine ó chósta Chill Mhantáin.

Cuan an Inbhir Mhóir

I mí an Mheithimh 2017, tugadh maoiniú deontais do thrí thionscadal faoi Chlár an Ghrúpa Áitiúil Gníomhaíochta Iascaigh 2016-2023. Beartaítear na tionscadail seo a leanas ag an gcuan-

- Saoráidí stórála d'iascairí
- Uasghrádú ar ardaitheoir d'iascairí agus oiliúint ina leith
- athchóiriú ar laindear na loinge solais "SKUA".

Cuirfear infheistíocht €253,750 ar fáil thar thréimhse trí bliana do na tionscadail sin agus déanfaidh Comhairle Contae Chill Mhantáin rannchuidiú €86,125 leis. Tá an cúnamh deontais comhdhéanta de cómhaoiniú comhionann idir AE agus an státchiste, arbh fhiú €177,625 ar fad é.

Reiligí

Tá 32 reilig faoi rialú na Comhairle á n-úsáid faoi láthair. Fostaíonn an Chomhairle cláraitheoirí páirtaimseartha chun uaigheanna a dhíol agus clár na n-adhlacthaí a choimeád.

Tuarascáil Bhliantúil 2017

i gcás go bhfuil móroibreacha cothabhála de dhíth a dteastaíonn innealra, etc. lena n-aghaidh, is í an Chomhairle a dhéanann iad i gcomhar le hinnealtóirí an cheantair..

Déantar monatóireacht leanúnach ar na reiligí go léir.

Uiscí Snámha

Tá sé uiscí snámha ainmnithe i gContae Chill Mhantáin. Lean an Chomhairle le monatóireacht a dhéanamh orthu sin agus ar limistéir eile a úsáidtear go coitianta in 2017. Taispeántar an stádas monatóireachta uisce ag tránna agus ar an suíomh idirlín 'Splash' fad an tséasúir, ón 1 Meitheamh go dtí an 15 Meán Fómhair gach bliain. bhí idir chaighdeán maith agus chaighdeán sármhaith uisce snámha sna 6 limistéar snámha aitheanta in 2017.

Brait Ghorma

Bronnadh Brat Gorm ar Thrá Bhré Beach in 2017.

Choinnigh Comhairle Contae Chill Mhantáin na Brait Ghorma eile in 2017 ag Cuan an Bhriotáis Theas, Cuan an Bhriotáis Thuaidh agus Trá na gCloch Liath Theas.



Pleanáil agus Forbairt

An Coiste um Beartas Straitéiseach

Cathaoirleach

An Comhairleoir Sylvester Bourke (2.5 bliain)
An Comhairleoir Vincent Blake (2.5 bliain)

Comhairle Contae Chill Mhantáin

An Comhairleoir Pat Vance
An Comhairleoir Edward Timmins
An Comhairleoir Christopher Fox
An Comhairleoir Tommy Cullen
An Comhairleoir Steven Matthews
An Comhairleoir Gerry O'Neill

Gníomhaireachtaí Seachtracha

Forbairt/Foirgníocht

Tony Lawlor

An Pobal Talmhaíochta/Feirmeoireachta

Michael Byrne

Comhshaol/Caomhnú

Joan Campbell

Gnó/Tráchtáil

Trevor Wood

Stiúrthóir Seirbhísí

Des O'Brien

Pleanálaí Sinsearach

Sorcha Walsh

Innealtóir Sinsearach

Fergal Keogh

Áirítear ar na Feidhmeanna:

- Plean Forbartha Contae agus Pleananna Ceantair Áitiúil a ullmhú.
- Monatóireacht ar éifeachtacht an Phlean Forbartha.
- Bainistiú Forbartha.
- Forfheidhmiúchán.
- Oidhreacht

Tuarascáil Bhliantúil 2017



Spríoc:

“Pleanáil chuí agus éifeachtach a chur ar fáil lena gcothromaítear an gá atá le forbairt inbhuanaithe, le cearta daoine aonair, le cosaint an chomhshaoil agus leis na riachtanais shóisialta agus eacnamaíocha de gach limistéar”.

Bainistiú Forbartha

Is é bainistiú forbartha an téarma ginearálta a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar na feidhmeanna a bhaineann le próiseáil na n-iarratas pleanála, suas go dtí agus lena n-áirítear aon achomharc chuig an mBord Pleanála. I rith 2017, bhí méadú ag teacht i gcónaí ar an líon iarratas a fuarthas.

Bliain

Líon na nIarratas

2003	1889
2004	2118
2005	2326
2006	2560
2007	2799
2008	2146
2009	1359
2010	1147
2011	976
2012	939
2013	987
2014	1285
2015	1361
2016	1465
2017	1544

is iad seo a leanas na tionscadail eile a dhéileáiltear leo sa réimse seo; réamhphleanáil, aighneachtaí tríú páirtí, comhlíonadh, achomhairc, ranníocaíochtaí forbartha a bhailiú, atreoraithe alt 5 agus eastáit a thógáil i gcúram.

FORBAIRT POBAIL, CULTÚIR AGUS SHÓISIALTA(CC&SD)

An Coiste um Beartas Straitéiseach

Cathaoirleach

An Comhairleoir Jim Ruttle

Comhairle Contae Chill Mhantáin

An Comhairleoir Gráinne McLoughlin

An Comhairleoir Nicola Lawless

An Comhairleoir Shay Cullen

An Comhairleoir Brendan Thornhill

An Comhairleoir Miriam Murphy

An Comhairleoir Pat Kennedy

Gníomhaireachtaí Seachtracha

Gnó/Tráchtáil

Irene Sweeney, Comhlachas Tráchtála

Líonra Rannpháirtíochta Pobail

Gertie Salley, PPN Cuimsiú Sóisialta

Líonra Rannpháirtíochta Pobail

John Mullen, PPN Pobail agus Deonach

Líonra Rannpháirtíochta Pobail

Ann Halpin, PPN Pobail agus Deonach

Stiúrthóir Seirbhísí

Michael Nicholson

Coistí um Fhorbairt Pobail Áitiúil (LCDC)

Foráiltear le hAlt 36 den Acht um Athchóiriú an Rialtais Áitiúil 2014 Coistí um Fhorbairt Pobail Áitiúil a bhunú. Bunaíodh an LCDC i gCill Mhantáin i mí na Bealtaine 2014 i ndiaidh don Údarás Áitiúil rún a rith. Is é cuspóir na gcoistí sin cur chuige comhtháite agus comhleanúnach ar fhorbairt áitiúil agus pobail a fhorbairt, a chomhordú agus a chur i bhfeidhm.

1.1 Feidhmeanna an LCDC

- a) An ghné phobail de Phlean Eacnamaíoch agus Pobail Áitiúil (LECP) 6 bliana a ullmhú.
- b) gnéithe pobail an Phlean a chur i bhfeidhm nó an cur i bhfeidhm sin a shocrú.
- c) Athbhreithniú a dhéanamh ar ghnéithe pobail an Phlean uair amháin ar a laghad i rith na tréimhse 6 bliana.
- d) Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar chur i bhfeidhm ghnéithe pobail an Phlean, lena n-áirítear feidhmíocht in aghaidh aon tagarmharc nó táscairí feidhmíochta.
- e) Féachaint le héifeachtacht, comhsheasmhacht agus comhordú a chinntiú idir cláir forbartha áitiúla agus pobail, chomh maith le dúbláil idir na cláir seo a sheachaint.
- f) Féachaint le comhordú ginearálta na gclár forbartha áitiúla agus pobail go léir i limistéar feidhmiúil na Comhairle a bhaint amach, d'fhonn

Tuarascáil Bhliantúil 2017



acmhainní a optamú chun leasa na bpobal áitiúil sa limistéar sin agus chun an éifeachtúlacht lena n-úsáidtear acmhainní forbartha áitiúla agus pobail a fhaigheann maoiniú poiblí a uasmhéadú.

- g) Ráiteas maidir le gnéithe eacnamaíocha dréacht den Phlean arna ullmhú ag an Údarás Áitiúil a mheas agus glacadh leis.
- h) Féadfaidh an Coiste comhaontú i scríbhinn a dhéanamh le húdarás poiblí, le comhlacht forbartha áitiúil nó pobail, nó le duine eile chun na feidhmeanna sin a mheasann an Chomhairle a bheith cuí a dhéanamh ag an údarás, comhlacht nó duine sin.

1.2 Féachfaidh an Coiste do na nithe seo a leanas agus é ag feidhmiú a fheidhmeanna –

- Na hacmhainní, cibé áit as a dtagann siad, atá nó is dócha a mbeidh ar fáil dó chun críocha na feidhmíochta sin agus an gá leis an úsáid is tairbhí, is éifeachtaí agus is éifeachtúlaí is féidir a bhaint amach i ndáil leis na hacmhainní sin.
- An gá le comhoibriú lena ghníomhaíochtaí agus iad a chomhordú.
- An gá le comhairliúchán le húdaráis phoiblí agus le comhlachtaí a fhaigheann maoiniú poiblí i gcásanna cuí.
- An gá le comhsheasmhacht le beartais agus le cuspóirí de chuid an Rialtais nó Aire Rialtais ar bith nó de chuid údarás poiblí eile a mhéad a d'fhéadfadh siad tionchar a imirt ar

fheidhmeanna an Choiste nó a bheith bainteach leo.

- An gá le ceisteanna forbartha inbhuanaithe a chomhtháthú i bhforbairt agus i gcur i bhfeidhm beartas.
- An gá le cuimsiú sóisialta a chur chun cinn.

1.3 Comhoibriú le Coistí Forbartha Pobail Áitiúla.

Is é dualgas chomhlacht ábhartha, lena n-áirítear an tÚdarás Áitiúil, a mhéad a thagann sé le feidhmiú a fheidhmeanna, comhoibriú leis an LCDC i bhfeidhmiú a chuid feidhmeanna siúd. Leanann an LCDC de chaidreamh a dhéanamh le gníomhaireachtaí comhpháirtíochta chun cuspóirí an Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (LECP) a chur i gcrích.

2. Contae Chill Mhantáin LCDC

2.1 Comhaltacht an LCDC

Comhlacht Ainmniúcháin	Ainmní
Comhairle Contae Chill Mhantáin	An Comhairleoir Grainne McLoughlin (Cathaoirleach)
Comhairle Contae Chill Mhantáin	An Comhairleoir Pat Kennedy
Comhairle Contae Chill Mhantáin	An Comhairleoir Mary McDonald
Comhairle Contae	Sheelagh Daly

Tuarascáil Bhliantúil 2017



Chill Mhantáin	(LEO)
Comhairle Contae Chill Mhantáin	Frank Curran (CE)
Líonra Rannpháirtíochta Pobail	Mai Quaid (Leas-Chathaoirleach)
Líonra Rannpháirtíochta Pobail	Niamh Wogan
Líonra Rannpháirtíochta Pobail	Liam O'Loughlin
Líonra Rannpháirtíochta Pobail	Martina Cronin
Líonra Rannpháirtíochta Pobail	Richard Webb
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	Siobhan Fitzpatrick
Bord Oideachais agus Oiliúna Chill Dara Chill Mhantáin	Ray Tedders
An Roinn Coimirce Sóisialta	Stephen Fitzgerald
Comhpháirtíocht Cheantair Bré	Peter Brennan
Comhpháirtíocht Chontae Chill Mhantáin	Brian Carty
An Piléar Gnó	Pat Ó Súilleabháin

An Piléar Feirmeoireachta	Chris Hill
An Piléar Dífhostaithe	Lorraine Hennessy
Institiúid Tríú Leibhéal	Lindsay Malone

Is mian le comhaltaí an LCDC buíochas a ghabháil le Bryan Doyle, Tom Gregan, Rory Benville, Mary Kavanagh agus Catherine Byrne as a rannchuidiú le hobair an LCDC in 2017.

2.2. Cruinnithe

Tionóladh 6 chruinniú den LCDC in 2017, agus fógraíodh 2 ach cuireadh ar fionraí iad mar gheall nach raibh córam ann.

3. Dul chun cinn an LCDC in 2017

Bhí trí réimse i bplean oibre an LCDC in 2017. Tugtar tuairisc ar an dul chun cinn sna réimsí sin thíos.

3.1 LECP

Is plean 6 bliana arna ullmhú ag an LCDC agus ag an Údarás Áitiúil é an LECP. Tá an ghné Phobail le cur i bhfeidhm ag an LCDC. Tá an ghné Eacnamaíoch le cur i bhfeidhm ag an Údarás Áitiúil, go sonrach an SPC maidir le Forbairt Eacnamaíoch agus Fiontar. Is é an LECP an creat don phlean oibriúcháin agus do phleananna eile sa Chontae. Sa phlean tá:

- Tosaíochtaí comhaontaithe don cheantar
- Róil chomhaontaithe do ghníomhaireachtaí chun dul i ngleic leo sin
- Béim ar mháthairchuideachtaí na gníomhaireachtaí ar an leibhéal áitiúil

Tuarascáil Bhliantúil 2017



lena chur ar a gcumas freagairt a thabhairt ar an bplean

Mhantáin: gaireacht le margadh Bhaile Átha Cliath; sárchaighdeán beatha; caipiteal daonna; turasóireacht; tírdhreach; an fharraige; acmhainní talmhaíochta agus foraoiseachta

Gníomhaíocht eacnamaíochta ísealcharbóin agus seasmhach ó thaobh na haeráide de, an spleáchas ar fhuinneamh a laghdú, úsáid inbhuanaithe a bhaint as acmhainní agus a bheith mar cheannaire sa gheilleagar cliste

Leas éifeachtúil a bhaint as acmhainní iomlána an chontae agus comhoibriú idirghníomhaíochta a chur chun cinn

Is iad Spriocanna comhcheangailte an LECP:

Spriocanna Ardleibhéil
Acmhainn an Phobail agus Athghiniúint Uirbeach agus Forbairt Tuaithe
Saoránacht ghníomhach agus rannpháirtíocht an phobail chun feabhas a chur ar rialachas agus rannpháirtíocht agus chun cinnteoireacht a shaibhriú
Tacaíochtaí saindirithe agus comhtháite do ghrúpaí leochaileacha agus iad faoi mhíbhuntáiste
Tacú le pobail áitiúla maidir le nuálaíocht, fiontraíocht, micrifhiontar agus nuálaíocht shóisialta
Oiliúint, oideachas agus foghlaim ar feadh an tsaoil, bunaithe ar anailís ar threochtaí fostaíochta agus riachtanais fostóirí ó thaobh scileanna de
Bonneagar agus bearta atá dearfach agus a thacaíonn le hinfheistíocht, fiontar, nuálaíocht agus cruthú eolais
Fiontar atá ann a chothú agus deiseanna maithe fostaíochta agus ioncaim a fhorbairt don raon leathan riachtanas fostaíochta sa chontae, agus an deis ann pátrúin chomaitéireachta a aisiompú
Tairbhe a bhaint as tréithe uathúla Chill

(Is Spriocanna Pobail go príomha iad na spriocanna i mboscaí gorma)

3.1.2. Cur i bhFeidhm

Cuireann roinnt clár le baint amach gach sprice. Tá ról lárnach ag na cláir LEADER agus SICAP maidir leis sin – féach tuarascálacha ar leithligh ar an dá chlár sin. Ina theannta sin, d'fhógair an Roinn Forbartha Pobail agus Tuaithe roinnt clár forbartha nua 2016/2017 (féach Aguisín 1 chun tuairisc mhionsonraithe a fháil). Is é an LCDC an bealach lena gcuirtear na scéimeanna sin ar fáil agus is iad na príomhuirlisí chun Sprioc 1 den LECP a chur i bhfeidhm.

Tuarascáil Bhliantúil 2017



<p>Sprioc 1:</p> <p>Acmhainn an Phobail a Fhorbairt i bPobail faoi Mhíbhuntáiste agus tabhairt faoi athghiniúint uirbeach agus forbairt tuaithe</p> <p>- Acmhainn agus caipiteal sóisialta a chothú sna pobail go léir</p> <p>- Deiseanna athghiniúna uirbí agus forbartha tuaithe a uasmhéadú</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Maoirseacht ar ionchur LEADER agus SICAP maidir leis sin (féach tuarascálacha ar leithligh) • Tacú le bailte agus sráidbhailte a dtionscadail dá gceantair a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm maidir le Baile agus Sráidbhaile; CLAR; Fóillíocht Faoin Aer; Scéim Saoráidí Pobail agus RAPID (féach Aguisín 1) • Fuarthas €1,197,989 i maoiniú do scéimeanna athghiniúna uirbí agus tuaithe • Scéim Deontas 		<p>Pobail chun tacú le grúpaí agus acmhainn a fhorbairt</p> <ul style="list-style-type: none"> • Díríodh ar an Inbhear Mór agus ar Bhaile Chill Mhantáin le tionscadail scrúdú sláinte agus an tionscadal REDZ san Inbhear Mór • Oibríodh le gnéithe eacnamaíochta an LECP ar gníomhartha comhtháite
		<p>Sprioc 2:</p> <p>Saoránacht ghníomhach a chur chun cinn le bonn taca ó dhea-rialachas agus rannpháirtíocht i gcinnteoireacht</p> <p>- Fóraim ionadaíochta láidre a fhorbairt sa chontae</p>	<p>Tacaíocht leanúnach d'fhóraim:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Líonra Rannpháirtíochta Pobail (PPN) • Comhairle na nÓg
		<p>Sprioc 3:</p> <p>Seirbhísí comhtháite ardchaighdeán a fhorbairt a bheidh ar fáil do gach pobal, go háirithe do phobail faoi mhíbhuntáiste agus do ghrúpaí leochaileacha</p>	<p>Leanann an LCDC d'oibriú le gníomhaireachtaí eile lena chinntiú go mbeifear ag teacht leis an LECP agus le straitéisí, pleananna agus beartais na ngníomhaireachtaí eile. Díríodh ar na nithe seo</p>

Tuarascáil Bhliantúil 2017



<p>- Soláthróidh an LCDC an treo straitéiseach chun seirbhísí reatha a chomhtháthú</p> <p>- Soláthróidh an LCDC ionadaíocht do sheirbhísí breise agus acmhainní sna háiteanna ina n-aithnítear bearnaí nó ina dtagann ceiseanna nua chun solais</p>	<p>in 2017:</p> <ul style="list-style-type: none"> • SICAP agus LEADER • HSE – tá an clár Éire Sláintiúil ar bun • Pleananna forbartha maidir le <i>Connecting for Life</i> (Cosc ar Fhéinmharú) • Straitéis Aoisbhá á cur i bhfeidhm • Iompar Tuaithe-tionóladh comhairliúcháin chun cur le plean nua don iompar tuaithe i gCill Mhantáin • An Plean do Leanaí agus Daoine Óga á chur i bhfeidhm ag an gCoiste um Sheirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine Óga (CYPSC) <p>I ndiaidh athbhreithniú ar an LCDC in 2017 agus le hathbhreithniú ar an LECP ag teacht aníos, táthar ag súil le forbairt bhreise ar an sprioc seo</p>	<p>agus nuálach</p> <p>- Earnáil fiontair phobail agus shóisialta láidir a fhorbairt sa chontae</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Céimeanna a leagan amach chun an earnáil a fhorbairt • • Tacaíochtaí is gá leo do ghnólachtaí nuathionscanta agus céimeanna uas-scálaithe a aithint
<p>Sprioc 4:</p> <p>Earnáil fiontair phobail agus shóisialta bheomhar</p>	<p>Tá tús curtha leis an obair chun:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Fiontar sóisialta sa chontae a mhapáil 	<p>Éire Sláintiúil – LCDC an Phlean Chur i bhFeidhm Áitiúil</p> <p>Tá maoiniú suas le €100,000 curtha ar fáil do LCDCanna chun spriocanna Éire Sláintiúil a bhaint amach, go sonrach sna réimsí sláinte choirp agus gníomhaíocht, otracht, stopadh den chaitheamh tobac agus sláinte ghnéis. Is dócha go leanfar leis an maoiniú ar feadh roinnt blianta eile. Tá comhordaitheoir fostaithe ag an LCDC/WCC agus tá straitéis maidir le cur i bhfeidhm á forbairt.</p> <p>3.1.3 Monatóireacht ar an LECP</p> <p>Bunaíodh an Coiste Comhairleach ar dtús chun an LECP a fhorbairt agus lena chinntiú go ndéanfaí an dá ghné den phlean a chomhtháthú. Tá an Coiste Comhairleach sásta fanacht i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an phlean. Is ón LCDC agus ón Údarás Áitiúil a tháinig comhaltaí an Choiste Chomhairligh. Is iad sin:</p>	
<p>An Comhairleoir Grainne</p>		<p>Cathaoirleach an</p>	

Tuarascáil Bhliantúil 2017



McLoughlin	LCDC
An Comhairleoir Gerry Walsh	Cathaoirleach ar an Coiste um Beartas Straitéiseach Eacnamaíochta agus Forbartha (SPC)
Michael Nicholson	Príomhoifigeach LCDC
Thomas Murphy	Stiúrthóir Seirbhísí, Forbairt Eacnamaíochta agus Fiontair
Sheelagh Daly	Oifig Fiontair Áitiúil
Sorcha Walsh	Pleanálaí Sinsearach
Lorraine Gallagher	OFS Forbairt Eacnamaíochta agus Fiontair
Christine Flood	OFS Forbairt Eacnamaíochta agus Fiontair
Deirdre Whitfield	Cultúr Pobail agus Forbairt Shóisialta

Ina theannta sin, faigheann an LCDC tuarascálacha ag gach cruinniú ar dhul chun cinn na ngníomhartha san LECP.

3.1.4 Gníomhartha Comhtháite

Is iomaí cuspóir comhroinnte idir an pobal agus gnéithe eacnamaíochta an LECP agus tá nasc idir forbairt phobail agus forbairt eacnamaíochta, go ginearálta. Mar aitheantas air sin agus mar gheall nach rud statach ach rud dinimiciúil é an plean atá in ann dul in oiriúint d'fhorbairtí nua, is trí bhíthin comhrá agus comhoibriú leanúnach

a bhaintear amach an ghné chomhtháite den LECP. Déantar sin trí bhíthin cruinnithe rialta an Choiste Chomhairligh. Trí bhíthin an phróisis pleanála agus tuairiscithe ag na cruinnithe sin, déantar faisnéis a roinnt agus faightear naisc idir ghníomhartha, as a leanann comhordú agus comhtháthú, nuair is féidir sin agus nuair is cuí sin, ar bhonn leanúnach.

3.1.5 Réigiúnach

Leagtar amach ról na dTionól Réigiúnach sa phróiseas LECP faoi Alt 66c den Acht um Rialtas Áitiúil 2001, go háirithe in Alt 66c 2(c) agus 3(c) ina luaitear go mbainfidh breithniú an Tionóil Réigiúnaigh ar LECP lena chomhsheasmhacht le (i) an croístraitéis agus le cuspóirí phlean forbartha an Údaráis Áitiúil i gceist, (ii) aon Straitéis Réigiúnach Spásúlachta agus Eacnamaíochta nó, de réir mar is cuí, le haon Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha (RPGanna) a bheadh i bhfeidhm, agus (iii) idir ghnéithe eacnamaíochta agus pobail den Phlean. Tuairtear le LCDC Chontae Chill Mhantáin LCDC forbairt ar an Straitéis Réigiúnach Spásúlachta agus Eacnamaíochta agus déanfar athbhreithniú ar an LCDC chun ailíniú a chinntiú.

Aguisín 1

Ceantar	Tionscadal	Maoiniú
Cill Chomhghaill	Oibreacha Feabhsúcháin agus Scrúdú Sláinte	€44,200
Carn an Bhua	Trealamh do chlós súgartha	€72,550

Tuarascáil Bhliantúil 2017



Síol Éalaigh	Tionscadal Maide Shíol Éalaigh	€17,000
Baile Chill Mhantáin	Oibreacha Feabhsúcháin agus Scrúdú Sláinte	€26,000
Dún Luáin	Siúlóid Lúibe	€72,250
Ráth Droma	Oibreacha Feabhsúcháin	€100,000
Rathdangan	Trealamh do chlós súgartha	€48,000
Iomlán		€380,000

Scéim T agus V 2017

Ceantar	Tionscadal	Maoiniú
Bealach Conglais	Mol digiteach, spás comhoibre agus ionad oidhreachta	€110,000
Baile Coimín	Uasghrádú ar thaitneamhachtaí mar ullmhúchán don Ghlasbhealach	€70,000
An Chlais	Uasghrádú ar charrchlós agus ar an ionad pobail le haghaidh fiontair shóisialta	€26,423
Ráth Naoi	Oibreacha ar an ionad pobail le haghaidh fiontair phobail	€100,000
Iomlán		€306,423

An Ciste Bonneagair d'Fhóillíocht Faoin Aer 2017

Beart 1	Tuairisc	Maoiniú
Na Clocha Liatha MD	Cosán Aifrinn ó Chill Chomhghaill go Cill Chomhaid agus feabhsúchán ar Shiúlóid Lúibe Bhaile Dhonncha Riabhaigh	€10,000
Coiste Chlós súgartha Ráth Droma	Feabhsúchán ar Shiúlóid Lúibe Reilig an Ghorta Mhóir i Ráth Droma	€8,000
Turasóireacht Chontae Chill Mhantáin	Feabhsúchán ar Bhealach Chill Mhantáin	€7,266

Beart 2	Tuairisc	Maoiniú
Cill Mhantáin	Siúlóid Aille Chill Mhantáin	€76,000
An Tóchar	Siúlóid cois Fheartraí	€75,000
Turasóireacht Chontae Chill Mhantáin	Feabhsúchán ar Bhealach Chill Mhantáin	€7,266
Iomlán		€176,266

Scéimeanna Eile

Tuarascáil Bhliantúil 2017



Scéim	Project	Maoiniú
Éire Sláintiúil	Roinnt tionscadal lena gcuirtear sláinte agus folláine chun cinn	€100,000
CLÁR 2016	Trasrian Coisithe i gCnoc an Eanaigh	€20,000
	Comharthaí sábháilteachta	€5,000 €48,000
	MUGA Chnoc an Eanaigh	
CLÁR 2017	Cnoc an Eanaigh – soilse poiblí a sholáthar	€27,000
	Ráth Choill – soilse sábháilteachta ómracha scallta a cheannach agus a athsholáthar	€6,300
Ciste Saoráidí Pobail	Deontais chaipitil bheaga le haghaidh tionscadal pobail	€64,500
RAPID	Ciste dírithe ar cheantair faoi mhíbhuntáiste	€64,500
Iomlán		€335,300

Foriomlán	€1,197,989
------------------	-------------------

Leis an ngné **LEADER** den Chlár Forbartha Tuaithe (RDP) 2014-2020, cuirfear tuairim is €6.3m (circa €1m in aghaidh na bliana) ar fáil chun dul i ngleic le laghdú bochtaineachta, cuimsiú sóisialta agus forbairt eacnamaíochta ar cheantair tuaithe i gContae Chill Mhantáin. Is cur chuige faoi stiúir an phobail é an maidir le soláthar idirghabhálacha forbartha tuaithe a gheobhaidh tacaíocht ó Straitéis Forbartha Áitiúil agus a chuirfidh grúpaí leasmhara i bhfeidhm ar leibhéal áitiúil.

Leanann an LCDC agus Comhpháirtíocht Chontae Chill Mhantáin (CWP) de bheith ag obair go dlúth le chéile ar chur i bhfeidhm na Straitéise Forbartha Áitiúla (LDS) don Chlár LEADER 2014 - 2020. Is iad cuimsiú sóisialta, an geilleagar glas agus forbairt eacnamaíochta agus pobail tosaíochtaí an chláir LEADER. Léirítear cuid de spriocanna agus cuspóirí ábhartha an LCEP san LDS.

Is iad téamaí an Chláir LEADER:

Téama	Fothéama
Téama 1: Forbairt Eacnamaíochta, Fiontar agus Cruthú Post	<ul style="list-style-type: none"> Turasóireacht Tuaithe Forbairt Fiontair Bailte Tuaithe Leathanbhanda
Téama 2: Cuimsiú Sóisialta	<ul style="list-style-type: none"> An Óige faoin Tuath Seirbhísí Bunúsacha
Téama 3: Comhshaol Tuaithe	<ul style="list-style-type: none"> Bithéagsúlacht Áitiúil a Chosaint agus a Fheabhsú Acmhainní Uisce a Chosaint agus úsáid inbhuanaithe a bhaint astu Fuinneamh In-athnuaite

Tuarascáil Bhliantúil 2017



Tháinig an LAG le chéile sé huairé in 2017. Cuireadh dhá chruinniú eile ar fionraí mar gheall nach raibh córam ann. Tionóladh dhá sheisiún oiliúna ar LEADER do chomhaltaí LAG, Comhairleoirí Contae agus foireann na Comhairle Contae i mí Mheán Fómhair 2017. Tháinig an coiste meastóireachta le chéile trí huairé in 2017. Tríd is tríd, tá ag éirí go maith leis an bpróiseas cinnteoireachta. Tá aghaidh tugtha ag an gCathaoirleach agus ag an bPríomhoifigeach ar an dúshlán a bhaineann le córam a bhaint amach trí bhíthin na seisiúin dá dtagraítear thuas a chur ar fáil, agus iarraidh go díreach ar na comhaltaí freastal ar na cruinnithe go léir, ag cur béime ar an tábhacht a bhaineann le cinnteoireacht phras agus tráthúil maidir le tuarascálacha airgeadais, tionscadal agus ciorcláin ábhartha a cheadú.

Rinneadh roinnt athruithe ar an gclár LEADER in 2017 chun é a dhéanamh níos inrochtaine d'iaratasóirí. Ag an gcruinniú den LAG i mí an Mheithimh 2017, cinneadh gur chóir athruithe a dhéanamh ar an bplean gníomhaíochta LDS le go léireofaí na hathruithe sin sa phlean.

I measc na n-athruithe sin tá:

- An maoiniú beochana go léir a athlonnú chuig tionscadail oiliúna
- Dátaí a bhaineann le glaonna spriocdhírthe a ardú agus socrú ghlaonna spriocdhírthe le socrú ag an LCDC
- Cuspóir Áitiúil 3 a mhéadú chun sráidbhailte a chur san áireamh faoi ghníomhartha straitéiseacha na mBailte Tuaithe
- Méadú ar Chuspóir Áitiúil 3 a cheadú chun tacú le gach baile agus sráidbhaile igContae Chill Mhantáin

agus ní díreach na ceithre cinn a luaitear san LDS

D'fhonn na hathruithe sin a fhógairt go poiblí, tionóladh sraith cruinnithe ar fud an chontae i suíomhanna pobail.

Glaodh iarratais mar chuid de ghlaos spriocdhírthe i mí Aibreáin 2017 faoin Turasóireacht Tuaithe, Fiontar agus Bailte Tuaithe. Tionóladh trí imeacht eolais don phobal in Ionad an Bhrocaigh sa Láithreach chun é sin a chur chun cinn. Fógraíodh faisnéis faoi Sheirbhísí Bunúsacha agus tionscadail Bhithéagsúlachta i gcruinnithe i nGleann Fhaidhle, i gCarn an Bhua agus i gCillín Chaoimhín an 28 agus 29 Meitheamh agus an 5 Iúil. Tionóladh cruinnithe breise don phobal chun eolas a thabhairt do dhaoine leasmhara faoi ghlaonna spriocdhírthe a ardú agus faoi iarratais a bheith ar oscailt do gach tionscnóir leasmhar i dTigh na hÉille, i gCillín Chaoimhín agus i gCill Chomhghaill an 21, 22 agus 23 Samhain. Rinneadh na cruinnithe poiblí sin a fhógairt go forleathan ar na meáin áitiúla agus ar mheáin shóisialta an LCDC, an CWP agus eagraíochtaí comhpháirtíochta áitiúla eile.

D'fhreastail líonta móra daoine ar na cruinnithe áitiúla agus meánmhéid de 60 i láthair ag na cruinnithe i mí na Samhna 2017. Tá oifigigh forbartha CWP ag obair le tionscnóirí ó na cruinnithe sin agus taobh amuigh de sin freisin chun cabhrú leo iarratais ar LEADER a ullmhú. Táimid ag súil le hardú ar an líon iarratas a ndéanfar measúnú orthu in 2018 mar thoradh ar an ngníomhaíocht beochana sin.

Tá an clár i bhfeidhm go hiomlán i gContae Chill Mhantáin anois. Tá an coiste meastóireacht ag obair go maith agus tá an LCDC á neadú féin. Tá tionscadail

Tuarascáil Bhliantúil 2017



inmheánacha mar threallús ag gníomhartha straitéiseacha, lena n-áirítear tionscadail A agus D maidir le fiontar sóisialta agus cigireacht rianta, chomh maith le tionscadal oiliúna ar na meáin shóisialta.

- (a) Dúshlán a bhí sa chóras glaonna spriocdhírthe, mar ba dhíspreagadh d'iarratasóirí 'níos tapúla' a bhí sa mhéid ama a tugadh do thionscnóirí iarratas a chomhlíon LEADER a ullmhú.

Tá aistriú an-bheag ó EOI go hiarratas agus is dúshlán leanúnach é sin. Chomh luath agus a chuirtear tionscnóirí ar an eolas faoi riachtanais an chláir, bíonn claonadh orthu tacaíocht a lorg áiteanna eile sula smaoiníonn siad ar iarratas ar LEADER a ullmhú.

- (b) Ní theastaíonn sásra an ghlaos spriocdhírthe do gach tionscadal a thuilleadh agus tá sin á shárú. Bainfidh dúshlán go fóill le EOInna a aistriú go hiarratais mar gheall ar riachtanais páipéarachais an chláir agus an fháil ar chistí eile ón scéim bailte agus sráidbhailte agus ón scéim taitneamhachta tuaithe.

Cabhraíodh le roinnt de na fadhbanna mar gheall ar athruithe ar na rialacha oibriúcháin, agus go háirithe athruithe ar na treoirlínte soláthair.

Tá an foghrúpa LAG ag tuairisciú don LAG ar roghanna maidir le glaonna spriocdhírthe straitéiseacha as seo amach. I measc na roghanna atá á bplé tá i) turasóireacht in iarthar Chill Mhantáin ; ii) tionscadail fuinneamh in-athnuaite pobalbhunaithe; iii) fiontar sóisialta; iv) féilte suaitheanta.

Chomh luath is a bheidh na spriocréimsí aitheanta, cuirfidh feachtas beochana spriocdhírthe dlús faoin spéis sna réimsí sin. Tabharfaidh oifigigh forbartha LEADER

tacaíocht dó sin ar bhonn duine-le-duine chun tacú le tionscadail leasmhara iarratas LEADER a thabhairt chun críche.

Tá comhráite ar bun le LAGanna agus IPanna gaolmhara maidir le tionscadail chomhoibrithe a d'fhéadfaí a bhunú.

An tAonad um Chuimsiú Sóisialta

Lean an tAonad um Chuimsiú Sóisialta (SIU) de thacaíocht a thabhairt do thionscnaimh in aghaidh na bochtaineachta agus le tionscnaimh um chuimsiú shóisialta le linn 2017. Sa tréimhse sin, rinne sé na nithe seo a leanas:

- Rinne sé ionadaíocht ar shaincheisteanna um chuimsiú sóisialta ar an gCoiste Coiste Forbartha Pobail Áitiúil (LCDC)
- Rinne sé monatóireacht ar chur i bhfeidhm Chlár Gníomhachaithe Pobail um Chuimsiú Sóisialta de chuid na Roinne Comhshaoil, Phobail agus Rialtais Áitiúil (SICAP) i gContae Chill Mhantáin
- Thacaigh sé le forbairt agus feidhmiú leanúnach Líonra Rannpháirtíochta Pobail (PPN) Chontae Chill Mhantáin
- Rinne sé ionadaíocht ar shaincheisteanna um chuimsiú sóisialta ar an gCoiste um Beartas Straitéiseach (SPC) maidir le Forbairt Phobail, Chultúir agus Shóisialta
- Bhí sé rannpháirteach ar choistí líonraí agus struchtúir réigiúnacha agus náisiúnta.

An Clár Gníomhachaithe Pobail um Chuimsiú Sóisialta (SICAP)

Le linn 2017, d'éirigh le Comhpháirtíocht Cheantair Bhré leanúint den chlár náisiúnta seo, arna mhaoiniú ag an Roinn Forbartha

Tuarascáil Bhliantúil 2017



Tuaithe agus Pobail, a sholáthar i gContae Chill Mhantáin do Limistéir Cheantair Bhardasaigh Bhré agus na gCloch Liath (Beart 15-1) agus rinne Comhpháirtíocht Chontae Chill Mhantáin amhlaidh do Limistéir Cheantair Bhardasaigh an Inbhir Mhóir, Chill Mhantáin agus Bhealach Conglais (Beart 15-2). Dhírigh an dá chlárfeidhmeoir sin ar na pobail agus ar na daoine is mó atá faoi mhíbhuntáiste sa chontae a chumhachtú chun feabhas a chur ar a deiseanna saoil, ar a dtorthaí agus ar an timpeallacht áitiúil.

D'éirigh leo freisin leanúint den trí sprioc de chuid an chláir a bhaint amach, eadhon;

- Forbairt pobail – Acmhainní a thabhairt do phobail faoi mhíbhuntáiste chun caidreamh a dhéanamh le páirtithe leasmhara áitiúla ábhartha chun dul i ngleic leis an eisiámh sóisialta
- Oideachas/oiliúint – Daoine a spreagadh chun bheith rannpháirteach go hiomlán agus tabhairt faoi dheiseanna foghlama ar feadh an tsaoil
- Fostaíocht – Tacú le daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach, ina measc daoine óga dífhostaithe, chun ullmhacht don obair a fheabhsú agus chun teacht ar fhostaíocht/ féinfhostaíocht/ fiontraíocht shóisialta

Bhain na Clárfeidhmeoirí táscairí feidhmíochta agus príomhtháscairí an chláir amach agus cuireadh na gníomhartha ar fad ina gcuid Pleananna Bliantúla i bhfeidhm. Mar chuid de thionchair an Chláir in 2017, rinneadh teagmháil duine-le-duine le beagnach 1,500 duine faoi mhíbhuntáiste agus le breis is 60 grúpa pobail ar fud an chontae.

Mar chuid den obair sin, fuair 835 tacaíocht i ndáil lena gcáilíochtaí oideachais agus oiliúna a bhreiseíú agus chuaigh os cionn 70 duine ar aghaidh chuig fostaíocht

pháirtaimseartha nó lánaimseartha. Mar thoradh ar thionscnamh nua SICAP in 2017, fuair 1,679 leanbh agus duine óg tacaíochtaí oideachais nó forbartha, ina measc 235 duine óg a bhí i mbaol an scoil a fhágáil go luath.

Lean Coiste Forbartha Pobail Áitiúil (LCDC) Chill Mhantáin, i gcomhar le Comhairle Contae Chill Mhantáin, de mhaoirseacht, monatóireacht agus bainistiú a dhéanamh ar fheidhmíocht na gClárfeidhmeoirí maidir leis an gclár seo a sholáthar. Thug an foghrúpa SICAP cúnaimh mór don LCDC an tasc sin a dhéanamh.

Líonra Rannpháirtíochta Pobail Chontae Chill Mhantáin (PPN)

Lean Líonra Rannpháirtíochta Pobail Chontae Chill Mhantáin dá ról maidir le rannpháirtíocht an phobail agus rannpháirtíocht ar fud an chontae a éascú, agus de ghníomhú mar an mbealach trína ndéanann Comhairle Contae Chill Mhantáin teagmháil le grúpaí pobail, le grúpaí um chuimsiú sóisialta agus le grúpaí Comhshaoil. Bhí ionadaithe PPN rannpháirteach ar gach Coiste um Beartas Straitéiseach agus ar go leor coistí agus struchtúir eile ar fud an chontae. Le linn 2017, bhí an PPN rannpháirteach i raon leathan comhairliúcháin poiblí agus aighneachtaí beartais ar leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta. Bhunaigh an PPN grúpaí nascachta freisin maidir le tithíocht; leanaí/daoine óga; agus forbairt pobail, agus thug tacaíocht do líonraí téamacha maidir le míchumas agus an comhshaoil. D'éirigh le hiarratas PPN Chill Mhantáin ar leibhéal náisiúnta a bheith mar cheann de na ceithre chlár phíolótacha sa tír chun “Foireann Físe Folláine,” a fhorbairt. Ba chomhartha suntasach ar ghnóthachtáil agus ar ghradam é sin. Tabharfar faoin obair ina leith in 2018.

Táscaire Feidhmíochta Gníomhaíochta 2017

Tuarascáil Bhliantúil 2017



B2: Grúpaí a bhaineann leis an Líonra Rannpháirtíochta Pobail (PPN)

A Líon na n-eagraíochtaí atá san áireamh i gClár an Chontae amhail 31/12/2017 = 177

B Líon na n-eagraíochtaí a chláraigh den chéad uair in 2017 = 28

C Líon na n-eagraíochtaí (a chláraigh in 2017) a roghnaigh a bheith mar chuid den Choláiste um Chuimsiú Sóisialta laistigh den PPN= 6

Athbheochan Ceantar trí Phleanáil, Infheistíocht agus Forbairt (an Clár RAPID) a Athrú ó Bhonn

Chuir an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail scéim deontas caipitil ar fáil faoin gClár RAPID a Athrú ó Bhonn ag tarraingt ar dheireadh 2017. Is é aidhm na scéime sin cabhrú le hathbheochan na gceantar is imeallaithe sa tír trí bhíthin deontas caipitil.

Deonaíodh méid iomlán de €64,500 ar Chontae Chill Mhantáin. Deonaíodh €55,250 ar iarratas Thionscadal Forbartha agus Acmhainní Teaghlaigh Bhré chun díon nua a chur ar Ionad Pobail Bhré Beag. Deonaíodh €9,250 ar iarratas Ionad Pobail Bhaile Bhaltraim chun soilse nua LED éifeachtúil ó thaobh an fhuinnimh de a shuiteáil san ionad pobail.

An Clár Aoisbhá

Tá an Clár aoisbhá Cathracha agus Contaetha mar chuid d'iarracht idirnáisiúnta, arna comhordú ag an eagraíocht Dhomhanda Sláinte (WHO). Tá aosú dearfach, cathracha agus contaetha níos fearr, agus rialtas áitiúil, seachadadh seirbhíse agus deiseanna gnó níos ábhartha agus níos éifeachtaí mar thoradh ar an gclár. Tá Clár náisiúnta aoisbhá Cathracha agus Contaetha na hÉireann ina gcuid den

tionscnamh domhanda seo lena bhfuil sé d'aidhm a chinntiú agus muid ag dul in aois, gur féidir linn ar fad:

- rud a rá faoi cad atá tharlaíonn inár saol féin agus cad a tharlaíonn sna ceantair ina bhfuilimid inár gcónaí.
- sult a bhaint as dea-shláinte, seirbhísí maithe, agus bheith inár gcónaí i dtimpeallacht shábháilte
- Páirt iomlán a ghlacadh i ngach rud atá ag dul ar aghaidh inár bpobail, cathracha agus contaetha

leis an gClár aoisbhá Cathracha agus Contaetha, soláthraítear struchtúr ionas gur féidir leis na hÚdaráis Áitiúla a bheith chun tosaigh maidir le hathrú a dhéanamh ar an smaointeoireacht faoi aosú agus faoin gcaoi a bpleanáiltear agus a seachadtar seirbhísí. Tríd an tsamhail sin, tugann na hÚdaráis Áitiúla daoine scothaosta, soláthraithe seirbhíse agus gnólachtaí le chéile i gcomhaontas a oibríonn go maith agus:

- cuirtear ar chumas na daoine scothaosta saol gníomhach agus sláintiúil a bheith acu, fanacht ina dtithe féin chomh fada agus is féidir.
- cuirtear feabhas ar sheachadadh seirbhíse gan caiteachas a mhéadú.
- Cuirtear feabhsuithe luachmhara ar an gcaighdeán beatha do gach duine sa phobal.

Tairgtear bealach cruthaithe leis an gClár Aoisbhá Cathracha agus Contaetha chun eagraíochtaí, grúpaí, seirbhísí agus gnólachtaí éagsúla a thabhairt le chéile lena gcuid oibre a chuíchóiriú, de réir riachtanais agus leasanna daoine scothaosta ar mhaithe leo féin.

An tAire Simon Harris a sheol an chéad Straitéis Aoisbhá Chontae Chill Mhantáin 2017-2022 i mí na Bealtaine 2017. Tá 61 mhír gnímh sa straitéis agus comhaontaíodh ar fad iad i ndiaidh dianchomhairliúcháin leis na daoine scothaosta i gCill Mhantáin.

Oibríochtaí Saoráidí Caitheamh Aimsire

Tuarascáil Bhliantúil 2017



Páirc spóirt agus Fóillíochta acra na mBodach agus an Pháirc Scátála

Acra na mBodach, na Clocha Liatha, Contae Chill Mhantáin. Arna fheidhmiú ag Shoreline Leisure Teil. 01 - 2016145.

Linn Snámha na gCloch Liath, Spórtlann agus Ionad Spóirt Pobail.

Tá an linn snámha úrscothach seo, lena gcuimsítear sé lána 25 méadar, spórtlann agus halla a úsáidtear mar halla pobail/spóirt (ina bhfuil suíocháin in-aistarraingthe do thart ar 500) lonnaithe ag Sráid an Mhuilinn, na Clocha Liatha, Contae Chill Mhantáin.

Shoreline Leisure a fheidhmíonn an coimpléacs seo. **Teil. 01 – 2878180.**

Linn Snámha agus Spórtlann Bhré, Bóthar Chros an Deiscirt, Bré, Contae Chill Mhantáin.

Shoreline Leisure a fheidhmíonn an coimpléasc seo. **Teil. 01 – 2765660.**

Príosún Stairiúil Chill Mhantáin, Cnoc Kilmantin, Baile Chill Mhantáin. **Teil. 0404 – 61599.**

Rphost [Cill Mhantáin gaol@gmail.com](mailto:Cill.Mhantain.gaol@gmail.com)
Gréasán: www.Cill.Mhantain.shistoricgaol.com

Cill Mhantáin. W.E.P. Gaol Ltd. a fheidhmíonn Príosún Stairiúil Chill Mhantáin.

AN tSEIRBHÍS LEABHARLAINNE

Bhuaigh Comhairle Contae Chill Mhantáin gradam as seirbhís leabharlainne an chontae in 2017; Gradam Sheirbhísí Leabharlainne na hÉireann arna bhronnadh ag Public Sector Magazine ina Ghradam bhliantúla Barr Feabhais sa Ghnó. Tugadh aitheantas, leis an ngradam mór le rá sin, ar an raon fíorleathan seirbhísí a chuirtear ar

fáil ag na 13 leabharlann bhrairse sa chontae ar chuid lárnach iad do phobail agus do dhaoine aonair ar fud an chontae, ó thaobh an oideachais agus na heacnamaíochta cultúir agus soch-fhorbartha de. Tá an tseirbhís leabharlainne chun tosaigh ó thaobh ócáidí cuimhneacháin a eagrú, ach spás agus ábhair mhachnaimh a sholáthar. Tá idéil 1916 –cearta agus deiseanna comhionanna, gach duine a chothú go comhionann –mar bhonn eolais go fóill don tseirbhís leabharlainne i gContae Chill Mhantáin. Tá seirbhís leabharlainne Chontae Chill Mhantáin tógtha ar luachanna a roinntear le húsáideoirí na leabharlainne, luachanna atá bunúsach do shochaí chothrom: cuimsiú sóisialta agus cultúir agus rochtain de gach cineál; tacaíocht do phobail sláintiúil agus bheomhara atá inbhuanaithe go sóisialta, go cultúrtha agus go heacnamaíochta. Tá i bhfad níos mó i gceist le seirbhís leabharlainne an Chontae ná na leabharlanna féin. Tá leabharlanna Chontae Chill Mhantáin ag croílár na bpobal, idir chinn uirbeacha agus tuaithe, áit a gcuirtear spás poiblí saor in aisce do chách ar fáil. Cothaítear léitheoireacht agus litearthacht iontu, chomh maith le meas ag daoine ar leabhair, ó bhreith go bás. Leis na leabharlanna, tugtar tacaíocht don fhoghlaim fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil agus soláthraítear faisnéis ar go leor bealaí éagsúla, chun freastal ar riachtanais éagsúla na n-úsáideoirí.

Feidhmíonn Seirbhís Leabharlainne Chomhairle Contae Chill Mhantáin 13 leabharlann bhrairse ar fud an chontae agus freastalaíonn ar 35 suíomh sa Chontae trína leabharlann soghluaiste. Soláthraítear seirbhís leabharlainne do Phríosún oscailte Mhainistir Shelton chomh maith. Ina theannta sin, cuirtear seirbhís mhíosúil ar

Tuarascáil Bhliantúil 2017



fáil do thart ar naoi dteach altranais déag sa chontae, lena n-áirítear Cúram Pobail Charn an Bhua, Áras Cheshire, Síol Éalaigh agus Ospidéal Ráth an Droma.

Ag obair laistigh de chreat Phlean Forbartha Seirbhísí leabharlainne Chomhairle Chontae Chill Mhantáin 2016 – 2020, leanadh de thionscadal a bhrú chun cinn in 2017.

Leabharlann agus Cartlann Nua Chill Mhantáin

Dheimhnigh Comhairle Contae Chill Mhantáin go gceannófar seanfhoirgneamh Bhanc Uladh ar phríomhshráid Chill Mhantáin. Beidh breis is 1,200 méadar cearnach thar 6 urlár san fhoirgneamh agus déanfar é a leasú le bheith ina leabharlann suaitheanta. Lonnófar Cartlann Chomhairle Contae Chill Mhantáin san fhoirgneamh freisin, rud a chinnteofar rochtain níos fearr ar an acmhainn luachmhar sin. I ndiaidh phróiseas tairisceana, ceapadh foireann faoi stiúir ailtire chuig an tionscadal seo. I ndiaidh an athchóirithe iomláin, táthar ag súil go n-osclofar an leabharlann agus an chartlann nua don phobal i bhfómhar 2019.

For-rochtain agus Cuimsiú Sóisialta

In 2017, thionscain Seirbhís Leabharlainne Chomhairle Contae Chill Mhantáin agus ghlac páirt i ngníomhaíochtaí for-rochtana agus bolscaireachta a bhí dírithe ar fheasacht ar sheirbhísí na leabharlanna ardú i measc spriocghrúpaí.

Faoi threoir na Gníomhaireachta Bainistíochta Rialtais Áitiúil (LGMA), cuireadh tús leis an gclár “**Work Matters**” sa leabharlann san Inbhear Mór. Leis an tionscnamh seo, cuirtear an

leabharlann chun cinn mar bhealach chun taighde a dhéanamh agus don oideachas, ó thaobh thionscnaimh ghnó de. Soláthraítear bunachar sonraí de ghnólachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta le bogearraí Vision Net ar mhaithe le taighde a dhéanamh orthu. Tá fáil ar leabhair, irisí, tuairiscí nuachtáin agus fothaí sreinge maidir le cúrsaí gnó agus fostaíochta. Chomh maith le ríomhairí a bhfuil fáil ag an bpobal orthu, nó ríomhairí glúine agus wifi le húsáid, tá seomra pobail ar fáil le haghaidh cruinnithe. Féadfaidh daoine foghlaim faoin tacaíocht atá ar fáil do chuardaitheoirí post, scileanna nua a fhorbairt chun tacú lena CV nó lena n-iaratas ar phost, nó féadfaidh siad taighde a dhéanamh ar fhoinsí maoinithe do ghnólachtaí beaga. Tá sé beartaithe an tseirbhís seo a leathnú amach chuig leabharlanna eile sa chontae.

Ghlac beagnach 3,000 leanbh páirt sa tionscnamh léitheoireachta “**Réaltaí Samhraidh**” i ngach leabharlann sa Chontae (an leabharlann soghluaiste ina measc). Chiailaigh sin gurbh í 2017 an bhliain ab fhearr fós don imeacht seo. Leis an tionscnamh náisiúnta seo, spreagtar leanaí sult a bhaint as an léitheoireacht i rith laethanta saoire fada an tsamhraidh. Fuair gach rannpháirtí teastas agus nithe amhail bannaí láimhe, marcanna leabhar, málaí agus bileoga gníomhaíochta. Tionóladh imeachtaí i ngach leabharlann i gContae Chill Mhantáin, lena n-áiríodh seisiúin rialta scéalaíochta don lucht réamhscoile agus do leanaí níos sine, imeachtaí ealaíne agus ceardaíochta, picnic bhéiríní bréige, ceardlanna origami, seónna draíochta, scannáin don teaghlach, ceardlanna mara, ceardlanna láimhseála ainmhithe agus cuairteanna ó údair.

Tuarascáil Bhliantúil 2017



“Lá Filíochta” (Aibreán 27) 2017.

Thosaigh an grúpa filíochta nuabhunaithe atá lonnaithe i Leabharlann Bhaile Coimín, *Poula Poetry*, ag cumadh dánta go luath in 2017 faoi dhaoine sa phobal. Don Lá Filíochta i mí Aibreáin, reáchtáil siad léamh poiblí i Leabharlann Bhaile Coimín áit ar roinn siad cuid de na dánta sin leis an lucht éisteachta – roinnt de na daoine sna dánta ina measc.

“Oíche Chultúir” (Meán Fómhair 22) 2017

Ceiliúradh Oíche Chultúir ar fud an chontae. Léigh Anthony Cannon óna úrscéal “Boom Town”, a phléann le monarcha Kynoch, i Leabharlann an Inbhir Mhóir. Rinne *East Meets West* fiosrú ar amhráin ón gCóiré Theas agus ón tSín, chomh maith le ar cheol ó chultúr an Iarthair. Taispeánadh scannán de “Persuasion” le Jane Austen i Leabharlann Bhaile Coimín agus reáchtáladh oíche scéalaíochta i Leabharlann Bhré, arna cur i láthair ag Café Writers Wicklow. D’inis scríbhneoirí, ina measc Grace Wynne-Jones agus Frances Brunner, scéalta faoin saol i gCill Mhantáin. Tugadh aitheantas do thraidisiún déanta scannán an chontae agus bhí aiseolas dearfach ón lucht éisteachta. Léirigh leabharlann na gCloch Liath ómós ar shaol

agus ar shaothar William Trevor. Dolores MacKenna, údar bheathaisnéis Trevor’s “William Trevor: The Writer and his Work”, a thug an chaint. D’fhreastail breis is 500 duine ar na himeachtaí sin agus tá an tóir ar Oíche Chultúir ag méadú go leanúnach.

Lean leabharlanna ar fud an chontae dá **gníomhaíochtaí intí** a mhéadú agus a sholáthar. Tá na gníomhaíochtaí sin oscailte do chách –clubanna leabhar, ceardlanna rialta ealaíne agus ceardaíochta do leanaí, club léitheoireachta do leanaí réamhscoile, scéalaíocht agus go leor imeachtaí eile atá dírithe ar spriocghrúpaí eile sa phobal. Le seirbhísí do leanaí, leantar d’éascaíocht a dhéanamh ar chuairoteanna sceidealaithe ó ghrúpaí scoile agus ar thurais threoraithe ar an leabharlann do ghrúpaí sainspéise.

Oidhreacht

In 2017, fuair Seirbhís Leabharlainne Chomhairle Contae Chill Mhantáin “Airteagail Chomhaontaithe” bhunaidh maidir le soilsíú gáis a sholáthar do Bhaile Chill Mhantáin an “*Third day of November in the year of Our Lord, One Thousand, Eight Hundred agus Fifty-Six*”. Ar an gcáipéis uathúil seo, tá síniú agus séala Choimisinéirí Bhaile Chill Mhantáin a bhí ann ag an am. Rinne macasamhail den cháipéis bhunaidh agus tá sí ar taispeáint anois i bhforhalla Áras an Chontae.

Acmhainní Ar Líne

Tá Seirbhís Leabharlainne Chomhairle Contae Chill Mhantáin mar chuid de líonra náisiúnta leabharlann anois. Tá rochtain ag gach contae ar an gcatálog chéanna leabhar, ríomh-leabhar, ríomh-irisí agus nuachtáin, ríomh-theangacha agus closleabhar in-íoslódáilte. Mar shampla, rinne baill de sheirbhís leabharlainne Chill Mhantáin rochtain ar bheagnach 1,000 cúrsa teanga ar

Tuarascáil Bhliantúil 2017



líne in 2017. Ba iad Fraincis, Gearmáinis, Spáinnis, Gaeilge, Polainnis agus Iodáilis na cinn ba mhó tóir orthu. Rinneadh beagnach 6,500 ríomhleabhar a íoslódáil agus rinneadh rochtain ar 10,000+ ríomhchlosleabhar. Bhí 4,500 úsáideoir sa chlár oideachais ar líne “Universal Class” in 2017. Chomh maith le cláir ghnó agus cuntasáochta mar Excel, bhí ióga, folláine, oiliúint ar threallús, cothú agus síceolaíocht i measc na gclár oideachais a raibh tóir faoi leith orthu.

Tá siad sin go léir ar fáil saor in aisce le do bhallraíocht sa leabharlann. Níl le déanamh ach uimhir aitheantais phearsanta agus réamheolas gairid a iarraidh ar bhall foirne ar bith den leabharlann.

Iarratais Idir-Leabharlainne

Is féidir leabhair agus míreanna a iarraidh ar líne agus déantar iad a sheachadadh faoi dhó sa tseachtain ó leabharlanna ar fud na hÉireann. Tháinig an tseirbhís sin isteach in 2016 agus tá fás leanúnach ag teacht uirthi. Seachadadh 1.2 milliún mhír ó agus chuig gach ceann de na 330 leabharlann phoiblí in Éirinn in 2017. Astu sin, tháinig tuairim is 55,000 mír ó leabharlanna Chill Mhantáin, is é sin 4.5% den líon iomlán. Taobh amuigh de na 4 Údarás Áitiúil i mBaile Átha Cliath, tá Seirbhís Leabharlainne Chomhairle Contae Chill Mhantáin ar cheann de na leabharlanna is mó a thugann leis an tseirbhís sin.

Fuair Chomhairle Contae Chill Mhantáin €120,000+ i gcúnamh deontais in 2017, chun clibeanna a chur ar an stoc leabharlainne go léir agus chun comhoiriúnacht leis an mbogearraí leabharlainne go léir ar fud na tíre a chinntiú.

Táscairí Feidhmíochta

Daonra Chontae Chill Mhantáin 2016

142,332

Táscairí Feidhmíochta Leabharlann 2017	Torthaí	Sonraí Iarbhíre
L1: Cuairteanna ar Leabharlanna agus eisiúintí		
A: Líon cuairteanna in aghaidh an daonra	3.98	567,107
B: Líon míreanna a eisíodh chuig iasachtaithe leabharlainne in aghaidh an duine	4.04	574,657 +41,712 acmhainní ar líne
L2: Costas maidir le Seirbhís Leabharlainne Chomhairle Contae Chill	€18.68	€2,658,652

Tuarascáil Bhliantúil 2017



Mhantáin a fheidhmiú in aghaidh an duine 2016		
---	--	--

Tabhair ar aird:

L1.A Léiríonn cuairteanna ar leabharlanna ardú 12.2% ar 2016, (505,360)

L1.B Léiríonn míreanna a eisíodh ardú 20.8% ar 2016 (475,686)

Seirbhís Chartlainne agus Ghinealais an Chontae

Tá Seirbhís Chartlainne agus Ghinealais Chontae Chill Mhantáin lonnaithe in Áras an Chontae faoi láthair. Seirbhís í a thugann rochtain leanúnach ar bhailiúcháin chartlainne na Comhairle, chomh maith le comhairle agus treoir ar thionscadail eile stairiúla, ghinealais agus thaighde. Tá pleananna ar bun chun an tseirbhís a athlonnú chuig Foirgneamh nua Leabharlann Bhaile Chill Mhantáin in 2019.

Tá bailiúchán uathúil taifid i gCartlann Chomhairle Contae Chill Mhantáin a bhaineann le Riar an Chontae agus ar idirghníomhaíocht an phobail leis an riarachán. Is acmhainn taighde luachmhar iad, ní hamháin don staraí teaghlaigh agus don staraí áitiúil, ach freisin don lucht acadúil agus do thaighdeoirí eile a bhfuil réimse leathan ábhar spéise acu ar mian leo níos mó a fhoghlaim faoi chruth agus faoi fhorbairt na bpobal agus na n-údaráis a d'fhreastail orthu.

Ar sheoda an bhailiúcháin tá taifid Bhuirg Chill Mhantáin ón 17ú agus ón 18ú hAois. Leis na leabhair

mhiontuairiscí sin, tugtar léiriú ar an saol i gCill Mhantáin ó lár na 1600idí ar aghaidh. Tá taifid an Ard-Ghiúiré i gCartlann an Chontae freisin, réamhtheachtaí na Comhairle Contae, chomh maith le taifid Bhoird Chaomhnóirí na nAontas fé Dhlí na mBocht, na mBord Sláinte, agus na gComhairlí Ceantair, Baile agus Tuaithe. Bunaíodh Seirbhís Ghinealais Chill Mhantáin in 1987 ag Comhairle Contae Chill Mhantáin agus FÁS. Cuireadh cláir pharóiste Chontae Chill Mhantáin ar ríomhaire, cuireadh bailiúchán saibhir acmhainní ginealais Chill Mhantáin i dtoll a chéile agus cuireann sí seirbhís ghairmiúil taighde ar fáil do dhaoine de bhunaidh Chill Mhantáin ar fud an domhain.

Seirbhís Taighde Ar Líne - www.rootsireland.ie

Tá os cionn 20 milliún taifead Éireannach ó 30 contae, Thuaidh agus Theas, ar an láithreán síntiúis *Rootsireland.ie* faoi láthair. Is gné den láithreán uathúil seo í Seirbhís Ghinealais Chill Mhantáin i gcónaí agus cuirtear an bailiúchán taifead paróiste is iomlánaí ar domhan ar fáil léi.

Cuir chun Cinn:

- Leantar den tseirbhís a chur chun cinn le linn na bliana, trí bhíthin ailt a sheoltar chuig irisí éagsúla ginealais agus chuig foilseacháin ar líne.
- Cuireann Fóram Oidhreachta Chill Mhantáin an tseirbhís chun cinn trí bhíthin an Phlean Oidhreachta.
- Tá an tseirbhís mar chuid de Chumann na hÉireann um Stair Theaghlach, an dream a chruthaigh www.rootsireland.ie a chuireann seirbhísí ginealais de

Tuarascáil Bhliantúil 2017



réir contaetha na hÉireann chun cinn ar fud an domhain.

Tionscadail:

- Déanann an tSeirbhís Ghinealais taighde do dhaoine de bhunaidh Chill Mhantáin agus déanann comhfhreagras le daoine de bhunaidh Chill Mhantáin ar fud an domhain. Cuireann sí an Contae chun cinn mar cheann scríbe do dhaoine atá ar thóir a sinsear.
- Ag leanúint le clár digitithe Chartlann an Chontae, cuireadh tús le Clár Thithe na mBocht a an Chontae a dhigitiú in 2017 agus cuirfear ar líne iad in 2018. Ar na bailiúcháin dhigitithe atá ar líne cheana féin tá Taifid an Ard-Ghiúiré; Leabhair Mhiontuairiscí Chomhairle Contae Chill Mhantáin; Miontuairiscí Chomhairle Ceantair Uirbigh an Inbhir Mhóir. Déanfar tuilleadh digitithe in 2018.
- Tá *mol taifead* d'Eastát Mhic Liam, Cúil Aitinn, Contae Chill Mhantáin á dhéanamh ag an tseirbhís cartlainne i gcomhar le Coláiste na Tríonóide, an Leabharlann Náisiúnta agus Courthouse Arts Centre, Tigh na hÉille. Is de shliocht na dtionóntaí a d'fhág an chuid sin den chontae tráth an Ghorta Mhóir iad na céadta míle duine as Ceanada agus Stáit Aontaithe Mheiriceá. Seolfar an láithreán gréasáin in 2018 agus ann beidh taifid maidir le tionóntaí sa 19ú hAois, chomh maith le taifid pharóiste, chontae agus theach na mbocht ó bhailiúcháin Chartlann an Chontae.

- Tionscadal Mhianadóirí Chill Mhantáin-Cumberland – ag obair i gcomhar leis an Cumberland Miners Group chun lorg imirceach Chill Mhantáin sa 19ú agus sa 20ú hAois chuig pobail mhianadóireachta Cumberland a leanúint.
- Is cuid de líonra láithreán gréasáin a chruthaigh Ard-Mhúsaem na hÉireann é *Láithreán Gréasáin Oidhreachta Chontae Chill Mhantáin*. Tá Rannóg Ghinealais ar an láithreán ina bhfuil ailt a thugann treoir ar thaighde a dhéanamh ar Chill Mhantáin.
- Éire Ildánach 2017-2022 – is ball í Cartlann an Chontae d'Fhoireann Chultúir Chill Mhantáin a dhéanann tionscadail Éire Ildánach i gCill Mhantáin a chomhordú.

Bainistiú Taifead:

Déanann Grúpa Bainistithe Taifead Chomhairle Contae Chill Mhantáin maoirseacht ar chlár bainistithe Chomhairle Contae Chill Mhantáin, ag tagairt do ***Bheartas Náisiúnta Coinneála i leith Thaifid na nÚdarás Áitiúil*** arna fhoilsiú ag an LGMSB. Freastalóidh an cartlannaí agus comhaltaí eile den ghrúpa ar oiliúint ar GDPR ar Champas Clermont in 2018 fad a oibreoidh siad leis an rannóg TF le bheith ullamh don GDPR.

Gníomhaíocht phobail ar thug Comhairle Contae Chill Mhantáin fúithi le linn 2017:

Comhairle na nÓg

lean Comhairle Contae Chill Mhantáin, i gcomhpháirtíocht le Bord Oideachais agus Oiliúna Chill Dara agus Chill Mhantáin (KWETB) ag forbairt struchtúir Chomhairle

Tuarascáil Bhliantúil 2017



na nÓg Chill Mhantáin. Tá thart ar aon cheann is fiche de scoileanna agus de ghrúpaí óige áitiúla páirteach i scéim áitiúil Chomhairle na nÓg.

Tá brainse réigiúnach amháin de Chomhairle na nÓg i ngach ceann de na cúig thoghcheantar áitiúla i gContae Chill Mhantáin.

- Cill Mhantáin
- Bré
- Na Clocha Liatha
- An tInbhear Mór
- Bealach Conglais

Tagann na cúig Chomhairle na nÓg/Fhóram Óige Réigiúnach le chéile go rialta agus bíonn siad i dteagmháil lena nÚdarás Áitiúil agus le comhlachtaí eile cinnteoireachta. Tá ionadaithe tofa acu ar Chomhairle na nÓg ar leibhéal an chontae, a bheidh i dteagmháil le Comhairle Chontae Chill Mhantáin, le Bord Oideachais agus Oiliúna Chill Dara agus Chill Mhantáin, le Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt Chill Mhantáin, le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus le comhlachtaí eile cinnteoireachta sa Chontae. Toghfar ionadaithe ón struchtúr sin chuig Dáil na nÓg ar an leibhéal náisiúnta.

Táscairí Feidhmíochta Gníomhaíochta 2017

An tAos Óg agus an Pobal (B1 agus B2)

B1 : Rannpháirtíocht i scéim Chomhairle na nÓg

(A)Céatadán na scoileanna áitiúla a bhí rannpháirteach i scéim Chomhairle na nÓg= 65.22%

Tiomsaithe mar seo a leanas:-

Líon na scoileanna dara leibhéal i gceantar an Údaráis Áitiúil amhail 31/12/2017 = **23**

Líon na scoileanna dara leibhéal i gceantar an Údaráis Áitiúil ónar fhreastail ionadaithe ar Chomhairle na nÓg áitiúil ar an gcruinniú cinn bhliana a tionóladh in 2017 = **15**

Tuarascáil Bhliantúil 2017



Dámhachtainí Pobail 2017

Bhí ciste foriomlán €250,000 i nDeontais na nDámhachtainí Pobail don bhliain 2017 (€200,000 nDámhachtainí Deontas/Fiúntais Pobail agus €50,000 eile nuálaíochta Sóisialta Pobail).

Bhain 187 grúpa pobail/ cumann/ eagraíocht dheonach tairbhe as Scéim Dámhachtainí Pobail Chomhairle Contae Chill Mhantáin in 2017.

Bronnadh Dámhachtainí Fiúntais dar luach €31,000.00 ar 5 eagraíocht in 2017

Duaiseanna Mórtas Cine is Ceantair 2017 - Chomhar na hÉireann 'Uile-Oileáin'

Ghlac Comhairle Contae Chill Mhantáin páirt arís in 2017 i gcomórtas bliantúil Uile-Oileáin de chuid IPB agus Chomhar na hÉireann, Mórtas Cine is Ceantair.

Is comórtas bliantúil mór le rá é sin, a bhfuil mar aidhm leis aitheantas a thabhairt don obair as cuimse atá ar bun ag pobail ar fud na hÉireann, Thuaidh agus Theas, agus tugann sé deis d'Údaráis Áitiúla páirt a ghlacadh i gcroílár an phobail.

Comhar na hÉireann agus Comhar-Árachais Chomhlachtaí Poiblí na hÉireann (IPB) urraitheoirí an tionscnaimh.

D'ainmnigh Comhairle Contae Chill Mhantáin 4 Thionscadal faoi na Catagóirí seo a leanas in 2017.

Catagóir: Tionscnamh Pobalbhunaithe don Aos Óg

Seirbhís don Aos Óg, Cill Mhantáin Thoir

The VAULT – Ionad an Inbhir Mhóir don Aos Óg

Is tionscnamh pobail é seo do dhaoine óga 10-24 bliana d'aois. Cuirtear tacaíochtaí agus deiseanna ar fáil do dhaoine óga leis an tseirbhís, trí bhíthin na modheolaíochtaí seo a leanas.

Seirbhís buail-isteach – Oscailte 6 lá sa tseachtain mar áit shábháilte do dhaoine óga chun bualadh le chéile agus chun caidrimh dhearfacha a chothú le hoibrithe óige gairmiúla

For-rochtain– Téann an fhoireann amach chun bualadh le daoine óga nach mbeadh rannpháirteach sa tseirbhís seachas sin

Tacaíocht– le saincheisteanna amhail luathfhágáil scoile, tithíocht, cearta agus teidlíochtaí, ceartas don aos óg

Obair Ghrúpa–lena n-áirítear tacaíocht LGBTI, ceannaireacht, ceol, ealaíon, tionscnamh fostaíochta don aos óg agus go leor eile.

Cosc ar Dhrugaí agus Tacaíochtaí Oideachais

Cláir Shamhraidh

Imeachtaí Téamacha

Tugann The VAULT tosaíocht d'oibriú leo siúd is géire a dteastaíonn ár tacaíocht uathu.

Is é misean The VAULT áit shábháilte a sholáthar do dhaoine óga atá uilechuimsitheach, ina gcuirtear fáilte rompu agus ina léirítear meas orthu. Cothóidh sé tuiscint ar mhuintearas agus ar rannpháirtíocht agus méadóidh sé

Tuarascáil Bhliantúil 2017



rannchuidiú daoine óga leis an bpobal i gcoitinne.

Catagóir: Comharsanachtaí Uirbeacha

Tionscadal Acmhainní Teaghlaigh agus Forbartha Bhré

Tá Cór Pobail Cheile lonnaithe san Fhasach Rua, Bré Beag, Contae Chill Mhantáin. Bunaíodh é i mí an Mhárta 2016 agus an misean a bhí aige, gach duine a chur san áireamh, beag beann ar aois, cháilíocht nó chúlra. Ní raibh éisteachtaí ná dianrialacha i gceist; an t-aon choinníoll le clárú ná bheith toilteanach páirt a ghlacadh in imeacht seachtainiúil go fonnmar agus bheith sásta canadh le daoine eile ar gach cumas, aois agus cúlra. Tá 48 gcomhalta sa chór anois. An rud a spreag an tionscadal, rannpháirtíocht agus comhtháthú pobail a chur chun cinn, lena n-áirítear feasacht ar gníomhartha dhearfacha sa phobal agus cumhacht an phobail féin maidir leis an rud is fearr dó a chinneadh. Tháinig an smaoineamh don chór chun cinn mar gur chuir daoine sa phobal in iúl gur mian leo cuma an cheiliúrtha a chur orthu féin agus croí an phobail a ardú. Tá sé beartaithe cór uilechuimsitheach a chothú ach é a fhorbairt go leanúnach, chomh maith le folláine trí bhíthin amhrán agus cuimsiú sóisialta a chur chun cinn, agus an pobal a chuimsiú trí bhíthin daoine óga a chur san áireamh.

Catagóir: Tionscnamh Áit Ildánach

Signal Arts Centre, Bré

Bunaíodh Signal Arts Centre i mí Iúil 1990 chun aghaidh a thabhairt ar an easpa lárphointe do na hamharcealaíona i mBré

agus i gCill Mhantáin Thuaidh, agus ag an am céanna saoráid phraiticiúil a bhunú ina bhféadfadh ealaíontóirí a saothar féin a fhorbairt agus na healaíona a chur ar fáil go réidh don phobal áitiúil. Tá tionchar nach beag déanta ag an ionad i mBré i réimsí na n-ealaíon agus an oideachais, ach freisin mar mhír bhreise i mbonneagar turasóireachta an bhaile. Ar phríomhchuspóirí Signal Arts Centre tá é féin a fhorbairt mar Ionad Barr Feabhais do na hamharcealaíona a fhéadfaidh feidhmiú mar acmhainn d'ealaíontóirí agus don phobal i gcoitinne, próifíl na n-ealaíontóirí agus na n-ealaíon i gcoitinne a mhéadú, raon seirbhísí oiliúna agus oideachais a sholáthar do chleachtóirí na n-ealaíon, cabhrú leo a ngairmeacha a fhorbairt, deis a thabhairt dóibh a saothar a chur ar taispeáint agus clár for-rochtana a fheidhmiú do thionscadail ealaíon pobail.

Catagóir: Tionscnamh Teagmhála Pobail

Street Feast

Lá náisiúnta cóisirí ar na sráideanna is ea Street Feast a dhéanann ceiliúradh ar an bpobal ach béile a roinnt le comharsana. Is tionscnamh Éireannach é chun beocht a chur ar ais sna sráideanna. Smoineamh simplí atá ann: a oiread daoine agus is féidir a thabhairt le chéile chun suí síos chuig boird agus lon a ithe lena gcomharsana ina bpobal áitiúil. Ceiliúradh neamhbhrabúis, ar son an spraoi, féin-eagraithe atá ann. Is Street Feast é cúpla comharsa ag teacht le chéile i ngairdín tí nó pobal iomlán ag teacht le chéile ag cóisir sráide. Is féidir é a thionóladh áit ar bith – ar chosán, i lána, i bpáirc áitiúil. Tá fáilte roimh gach duine teacht agus rud éigin le roinnt a thabhairt leo – cathaoir, bia nó uirlis cheoil. Bíonn daoine de gach cineál, gach aois, gach cumas, gach creideamh agus gach cultúr

Tuarascáil Bhliantúil 2017



páirteach i Street Feast agus iad ag suí síos le haghaidh béile le chéile.

Oibríochtaí Limistéir Fóillíochta Faoin Aer

Áirítear leis sin na saoráidí fóillíochta faoin aer seo a leanas a fheidhmiú, a chothabháil agus a fheabhsú.

Clóis súgartha arna gcur ar fáil ag Comhairle Contae Chill Mhantáin ar fud Chontae Chill Mhantáin.

- Na Clocha Liatha: Clós Súgartha, Bóthar an Mhuilinn, na Clocha Liatha.
 - Cill Mocheanóg: Clós Súgartha, Páirc Ghort na Carraige.
 - An Caisleán Nua: Clós Súgartha, Bóthar Cósta Chill Mhantáin, an Caisleán Nua.
 - Baile an Chinnéidigh: Clós Súgartha Páistí (arna oscailt in 2016)
- An tInbhear Mór : Ascaill Radharc na Mara, An tInbhear Mór.
 - An tInbhear Mór: Plás San Peadar, An tInbhear Mór.
 - An tInbhear Mór: an Fhaiche Theas, An tInbhear Mór.
 - Bré: Baile Bhaltraim, Bré.
 - Bré: Fasach Rua, Bré
 - Bré: Arda Ghiolaspar, Bóthar Chros an Deiscirt, Bré.
 - Bré: Páirc an Phobail, Bóthar na Deargaile, Bré.
 - Bré: Páirc Shuí Mhantáin, Bré.
 - Bré: Cladach Bhré, an Phromanáid.
 - Baile Chill Mhantáin: Baile an Oiriún.
 - Baile Chill Mhantáin: Radharc an Chnoic.
 - Baile Chill Mhantáin: An Mhuiríoch.
 - Ráth Naoi: Clós Súgartha agus láthair do Dhéagóirí le Páirc Scátála agus BMX
 - Bealach Conglais: Páirc áineasa agus Clós Súgartha.
 - Baile Coimín: Clós Súgartha, an Pháirc Ghnó, Baile Coimín.
 - Áth na Sceire: Clós Súgartha, Garrán na Mainistreach, Áth na Sceire.

Tuarascáil Bhliantúil 2017



Páirc Phobail Bhealach Conglais

Molta:

- Na Clocha Liatha (Uasghrádú/Athsholáthar) – 2018
- Carn an Bhua – 2018
- Ráth Daingin – 2018
- Baile an Chinnéidigh (Clós súgartha agus Scailp na nGasóg) – 2018
- An Tóchar – 2018
- An Láithreach 2018

Páirceanna Scátála: -

- Páirc Scátála an Inbhir Mhóir, agus MUGA ag Ascaill Radharc na Mara.
- Páirc Scátála agus Cúrsa BMX agus MUGA ag an gCladach, an Mhuiríoch.
- Páirc Scátála, an Pháirc Ghnó, Baile Coimín
- Páirc Spóirt, Caitheamh Aimsire agus Scátála, agus Raon Lúthchleasaíochta ag Acra na mBodach, na Clocha Liatha.

Molta:

- Páirc Scátála Bhealach Conglais – 2018

Clóis súgartha arna n-éascú ag Comhairle Contae Chill Mhantáin i gcomhar le: -

- Clós Súgartha Eachroma.
- Clós Súgartha agus MUGA an Inbhir Mhóir ag Ascaill Radharc na Mara.
- Áth na Fuinseoige: Clós Súgartha Pháirc Phobail
- Páirc Spóirt, Caitheamh Aimsire agus Scátála, agus Raon Lúthchleasaíochta ag Acra na mBodach, na Clocha Liatha.
- Dún Luáin: Clós Súgartha.
- Eden Gate: Clós Súgartha, Acra na mBodach, Na Clocha Liatha.
- Gráinseach Choinn: Clós Súgartha.
- Cnoc an Eanaigh: Clós Súgartha.
- Ráth Droma: Clós Súgartha.
- Síol Éalaigh: Clós Súgartha
- Tigh na hÉille: Clós Súgartha agus MUGA

Saoráid caitheamh aimsire den chéad scoth is ea Páirc Phobail Bhealach Conglais, a d'fhorbair Comhairle Contae Chill Mhantáin i gcomhar le Coiste Pháirc Bhealach Conglais.

Tá a lán gnéithe breátha le feiceáil sa Pháirc lena n-áirítear clós súgartha, clárchosán inrochtana feadh abhainn na Sláine, láithreacha picnicí, páirceanna, agus sraith siúlbealaí ar fud na páirce. Sampla an-mhaith atá sa pháirc seo de chomhpháirtíocht ag gníomhú idir an tÚdarás Áitiúil agus an pobal áitiúil.

Forbairt Pobail agus Forbairt Spóirt agus Caitheamh Aimsire

I gcomhpháirtíocht ag:-

- Páirc Phobail Áth na Fuinseoige; Saoráid Ghasóg agus Óige an Inbhir Mhóir; an tInbhear Mór; Cumann Forbartha Áth na Fuinseoige; Ionad Pobail Ráth Naoi; Fóram Gníomhach Ráth Naoi, Ráth Naoi, Raon Siúil/Bogshodair; Spórt agus Caitheamh Aimsire Pobail Eachroma; Halla Pobail Ghleann Fhaidhle; Conairí Bhaile Coimín agus Fhóram an Cheantair; Páirc Scátála agus Spórtlann Faoin Aer Chill Mhantáin; Ionad Pobail Chill Chomhghaill; Ionad Acmhainní Pobail Chill Mhantáin (Halla Paróiste roimhe seo)
- Turasóireacht/Straitéis Caitheamh Aimsire Faoin Aer Chill Mhantáin/Conairí Caitheamh Aimsire.
- Comhpháirtíocht Bhealach Chill Mhantáin.
- Comhpháirtíocht Bhaile Coimín um Shiúl an Ghlasbhealaigh.
- Fáilte Éireann Chill Dara/Chill Mhantáin.
- Straitéis Chomhpháirtíocht Spóirt Áitiúil Chill Mhantáin.
- Siúlóid Shárcéimhe Aille Cois Farráige Chomhairle Contae Chill Mhantáin ó Bhré go dtí na Clocha Liatha agus Conair Thurasóireachta

COMHPHÁIRTÍOCHT ÁITIÚIL SPÓIRT CHILL MHANTÁIN (LSP)

Forléargas

Straitéis Caitheamh Aimsire Faoin Aer Chontae Chill Mhantáin

Bunaíodh Coiste Caitheamh Aimsire Faoin Aer Chontae Chill Dara i mí Iúil 2009 chun na straitéisí a chur chun feidhme arna léiriú i Straitéis Caitheamh Aimsire Faoin Aer Chontae Chill Mhantáin.

Tháinig ann don straitéis seo mar thoradh ar phróiseas fairsing comhairliúcháin arna bhainistiú ag Comhpháirtíocht Chontae Chill Mhantáin i gcomhar le Coillte, Fáilte Éireann, Comhairle Spóirt na hÉireann (Spóirt na hÉireann anois), an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, Comhairle Contae Chill Mhantáin, Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann de chuid Chill Mhantáin, agus Comhairle Ardtailte Chill Mhantáin. Thángthas ar fhís fhoriomlán de bharr an phróisis chomhairliúcháin sin do chaitheamh aimsire lasmuigh i gContae Chill Mhantáin.

Sainnithníodh cúig chuspóir straitéiseacha, a chabhródh, agus iad i dteannta a chéile, chun an fhís a comhaontaíodh a bhaint amach. is iad seo a leanas na cuspóirí sin:

- bainistíocht chomhtháite ar chaitheamh aimsire faoin aer.
- Feabhas a chur ar dheiseanna agus ar shaoráidí ar son caitheamh aimsire inbhuanaithe faoin aer.
- Tacaíocht a thabhairt ar son an chaomhnaithe trí chaitheamh aimsire faoin aer.
- Cur chun cinn, oideachas agus feasacht a ardú maidir le caitheamh aimsire faoin aer.
- Turasóireacht agus fiontraíocht caitheamh aimsire faoin aer a spreagadh.

Bunaíodh Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt Chill Mhantáin in 2008, le tacaíocht tionscnamh Chomhpháirtíochta Spóirt Áitiúil Chomhairle Spóirt na hÉireann ag an am. Tá bord Comhpháirtíochta Áitiúla Spóirt Chill Mhantáin comhdhéanta d'ionadaithe ó éagsúlacht gníomhaireachtaí, eagraíochtaí agus ó ghrúpaí pobail a bhfuil baint acu leis an spórt, gníomhaíocht choirp, caitheamh aimsire faoin aer agus forbairt phobail.

Áirítear ar phríomhfheidhmeanna Chomhpháirtíochta Áitiúil Spóirt Chill Mhantáin: -

Soláthar faisnéise

Tá baint ag Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt Chill Mhantáin le faisnéis maidir le cúrsaí áitiúla spóirt a chomhordú, tionscnamh taighde, tiomsú eolaire agus bunachar sonraí spóirt, ag sainnithint riachtanas agus acmhainní le bheith ina mar bhunchuid den phleanáil áitiúil agus le fóram comhairle spóirt a chur ar bun.

Oideachas agus Oiliúint

Cuireann Comhpháirtíocht áitiúil Spóirt Chill Mhantáin deiseanna oideachais agus oiliúna ar fáil ar leibhéal áitiúil, lena n-áirítear cúrsaí oiliúna cineálacha i réimsí amhail Cód Eitice, Garchabhair agus Ceannaireacht Ghníomhach, agus tacaíonn siad chomh maith le sainchúrsaí spóirt a sheachadadh i gcomhar le Comhlachtaí Náisiúnta Rialaithe Spóirt.

Cur i bhFeidhm

Cuireann Comhpháirtíocht Spóirt áitiúil Chill Mhantáin raon clár náisiúnta i bhfeidhm le rannpháirtíocht a spreagadh e.g. Buntús, Mná sa

Tuarascáil Bhliantúil 2017



Spóirt, Ar Son na Beatha. Seachadtar cláir i réimsí amhail Forbairt Spóirt, Spóirt Pobail agus Gníomhaíocht Choirp, Spóirt Scoile, Spóirt na hÓige agus Cuimsiú Spóirt. Cuirfidh Comhpháirtíocht Spóirt áitiúil Chill Mhantáin cláir spóirt i bhfeidhm chomh maith i gcomhthéacs an phlean áitiúil straitéisigh don spóirt agus do ghníomhaíocht choirp i gcomhréir le tosaíochtaí Spóirt Éireann.

Gníomhartha a rinneadh in 2017

Chabhraigh Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt Chill Mhantáin le raon leathan tionscnamh a sheachadadh inar díródh ar rannpháirtíocht sa spóirt agus i ngníomhaíochta choirp a chur chun cinn i gCill Mhantáin;

- **Cúrsaí Cosanta** a reáchtáladh in 2017: 24 chúrsa curtha ar fáil le 291 rannpháirtí.
- 1 chúrsa **Garchabhrach Spóirt** le 13 rannpháirtí.
- **Parkrun**: Cuireadh tús le Parkrun Russborough an 2 Nollaig 2017 le 80 rannpháirtí. Is rith 5km amaithe saor in aisce é seo a tharlaíonn gach maidin Sathairn ar a 9:30am.
- **Daoine Scothaosta**: Chuir LSP Chill Mhantáin foireann chuig na Cluichí Ar Son na Beatha LSP do Dhaoine Scothaosta i mí an Mheithimh 2017
- **Daoine Scothaosta**: Ranganna Active Aging ar siúl sna Clocha Liatha.
- **Scoileanna**: Rinneadh an One Million Step Challenge i 25 scoil.
- **Scoileanna**: Seoladh clár pólótach tógáil meáchan do chailíní meánscoile in Loreto Bré.
- **Scoileanna**: Rinneadh an clár Tarraingt na Téide clár in 8 scoil agus thug 5 scoil 38 bhfoireann agus 200 leanbh chuig Shoreline don lá Blitz.
- **Scoileanna**: Clár tosaigh 4 seachtaine sa damhsa in 8 scoil i gCill Mhantáin (4 sa taobh Thiar agus 4 sa taobh Thoir). Ghlac leanaí 5-8 bliana d'aois páirt ann agus díródh ar bhunscileanna luaileacha a fhorbairt trí bhíthin damhsa.

- **Seachtain na Rothar**: Mionfhéile na Rothar an 17 Meitheamh ar Chladach Bré, le breis is 100 leanbh agus duine fásta rannpháirteach
- **Seachtain na Rothar**: Bronnadh €250 ar 4 scoil, €1,000 san iomlán, chun gníomhaíocht a bhain leis an rothaíocht a eagrú le linn Sheachtain na Rothar 2017. Ba iad sin Bré, Áth na Sráide, Cill Mhantáin agus Baile an Chinnéidigh
- **Operation Transformation 2017**–Dé Sathairn an 7 Eanáir 2017; tionóladh siúlóidí i mBaile Coimín, i mBré agus i mBaile Chill Mhantáin
- **Deontais Phobail**: Tugadh Deontais Phobail do 22 Chlub Spóirt in 2017; líon iomlán de €20,675
- **Deontais Chaipitil Spóirt**: Fuair clubanna Chill Mhantáin beagnach €1.8 milliún in 2017. Fuarthas 71 iarratas ó Chill Mhantáin ar Dheontais Chaipitil Spóirt in 2017. Measadh 8 n-iarratas mar neamhbhailí agus d'éirigh le 60 iarratas.
- **Leithdháileadh na gCuntas Díomhaoin**: leithdháileadh €16,000 chun clár idirghabhála a reáchtáil i gcomhar le Cumann Pheil na mBan. Leithdháileadh €13,000 chun clár gníomhachtaithe cóitseála pobail a rith in 2018.
- Leithdháileadh maoiniú faoi **Éire Sláintiúil** ar Chomhpháirtíocht Spóirt Chill Mhantáin in 2017 chun roinnt clár a reáchtáil tríd an LCDC. Reáchtálfar na cláir sin le linn 2018.

Gníomhartha atá beartaithe do 2018

- Parkrun sa Chraobhach, i dTigh Glinne agus i mBealach Conglais
- Ranganna aclaíochta do dhaoine scothaosta ar fud an chontae
- Oiliúint Cosanta, Garchabhrach agus Chuimsiú do Dhaoine faoi Mhíchumas a sholáthar
- Campa Gníomhaíochta Cuimsithe do Dhaoine faoi Mhíchumas a éascú
- Feachtas áineasa faoin aer a rolladh amach
- Deontais Spóirt a dháileadh

Tuarascáil Bhliantúil 2017



- Seachtain na Scoileanna Gníomhacha, Seachtain na Rothar agus tionscnaimh náisiúnta eile a chomhordú agus a chur chun cinn
- Comhpháirtíochtaí a fhorbairt le comhlachtaí eile chun soláthar straitéiseach spriocdhírthe a dhéanamh maidir le gníomhaíocht choirp ar fud Chontae Chill Mhantáin
- Tacú le spriocghrúpaí tabhairt faoi níos mó gníomhaíochta coirp
- Leanúint d'oidreachas a thabhairt don phobal maidir le tábhacht na gníomhaíochta coirp sa saol laethúil
- Cur leis an bhfeasacht faoi Chomhpháirtíocht Áitiúil Spóirt Chill Mhantáin agus faoi na deiseanna a chuireann sí ar fáil do pháirtithe leasmhara agus do spriocghrúpaí.
- Leanúint de na Cláir éagsúla ar tugadh fúthu in 2017 a rolladh amach.

Tá Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt Chill Mhantáin ar Facebook agus ar Twitter. Láithreán gréasáin: www.CillMhantainIsp.ie

Oifig Ealaíon Chontae Chill Mhantáin

Tá traidisiún saibhir ealaíonta agus cultúrtha ag Contae Chill Mhantáin ina mbíonn raon leathan gníomhaíochtaí beo ar siúl i réimsí na hamharcealaíona, an cheoil, na hamharclainne, na litríochta, na dealbhóireachta, in ealaíona na n-óg, ealaíona pobail agus féilte. Is é aidhm Chláir ealaíon Chomhairle Contae Chill Mhantáin an traidisiún saibhir seo a chothú agus a fhorbairt agus a chinntiú go bhfuil rochtain ar na healaíona ag gach duine sa chontae.

[Deontais faoi Achtanna na nEalaíon](#)

Le Scéim na nDámhachtainí um Thacaíocht d'Ealaíontóirí, le Scéim na nDámhachtainí do Ghrúpaí agus d'Eagraíochtaí Ealaíon agus le Scéim na nDámhachtainí d'Fhéilte Ealaíon, díritear ar chleachtas ealaíonta i ngach disciplín ag daoine nó ag grúpaí as Cill Mhantáin nó lonnaithe ann. Déantar na Deontais Ealaíon a thairiscint gach bliain chun féilte agus cláir ealaíon ardchaighdeán agus ardtionchair a sholáthar agus chun forbairt straitéiseach na n-ealaíon sa Chontae a fheabhsú agus cur léi.

(1) Scéim na nDámhachtainí um Thacaíocht d'Ealaíontóirí

Is é cuspóir na scéime tacaíochta seo cabhrú le healaíontóirí a gcleachtas a fhorbairt agus rannchuidiú suntasach a dhéanamh le saol gairmiúil ealaíontóirí ar as Cill Mhantáin dóibh nó atá ag cónaí i gCill Mhantáin. Fuarthas 25 iarratas faoin spriocdháta agus tugadh dámhachtain do naonúr ealaíontóirí.

(2) Scéim na nDámhachtainí d'Fhéilte Ealaíon

Fuarthas iarratais i ndáil le cláir ardchaighdeán le healaíontóirí áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta arna gcur i láthair mar chuid d'Fhéilte na n-iarratasóirí. Ceol an fhoirm ealaíne ba mhó a cuireadh i láthair sna Féilte. I measc imeachtaí eile bhí imeachtaí liteartha, amharcealaíon agus deiseanna do rannpháirtíocht sna healaíona. Rinneadh sé iarratas faoin scéim seo agus tugadh maoiniú dóibh go léir.

(3) Scéim na nDámhachtainí do Ghrúpaí agus d'Eagraíochtaí Ealaíon

Ba é cuspóir na scéime dámhachtana sin tacú le grúpaí nó eagraíochtaí ealaíon tionscadal ealaíon a thabhairt i gcrích nó clár a thacódh lena bhforbairt ealaíonta. Ba é a bhí beartaithe leis an dámhachtain seo maoiniú iomlán nó páirteach a thabhairt do thionscadal/chlár agus an toradh a bheadh air sin saothar nua a thabhairt i gcrích nó a chur ar taispeáint. Glacadh le hiarratais ar

Tuarascáil Bhliantúil 2017



chéim taighde agus forbartha le haghaidh tionscnaimh nua nó chun tionscadal nó clár ealaíon nua a léiriú/a chur i bhfeidhm. Rinneadh aon iarratas déag faoin scéim seo agus tugadh maoiniú do shé cinn díobh.

Tionscadail Straitéiseacha – Dámhachtainí

Bhí na dámhachtainí seo beartaithe tacú le saothar nua a fhorbairt i gCill Mhantáin ag cónaitheoirí Chill Mhantáin agus ag daoine ó lasmuigh de Chill Mhantáin. Thug an Oifig Ealaíon an próiseas iarratais ar Dhámhachtainí do Thionscadail Straitéiseacha chun críche. Leis sin, tacófar le forbairt chomhoibríoch agus seachadadh thionscadail nua, ardchaighdeán i rith 2018. Roghnaíodh trí dhámhachtain in 2017:

Ealaín Phoiblí – Coimisiún Bhré

Is clár arna mhaoiniú ag an Rialtas í an Scéim Céatadán don Ealaín lenar féidir le cliant (Údarás Áitiúil, scoil, ospidéal, an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, nó Oifig na nOibreacha Poiblí, de ghnáth) cur isteach ar mhaoiniú breise suas go 1% den chostas ar bhonneagar foirgnimh arna mhaoiniú go poiblí, chun saothar ealaíne bunaidh a bhaineann go sonrach leis an suíomh agus leis an gcomhthéacs a choimisiúnú. Tá uasteorainn €64,000 ar an 1%. Tá an ciste ar fáil ar feadh na rann rialtais agus tacaíonn sé le coimisiúnú ealaíontóirí agus saothar ealaíne i ngach foirm ealaíne chomhaimseartha.

Tá sraith de cheithre choimisiún ealaíne poiblí a bhaineann go sonrach leis an suíomh ar bun faoi láthair i mBré. Sitely Aesthetics, comhpháirtíocht ealaíne poiblí ina bhfuil Jennie Guy agus Eilís Lavelle, atá ina gcoimeádaithe maidir leo.

Is iad na ceithre háit ina ndéanfar an saothar:

- Droichead Fran O'Toole– d'fhorbair na coimeádaithe an plean do Dhroichead Fran O'Toole Bridge i gcomhar leis an Oifigeach Ealaíon agus le hInnealtóirí ó Chomhairle

Contae Chill Mhantáin – tá an próiseas fós ar bun.

- Íosbhealach Ascaill Albert– roghnaíodh triúr ealaíontóirí agus bronnadh €1,000 orthu chun tograí mionsonraí a fhorbairt don suíomh – tá an próiseas fós ar bun.
- Coláiste Ráithín, Ravenswell – tháinig an painéal roghnaithe le chéile agus rinne measúnú ar na tograí ar ghearrliosta de sheisear ealaíontóirí. Tugadh an coimisiún do Alice Rekab.
- Scoil Náisiúnta Philomena, Ravenswell –tugadh cuairteanna ar an suíomh agus tá cainteanna fós ar siúl idir na coimeádaithe agus múinteoirí sa scoil.

Music Generation Chill Mhantáin

Bhuail comhaltaí de Music Generation Chill Mhantáin le baill foirne agus le comhaltaí boird ón oifig náisiúnta chun turas ar scoileanna sa chontae a dhéanamh. Bhuail an grúpa le teagascóirí, le múinteoirí agus le leanaí i Scoil Náisiúnta Dhún Ard, i Scoil Náisiúnta Thigh na hÉille agus i Scoil Náisiúnta Pádraig, sna Clocha Liatha. Phléigh siad buntáiste ealaíonta, sóisialta agus idirphearsanta an chláir do leanaí an chontae. Thuairisc Ann Nolan gur ghlac 4,000 leanbh agus duine óg i gCill Mhantáin páirt in oideachas faoi léiriú ceoil go rialta agus gur fostaíodh 31 theagascóir ceoil gach seachtain.

Oíche Chultúir

Tionóladh clár iontach 33 imeacht ealaíon agus cultúir Dé hAoine an 22 Meán Fómhair, mar chuid den Oíche Chultúir. Tugadh cuireadh don phobal a bheith rannpháirteach in imeachtaí agus gníomhaíochtaí saor in aisce sa cheol, sa drámaíocht, sa litríocht, sa damhsa, sna hamharcealaíona, sa scéalaíocht agus i scannánaíocht. Bhí cainteanna agus turais ar fáil don teaghlach uile freisin. Tionóladh imeachtaí in aon láthair déag ar fud an chontae, ina measc: An tInbhear Mór, Áth na Fuinseoige, Eachroim,

Tuarascáil Bhliantúil 2017



Abhóca, Baile Coimín, Bré, Donard, Na Clocha Liatha, Cillín Chaoimhín, An Chros Dhearg, agus Baile Chill Mhantáin.

Éire Ildánach

Fís atá mar threoir don Chlár Éire Ildánach, a deir go mbeidh deis ag gach duine in Éirinn a lánacmhainneacht chruthaitheach a bhaint amach. Is tionscnamh uile-Rialtais, cúig bliana é, ó 2017 go 2022, agus é mar aidhm leis an chruthaitheacht a chur ag croílár an bheartais phoiblí. Tá tuilleadh eolais ar <https://creative.ireland.ie/en> Tá mar aidhm leis an straitéis seo tacú le tuilleadh deiseanna do rannpháirtíocht an phobail leis an gcultúr agus leis an gcruthaitheacht – ag pobail agus ag daoine aonair ar fud Chontae Chill Mhantáin sna cúig bliana amach romhainn agus níos faide anonn.

Tionscadal a tionóladh in 2017: - Cruinniú na Cásca (Cáisc, an 17 Aibreán 2017)
Imeacht saor in aisce don phobal a tionóladh i dTeach Russborough agus i dTeach Kilruderry chun cultúr agus cruthaitheacht a cheiliúradh trí bhíthin raon éagsúil ceardlann, ina measc ceol, léitheoireacht agus iontais nár fógraíodh roimh ré.

CLÁIR EILE

REDZ 2016 (Criosanna Forbartha Geilleagraí Tuaithe)

D'éirigh go maith le scéim REDZ 2015, agus seoladh REDZ 2016 i mí Dheireadh Fómhair 2016. Cosúil le scéim 2015, dírtear le REDZ 2016 ar thacaíocht bhreise a thabhairt do thionscnaimh REDZ atá ann cheana féin agus chun an coincheap a fhorbairt tuilleadh i réimsí breise.

Cuirtear maoiniú ar fáil le REDZ 2016 do Thionscadail 'Suaitheanta' Réigiúnacha agus do Thionscadail Chontae.

Ceapadh ailtire don Mhúsaem Criadóireachta an Inbhir Mhóir san Inbhear Mór chun an foirgneamh a dhearadh agus chun an t-iarratas pleanála a réiteach lena chur isteach in 2018.

TIONSCADAIL SIÚLÓIDÍ

Siúlóid Aille Bhré go dtí Na Clocha Liatha

Cuireadh an coiste ar bun in athuair in 2016 agus choimisiúnaigh sé tuairisc ar shuirbhé ar riocht na siúlóide.

Tugadh roinnt réimsí a dteastaíonn obair uathu sa tuairisc agus tá obair ar bun faoi láthair chun dul i ngleic leis na réimsí sin.

Siúlóid Aille Chill Mhantáin

I ndiaidh tuairisc ar shuirbhé ar riocht na siúlóide a rinneadh ag deireadh 2016 agus togra chun cuid den siúlóid aille seo a chur ar mhalairt slí, táthar ag súil go ndéanfar roinnt feabhsúchán in 2017.

Siúlóidí i gContae Chill Mhantáin a Mhapáil

Leanadh in 2017 leis an obair chun na siúlóidí go léir sa chontae a mhapáil, chun bearnaí a shainaitheant agus chun fiosrú a dhéanamh ar an bhféidearthacht maidir leis na siúlóidí uile a nascadh le chéile. Tá roinnt bealaí nua sainaitheanta.

Tionscadal Bhealaí Cheilteacha INTERREG na hÉireann-na Breataine Bige

Tá Contae Chill Mhantáin chun leas a bhaint as tionscadal INTERREG na hÉireann-na Breataine Bige dar luach €2m ar aidhm leis cuairteoirí a spreagadh tabhairt faoi limistéir nach bhfuil eolas

Tuarascáil Bhliantúil 2017



mór orthu sa dá réigiún sin. Tionscadal na mBealaí Ceilteacha a thugtar air agus tá maoiniú €1.6m faighte aige ón AE, chomh maith le hinfheistíocht fhoriomlán €2m sna sé chontaetha a bheidh rannpháirteach ann. Tugtar spreagadh do chuairoteoirí tabhairt faoi áiteanna nua sa Bhreatain Bheag agus in Oirdheisceart na hÉireann ar an mbealach chun a gceann scríbe deiridh. Beidh an tionscadal i bhfeidhm in Carmarthenshire, Pembrokeshire agus Ceredigion sa Bhreatain Bheag, agus i gCill Mhantáin, i Loch Garman agus i bPort Láirge in Oirdheisceart na hÉireann.

An phríomhaidhm leis an tionscadal áiteanna nach bhfuil eolas mór orthu a athrú óna gcriosanna trasdula go láithreacha turasóireachta nua, cur leis an méid ama a chaitheann turasóirí sna réigiúin sin agus leas a bhaint as na deiseanna chun borradh a chur faoi gheilleagair áitiúla. Déanfar an tionscadal a fhorbairt trí bhíthin taighde ar chustaiméirí imeachtaí trádála agus ceardlanna chomh maith le cuairteanna trasteorann ag gnólachtaí in Éirinn agus sa Bhreatain Bheag chun saineolas agus smaointe a roinnt. Aidhm amháin atá leis an tionscadal is ea conairí nua a fhorbairt faoi 7 dtéama: cultúr áitiúil, timpeallacht dúlra, turasóireacht scannáin, bealaí oilithreachta, fiadhúlra, béaloideas agus traidisiúin.

Tacaítear leis an tionscadal seo ag Clár Comhoibríthe na hÉireann-na Breataine Bige 2014-2020, atá ag cabhrú le comhoibriú idir Éirinn agus an Bhreatain Bheag a threisiú, chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán eacnamaíochta agus sóisialta chomhroinnte.

Gormbhealach Chósta an Oirdheiscirt

Tá Comhairlí Contae Chill Mhantáin, Phort Láirge agus Loch Garman ag obair le chéile chun Gormbhealach Chósta an Oirdheiscirt a fhorbairt, a shínfídh ó Bhré i gContae Chill Mhantáin go dtí

Droichead Eochaille i gContae Phort Láirge, chomh maith le crios intíre 10 km.

Is conair gníomhaíochtaí uisce áineasa é Gormbhealach a dhéantar é a fhorbairt le húsáid le haghaidh gníomhaíochtaí uisce nach bhfuil mótar i gceist leo. Is féidir iad a fhorbairt ar chanáil, ar aibhneacha, ar locha nó ar feadh an chósta. Is féidir conairí gaolmhara eile talún-bhunaithe ar thaobh na conaire uisce a bheith mar chuid díobh. Tá achar 415km ag imeallbhord Chill Mhantáin, Loch Garman agus Phort Láirge le chéile. Tá fáil ag an bpobal air leis an iliomad tránna agus gníomhaíochtaí uisce-bhunaithe atá i bhfeidhm ar feadh an bhealaigh cheana féin. Tá oidhreacht láidir oidhreachta, ceardaíochta agus bia le fáil sa chonair talún, agus tá deis ann sin a fhorbairt tuilleadh.

Faoin gclár reatha LEADER, tá ciste ar leithligh €10m imfhálaithe faoin teideal Comhoibriú LEADER agus tá sé i gceist ag an trí chontae iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú faoin teideal sin chun an Gormbhealach a fhorbairt.

Cheadaigh an trí Ghrúpa Áitiúil Gníomhaíochta (LAG) an tionscadal agus bronnadh an tairiscint chun staidéar féidearthachta a dhéanamh ar na riachtanais forbartha agus ar phoitéinseal eacnamaíochta Ghlasbhealach Cósta an Oirdheiscirt ar Irish Leisure Consultants (ILC), Carrowcashel, Ráth Mealtain, Contae Dhún na nGall. Leis an tionscadal seo, cuirtear leis an Iniúchadh ar Shaoráidí Cósta an Oirdheiscirt (Contaetha Chill Mhantáin, Loch Garman agus Phort Láirge) a rinne comhpháirtíocht LEADER Phort Láirge, Comhpháirtíocht Forbartha Áitiúil Loch Garman agus Comhpháirtíocht Forbartha Áitiúil Chontae Chill Mhantáin i mí Lúnasa 2015.

Tuarascáil Bhliantúil 2017



Seirbhísí Fiontraíochta agus Corparáideacha

SPRIOC: “Soláthar agus coinneáil foirne leordhóthanach atá forbartha go gairmiúil chun freastal ar riachtanais na heagraíochta”

ROCHTAIN

Cinntíonn Oifigeach Rochtana Chomhairle Chontae Chill Mhantáin go bhfuil a seirbhísí inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas á gcur ar fáil trí rochtain chomhtháite ar na seirbhísí príomhshrutha mar is indéanta agus mar is cuí, de réir an Achta Náisiúnta um Míchumas 2005. Cuirtear oibleagáid shonrach san Acht um Míchumas 2005 ar chomhlachtaí poiblí chun foirgnimh phoiblí agus seirbhísí poiblí a dhéanamh inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas faoin mbliain 2005.

Grúpa Rochtana Údarás Áitiúil Chill Mhantáin (WLAAG)

Lean WLAAG ag cur tacaíochta agus comhairle ar fáil do Chomhairle Chontae Chill Mhantáin maidir le saincheisteanna rochtana ar feadh na bliana 2016. Cuireann an grúpa seo, atá comhdhéanta de dhaoine atá faoi mhíchumas agus d’ionadaíocht ó eagraíochtaí daoine atá faoi mhíchumas, saineolaithe ar fáil don Údarás Áitiúil sa réimse um míchumas agus rochtain. Bíonn teagmháil rialta ag an Oifig Rochtana le grúpaí agus le heagraíochtaí áitiúla agus náisiúnta araon atá ag déileáil le rochtain ar mhaithe lena chinntiú go bhfuil Comhairle Chontae Chill Mhantáin ag freastal ar a cuid oibleagáidí.

An Coiste Iniúcháireachta

Bunaíodh Coiste Iniúcháireachta Chomhairle Contae Chill Mhantáin i dtús báire sa bhliain 2007 faoi Alt V den Acht Rialtais Áitiúil (Ceantair Feabhsúcháin Gnó) 2005. Tar éis na dtoghchán áitiúil i mí na Bealtaine 2014, athbhunaíodh an

Coiste Iniúcháireachta arís. Cuimsíonn comhaltas an choiste anois:

- An tUasal Tom Gregan, Cathaoirleach
- An tUasal Noel Geraghty, Leasathaoirleach
- Mary Savage, Uasal
- An Comhairleoir Edward Timmins
- An Comhairleoir Gerry Walsh

Leagtar síos feidhmeanna an Choiste Iniúcháireachta in alt 59 den Acht Rialtais Áitiúil 2014 agus áirítear orthu:

- Athbhreithniú a dhéanamh ar na cleachtais agus nósanna imeachta tuairiscithe airgeadais agus buiséid laistigh den Údarás Áitiúil
- Forbairt sárchleachtais a chur chun cinn agus an tÚdarás Áitiúil ag cur a fheidhm iniúcháireachta inmheánaí i bhfeidhm
- Athbhreithniú a dhéanamh ar aon ráiteas airgeadais iniúchta, ar Thuarascáil an iniúcháora nó ar Thuarascáil Speisialta an iniúcháora maidir leis an Údarás Áitiúil agus measúnú a dhéanamh ar aon bheart a rinne an Príomhfheidhmeannach laistigh den údarás sin ag freagairt don ráiteas nó tuarascáil chéanna agus tuairisciú a dhéanamh don údarás ar na torthaí.
- Éifeachtúlacht agus luach ar airgead a mheasúnú maidir le feidhmíocht feidhmeanna na nÚdarás áitiúil
- Athbhreithniú a dhéanamh ar chórais a chuireann an tÚdarás áitiúil i bhfeidhm maidir le bainistíocht riosca
- Athbhreithniú a dhéanamh ar thorthaí agus ar mholtaí an Choimisiúin Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúcháireachta (NOAC) agus freagairt an Phríomhfheidhmeannaigh orthu sin agus gníomh breise a dhéanamh de réir mar is cuí.

Mar chuid den phróiseas tuairiscithe, chuir an Coiste iniúcháireachta Tuarascáil Bhliantúil 2016

Tuarascáil Bhliantúil 2017



faoi bhráid Chomhairle Contae Chill Mhantáin i mí Feabhra 2017.

Sa tuarascáil, chuir an Coiste fáilte roimh na tuarascálacha ar na sannacháin seo a leanas le linn na bliana:

- Comhlíonadh Lámhleabhar na Nósanna Imeachta Airgeadais
- Athbhreithniú ar Shócmhainní Seasta
- Athbhreithniú ar Fhéichiúnaithe
- Imréiteach Bainc
- Athbhreithniú ar Chomhlíonadh CBL
- Athbhreithniú ar Scéim Gníomhachaithe Saothair Gateway

De réir Rialacháin an Rialtais Áitiúil 2014 (Nósanna Imeachta Airgeadais agus Iniúchóireachta) tugadh cuireadh d’Iniúcháir an Rialtais Áitiúil labhairt leis an gCoiste. Is deis fhiúntach don Choiste atá sa chruinniú bliantúil seo le tuairimí a mhalartú le hIniúcháir an Údaráis Áitiúil ó thaobh raon saincheisteanna agus d’Iniúcháir an Údaráis Áitiúil lena tuarascáil/lena thuarascáil iniúchóireachta reachtúil a phlé maidir le Ráiteas Airgeadais Bhliantúil na Comhairle.

Oiliúint AILG, Crown Plaza	9 – 10 Meitheamh 2017	3
Oiliúint AILG, Cathair na Mart	12 – 13 Meitheamh 2017	1
Oiliúint AILG, Dún Dealgan	9 – 10 Iúil 2017	3
Turasóireacht Lios Tuathail	5 – 6 Meán Fómhair 2017	7
Oiliúint LAMA, Cluain Meala	28 – 30 Meán Fómhair 2017	8
Oiliúint AILG, Tulach Mhór	19 Deireadh Fómhair 2017	2
Oiliúint AILG, Guaire	14 Samhain 2017	1
Oiliúint AILG, Carraig Mhachaire Rois	23 Samhain 2017	1
Celtic Conference, Cloich na Coillte	24 – 25 Samhain 2017	1
Tionóil Réigiúnacha Áitiúla	15 – 17 Nollaig 2017	3

Comhdháil/Oiliúint	Dáta	Líon Lucht Freastail
Oiliúint AILG, Cairlinn	10 Feabhra 2017	1
Oiliúint AILG, Baile Átha Luain	15 – 17 Feabhra 2017	12
Agri for Valour	17 Feabhra 2017	1
Oiliúint AILG, Inis	6 – 7 Aibreán 2017	7
Oiliúint AILG, an tInbhear Mór	9 Bealtaine 2017	3
Oiliúint LAMA, Baile Ghormáin	27 – 29 Aibreán 2017	7
Dámhachtain an Bhrait Ghoirm	2 Bealtaine 2017	1

Fiontraíocht agus Forbairt

Tá fíor-acmhainneacht ghnó i gContae Chill Mhantáin agus tá leathnú agus forbairt shuntasach déanta air sin le blianta beaga anuas. Tá Contae Chill Mhantáin ar cheann de na contaetha is mó fáis in Éirinn. Tá teacht éasca ar an M50, ar an gContae atá níos lú ná uair an chloig ó Bhaile Átha Cliath, agus bealach chuig mótarbhealaí náisiúnta freisin agus cuireann an Contae go leor buntáistí ar fáil ó thaobh a shuíomh straitéiseach, forbairt bhonneagair agus gaireacht d’Ollscoileanna agus d’Institiúidí Teicneolaíochta.

Tá Aonad Fiontraíochta na Comhairle freagrach as Contae Chill Mhantáin a chur chun cinn agus

Tuarascáil Bhliantúil 2017



margaíocht a dhéanamh air féin agus ar a chuid bailte mar shuíomh le haghaidh fiontraíochta agus cruthú poist. Déanann an tAonad Fiontraíochta forbairt agus cuidíonn le hionaid fiontraíochta a chur chun cinn agus faigheann sé talamh chun forbairt tionsclaíochta agus tráchtála a éascú. Tá ról ríthábhachtach ag an Aonad Fiontraíochta i bhforbairt gheilleagrach an Chontae agus tá sé tiomanta bunáit tríú leibhéal a fhorbairt i gcomhar le hinstiúid Teicneolaíochta Cheatharlach ag Campas Chontae Chill Mhantáin, Coláiste Clermont, Ráth Naoi.

Oibríonn an Chomhairle go dlúth le gníomhaireachtaí Forbartha eile ar nós an Údaráis Forbartha Tionscail (IDA), Fiontraíocht Éireann agus Oifig Fiontair Áitiúil Chill Mhantáin (LEO) agus déanann cothabháil agus leathnú ar naisc le forbróirí/tionscnóirí tionsclaíochta/tráchtála féideartha chun poist a chruthú agus ar mhaithe le fás geilleagrach. Cuirtear Contae Chill Mhantáin chun cinn mar an láthair scannánaíochta is fearr in Éirinn trí Choimisiún Scannánaíochta Chontae Chill Mhantáin.

Tá fáil ar fhoireann an Aonaid Fiontraíochta le treoir a chur ar fáil agus chun cuidiú le lucht gnó a d'fhéadfadh a bheith i mbun breithnithe ar Chill Mhantáin mar láthair ghnó agus tugadh faoin líon tionscnaimh le linn na bliana 2016 leis an gContae a chur chun cinn mar áit le lonnú ann.

Ionaid Fiontraíochta a Fhorbairt

Oibríonn an Chomhairle go dlúth i gcomhpháirtíocht le gníomhaireachtaí forbartha náisiúnta agus áitiúla agus i gcomhar le comhlachais áitiúla tráchtála leis na hionaid fiontraíochta atá i gContae Chill Mhantáin cheana féin.

Cuimsíonn Ionad Fiontraíochta/Páirc Ghnó Chill Mhantáin 74,000 troigh chearnach de spás fiontraíochta a sholáthraíonn saoráid lándéanta do ghnólachtaí atá ann cheana féin agus do ghnólachtaí nua atá ag forbairt. Cuimsíonn sé aonaid do spásanna oibre, do thaighde agus

forbairt agus do dhéantúsaíochta agus do dháileadh agus do tháirgeadh bia i méideanna idir 180 troigh cearnach agus 5,000 troigh cearnach chomh maith le cóiríocht oifige atá ar ardchaighdeán, saoráidí oiliúna agus seomra comhdhála. Tugadh faoi obair athchóirithe ar an bhfoirgneamh le gairid agus cuireadh 11 aonad nua oifige atá deartha go sonrach chomh maith le 2 sheomra oiliúna nua-aimseartha ar fáil.

Is ionann Ionad Gnó agus Fiontraíochta an Inbhir Mhóir agus tionscnamh pobail atá bunaithe chun spás oibre a sholáthar do ghnólachtaí beaga i dtús fáis agus do ghnólachtaí beaga atá ag leathnú amach chomh maith le réimse áiseanna tacaíochta. Cuireann an t-ionad thart ar 30,000 troigh cearnach de spás oibre ar fáil, lena n-áirítear, 14 aonad do tháirgeadh beag/meánmhéide agus 14 oifig agus éascaíonn sé 34 gnólacht.

Láithreacha ar mhaithe le húsáidí Fiontraíochta/Fostaíochta

Rinne Comhairle Chontae Chill Mhantáin infheistíocht de thart ar €1.3m i dtógáil Pháirc Ghnó na Craobhaí, Ráth Droma. Tá an pháirc roinnte ag ceithre bhóthar agus ceangailte ag príomh-timpeallán. Tá formhór na hoibre déanta ar bhóthar uimhir 1 agus 2 agus ar an timpeallán nua freisin, leagadh formhór de dhuchtanna agus píopaí na soláthraithe fónais ar bhóthar uimhir 1 agus 2. Tá fáil atá ar ardchaighdeán curtha suas le himeall tosaigh na láithreach chomh maith le geata agus colúin ar an mbealach isteach, srl. Tá tógáil agus feidhmiú an chéad áitribh tráchtála mar chéim thar a bheith dearfach do Pháirc Ghnó na Craobhaí. Tá an tAonad Fiontraíochta i dteagmháil le gnólachtaí a bhfuil suim léirithe acu maidir le gnó a bhunú sa Pháirc Ghnó, agus leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh lena pleananna a chur ar aghaidh chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an suíomh amach anseo.

Tuarascáil Bhliantúil 2017



Táthar ag leanúint le díospóireacht le líon gnólachtaí i gContae Chill Mhantáin ó thaobh forbairt den chineál céanna i nDún Luáin. Chomh maith leis na láithreacha seo tá cúlsholáthar talún ag an gComhairle atá ar mhéideanna éagsúla i líon láithreacha ar fud an Chontae, lena n-áirítear, Bealach Conglais, Baile Coimín, an Inbhear Mór agus Áth na Fuinseoige.

SPC um Fhorbairt Eacnamaíochta agus Tacaíocht Fiontraíochta

De réir na dtreoirilínte do bhunú agus d'fheidhmiú SPCanna, bunaíodh an SPC um Fhorbairt Eacnamaíochta agus Tacaíocht Fiontraíochta agus tá sé ag feidhmiú ó mhí na Nollag, 2014. Tá sé mar phríomhfheidhm leis an SPC cuidiú leis an gComhairle ó thaobh bunú, forbairt agus athbhreithniú a dhéanamh ar bheartas sa réimse seo. Cuimsíonn an SPC seachtar comhalta tofa agus seisear comhalta seachtrach a thagann ó philéir éagsúla, ar nós: Comhshaol / Caomhnú, Pobail Talmhaíochta /Feirmeoireachta, Ceardchumann, Forbairt / Tógáil / Tráchtáil Ghnó agus Gnó (Iarthar Chill Mhantáin). Sa bhliain 2017 dhírigh an SPC mar aon leis an gCoiste Forbartha Áitiúil a chuid oibre ar mhaoirseacht a dhéanamh ar spriocanna agus ar chuspóirí an Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (LECP) a bhfuil sé mar aidhm leis tacú le forbairt eacnamaíochta agus le forbairt pobail áitiúil.

Líonrú agus Comhoibriú le Gníomhaireachtaí Eile

Le linn na bliana 2017 bhí cruinniú ag an Aonad Fiontraíochta le hionadaithe ó Fhiontraíocht Éireann (EI) an tÚdarás Forbartha Tionscail (IDA), Fáilte Ireland agus le gníomhaireachtaí eile atá bainteach le forbairt eacnamaíochta. Táthar ag leanúint le líonrú foirmiúil agus neamhfhoirmiúil leis na Comhlachais Tráchtála agus le Comhlachas Chontae Chill Mhantáin chun gnó a chur chun cinn agus a fhorbairt i gContae

Chill Mhantáin agus chun deiseanna fostaíochta a fhorbairt i gContae Chill Mhantáin.

Thacaigh Comhairle Chontae Chill Mhantáin agus LEO Chill Mhantáin le comhdháil bhliantúil Líonra na hÉireann a bhí ar siúl sa Druid's Glen le linn uachtaránacht Rebecca Harrison, Stiúrthóir Iascaireachta Bhaile an Chinnéidigh.

Meitheal Machnaimh Geilleagair Chontae Chill Mhantáin

Is tionscnamh comhoibríoch idir Comhairle Chontae Chill Mhantáin, LEO Chill Mhantáin agus gnólachtaí áitiúla is ea Meitheal Machnaimh Geilleagair Chontae Chill Mhantáin (CWETT). Is é atá mar chuspóir leis an CWETT ná cinneadh a dhéanamh maidir leis an mbealach ina bhféadfadh Cill Mhantáin gnólachtaí a mhealladh isteach agus a chothú agus forbairt gheilleagrach inbhuanaithe a chruthaíonn poist sa Chontae a chur chun cinn.

Tá Comhairle Chontae Chill Mhantáin ag cur na gníomhartha atá aitheanta ag an CWETT i bhfeidhm anois faoi na ceannteidil seo a leanas;

- Branda
- Scannán
- Margaíocht agus Cumarsáid
- Caitheamh Aimsire agus Miondíol
- Tionsclaíocht agus Bonneagar

Gníomhaíochtaí ar tugadh fúthu sa bhliain 2017:

- Ceapachán Comhairleoirí Inventise le tairseach gréasáin nua Wicklow.ie a fhorbairt
- Ráiteas a fhorbairt maidir le Straitéis Turasóireachta 2017 go 2022 agus ceapachán comhairleoirí Blue Sail le forbairt a dhéanamh ar Straitéis Turasóireachta do Chontae Chill Mhantáin

Tuarascáil Bhliantúil 2017



- Tacaíocht ó Fhoirne Baile i mBré, sna Clocha Liatha, Cill Mhantáin agus san Inbhear Mór
- Cur i láthair le Simon Wall, Ailtire Baile Chathair na Mart eagraithe i gcomhar le Foireann Baile Chill Mhantáin
- Tacaíocht tugtha d'imeacht gnó miondíola san Inbhear Mór ar thug David Fitzsimons ó Fheabhas Miondíola Éireann agus aoichainteoirí eile aitheasc ann
- Tugadh faoi Sheiceálacha Sláinte Lár Baile i gCill Mhantáin agus san Inbhear Mór
- An tairgeoir is fearr a sholáthar le forbairt a dhéanamh ar Shuíomh Florentine
- Tá an tábhacht atá le hacmhainní mara na hÉireann mar phríomhshócmhainn le leathnú a chur ar an ngeilleagar náisiúnta aitheanta i bhFeidhm a Bhaint as Saibhreas Ár nAigéin (HOOW) – Plean Comhtháite Muirí d'Éirinn. Leagtar amach sprioc uileghabhálacha sa HOOW maidir le luach Gheilleagar Aigéin na hÉireann a dhúbailt go dtí 2.4% den Olltáirgeacht Intíre (GDP) faoin mbliain 2030 agus le hardú a chur ar an láimhdeachas bliantúil le €6.4bn a shárú faoin mbliain 2020. Sa bhreis air sin, rinneadh spriocanna aonair eárnála a mholadh, eadhon, sprioc €1bn do Bhia Mara, €2.6bn do Thráchtáil Mhuirí agus do Longa ar Léas, €1.5bn do Thurasóireacht Mara agus Cósta agus sprioc €1.2bn do Sheirbhísí Iompair Calafóirt agus Muirí, Déantúsaíocht Muirí, Innealtóireacht agus tionscail mhuirí eile.
- Tá deiseanna i gContae Chill Mhantáin sa bhreis ar ghníomhaíochtaí caitheamh aimsire agus turasóireachta ar nós forbairt do bharshaothrú, cosáin cois cósta agus gormbhealaí agus úsáidí traidisiúnta calafóirt, le forbairt a dhéanamh ar chalafoirt sa chontae le seirbhís a chur ar fáil d'fheirmeacha gaoithe agus d'úsáid a bhaint as “gaireacht calafóirt” (mar mhalairt ar earraí a iompar ar bhóthar.
- Tá bagairt agus deiseanna ann don tionscal muirí ó thaobh na Breatimeachta.
- Le linn na bliana 2017 cuireadh líon cur i láthair faoi bhráid an Ghrúpa um Fhorbairt gnó Muirí maidir le hábhair ar nós innealtóireacht agus dreidireacht

mhuirí agus fuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta agus pleanáil spásúil mhuirí. Bunaíodh foghrúpa do bharshaothraithe.

Tá na gníomhartha atá molta ag an CWETT neadaithe sa Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail anois.

An Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail

Rinne an tAcht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014 foráil do ról feabhsaithe d'údaráis áitiúil i bhforbairt áitiúil eacnamaíochta agus pobail. Ó thaobh forbairt eacnamaíochta de áirítear ar bhearta, comhtháthú feidhmeanna na hOifige Fiontair Áitiúil (LEO) laistigh den Chomhairle Chontae chomh maith le CBS um Fhorbairt Eacnamaíochta agus Tacaíocht Fiontraíochta a bhunú. Déantar iarracht leis an nGné Eacnamaíochta den phlean cur le láidreachtaí an Chontae le forbairt a dhéanamh ar dheiseanna breise fostaíochta agus ar ghníomhaíocht gheilleagrach an Chontae. Tugtar tacaíocht sa phlean freisin do naisc idir gnólachtaí agus líonraí gnólachta, comhlachtaí oideachais agus oiliúna agus cuireann forbairt bonneagair agus comhoibriú chun cinn atá dírithe ar fhorbairt bhreise eacnamaíochta a éascú.

Déanann Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Chill Mhantáin (LECP) 2016-2022 léiriú ar an tionscnamh comhoibríoch ollmhór idir forbairt pobail áitiúil agus forbairt eacnamaíochta áitiúil sa Chontae agus léiríonn sé ról neartaithe an údaráis áitiúil sa dá réimse gníomhaíochta.

Tuarascáil Bhliantúil 2017



Tá 10 sprioc ardleibhéil san LECP, 21 cuspóir áitiúil agus níos mó ná 100 gníomh áitiúla. Tá Feidhmiú an Phlean mar phríomhghné den LECP atá faoi stiúir Choiste Stiúrtha Comhairleach an LECP ar a bhfuil ionadaíocht ó Fhorbairt Pobail, Cultúrtha agus Sóisialta, an tAonad Fiontraíochta agus a áiríonn Cathaoirligh an LCDC agus an SPC um Fhorbairt Eacnamaíochta agus Tacaíocht Fiontraíochta. Déanann an Grúpa Stiúrtha Comhairleach mairseacht ar fheidhmiú ginearálta an LECP agus déanann monatóireacht ar an dul chun cinn ar ghníomhartha in aghaidh cuspóirí sonracha, spriocanna intomhaiste, torthaí agus tréimhsí ama.

Spriocanna Geilleagracha

- Bonneagar agus bearta a fhorbairt atá dearfach agus tacúil ó thaobh infheistíochta, fiontraíochta, nuálaíochta agus cruthú faisnéise a fhorbairt i suíomhanna straitéiseach
- Cothabháil a dhéanamh ar fhiontair atá ann cheana féin agus deiseanna fostaíochta agus ioncaim ardchaighdeán a fhorbairt do réimse leathan na riachtanas fostaíochta sa Chontae, agus ar na féidearthachtaí ann chun patrúin taistil a aistriú
- An deis le leas a bhaint as gnéithe uathúla Chill Mhantáin agus as a ghaireacht do mhargadh Bhaile Átha Cliath a thapú, an t-ardchaighdeán saoil, an caipiteal daonna, agus acmhainní na turasóireachta, na farraige, na talmhaíochta agus na foraoiseachta
- Tacú leis an aistriú i dtreo gníomhaíocht eacnamaíoch athléimneach ísealcharbóin agus athraithe aeráide, rud a laghdóidh an spleáchas fuinnimh, agus a chuirfidh chun cinn úsáid inbhuanaithe acmhainní agus a bheith chun tosaigh sa Gheilleagar Glas Cliste

Plean Gníomhaíochta do Phoist do Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre 2016 – 2017

Clúdaíonn an Plean Gníomhaíochta contaetha Chill Dara, na Mí agus Cill Mhantáin. Rinneadh an Plean a fhorbairt ar bhonn sraith chomhairliúcháin le páirtithe leasmhara sa réigiún, agus aithníodh láidreachtaí agus deiseanna áirithe sa réigiún. Leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta do Phoist sraith tiomantais thar ceann comhlachtaí poiblí, a bhí á gcomhlánú ag roinnt gníomhartha ón earnáil phríobháideach, a thacóidh le fás fiontraíochta agus le poist a chruthú.

Príomhthéamaí

- Cumas nuálaíochta a mhéadú sa réigiún trí fheabhas a chur ar theagmháil idir institiúidí Teicneolaíochta sa réigiún agus sa tionscal
- Cur le líon na ngnólachtaí nuathionscanta
- Cur leis an sruth scileanna tábhachtacha a mhealladh chun an réigiún
- Infheistíocht Dhíreach Eachrach (FDI) a mhealladh agus a dhaingniú
- Cur le fostaíocht sa bhonn comhlachtaí atá ann cheana féin trína n-acmhainneacht a láidriú lena gcuid comhlachtaí a mhéadú le margáí nua a aimsiú
- Réitigh a fhorbairt le miondíol a athbheochan agus borradh a chur faoi ag leibhéal náisiúnta agus réigiúnach
- Líonraí gnólachta a neartú sa réigiún chun tacú le comhoibriú níos dlúithe ó ghnólacht go gnólacht agus deiseanna slabhra soláthair a chruthú

Príomhghníomhartha

- Comhoibriú ar thionscnaimh turasóireachta
- Cur le scileanna tábhachtacha trí fhóram réigiúnach scileanna

Tuarascáil Bhliantúil 2017



- Oiliúint as a n-eascaíonn fiontraíocht agus cláir forbartha bainistíochta a chur chun cinn
- Cur le láidreachtaí an réigiúin mar mhol do léiriú scannán
- Tograí do sheirbhísí domhanda gnó agus déantúsaíocht ar ardchaighdeán a fhorbairt
- Cur le nuálaíocht bia an réigiúin ó thaobh taighde agus acmhainneacht gorkainne chun dul i mbun gnó

Comhpháirtíochtaí

Cúige Hainan na Síne

Bliain ghnóthach agus bhliain thorthúil a bhí sa bhliain 2017 ó thaobh leanúint ar aghaidh leis an gcomhpháirtíocht idir Contae Chill Mhantáin agus Cúige Hainan na Síne a fhorbairt.

In Aibreán 2017, thug a Shoilse, an Dr. Yue Xiaoyong, Ambasadóir na Síne chun na hÉireann agus toscaireacht ón Ambasáid cuairt ar Chontae Chill Mhantáin. Agus é ag tabhairt cuairteanna oifigiúla Síneacha roimhe seo ar aird, dúirt sé gur mhór an onóir dó muintearas a chruthú leis an gContae agus thug sé ar aird an acmhainneacht ollmhór atá i ndán ó thaobh na hÉireann agus na Síne.


I mí Iúil na bliana 2017 thug a Shoilse, an tUasal Mao Chaofeng, Leas-Ghobharnóir Chúige Hainan na Síne cuairt ar Chill Mhantáin leis an gComhaontú Comhpháirtíochta oifigiúil a shíniú idir Cúige Hainan agus Contae Chill Mhantáin. Ceanglaíonn an Comhaontú ar an dá pháirtí muintearas, idirshreabhadh geilleagrach agus trádála a chur chun cinn idir Chill Mhantáin agus Cúige Hainan agus síníodh an Comhaontú i láthair ionadaithe ó Ambasáid na Síne, ionadaithe pobail na hÉireann, lena n-áirítear, Comhairle Chontae Chill Mhantáin, Turasóireacht Chill Mhantáin, an Comhlachas Tráchtála agus Fiontraíocht Áitiúil.

I mí na Samhna 2017 thug toscaireacht ó Éirinn cuairt ar an tSín ar chuireadh ó Rialtas Chúige

Hainan le freastal ar an *Hainan International Tourism Island Carnival Exhibition 2017* agus ar an *World Leisure Tourism Expo*. Bhí Cill Mhantáin ar cheann den 30 toscaireacht idirnáisiúnta ar cuireadh seastán taispeána ar fáil dóibh ag an Móraonach, áit a ndearna 1,000 taispeántóir ionadaíocht ar thrádáil taistil. Thug an toscaireacht cuairt ar Shang-hai freisin áit ar fhreastail siad ar líon cruinnithe le Turasóireacht Éireann agus le hOifig Rialtais.

I mí na Nollag na bliana 2017 rinneadh an caidreamh idir Cúige Hainan agus Cill Mhantáin a neartú tuilleadh nuair a thug toscaireacht ó Ollscoil Hainan faoi stiúir Uachtarán na hOllscoile sin, an tOllamh Wu Yaoting, cuairt ar an gcontae. Is Comhpháirtí Oideachais Idirnáisiúnta de chuid Scoil na Bainistíochta Fáilteachais agus na Turasóireachta DIT i mBaile Átha Cliath í Ollscoil Hainan agus rinneadh ceiliúradh le linn na cuairte ar chomhspéis an dá réigiún ó thaobh oideachas agus cumhachtú a dhéanamh ar dhaoine óga.

De réir mar atá fás leanúnach ag teacht ar chuairoteoirí ón tSín chun na hÉireann agus ó tháinig eitilt dhíreach ón tSín chuig Baile Átha Cliath ar an bhfód sa bhliain 2018 tá na deiseanna seo le margaíocht a dhéanamh ar Chill Mhantáin thar a bheith tráthúil agus tá sé i gceist an caidreamh seo a fhorbairt tuilleadh san am atá romhainn.



Wurzburg

Tuarascáil Bhliantúil 2017



I mí na Bealtaine 2017 thug Mathias Fleckenstein, Cathaoirleach an Chumainn Éireannach-Gearmánach cuairt ar Chill Mhantáin le páirt a ghlacadh in imeacht de chuid Ceiliúradh Synge a bhí á óstáil ag Ionad Oidhreachta Áth na Fuinseoige. Thug Mathias píosa cainte ar Synge agus ar an am a chaith Synge i Wurzburg.

I mí Iúil 2017 thug toscaireacht faoi Chathaoirleacht an Chomhairleora Edward Timmins cuairt ar Wuerzburg d'Fhéile Naomh Cillín.

Comhchoiste Póilneachta Chomhairle Chontae Chill Mhantáin

Lean Comhchoiste Póilneachta Chomhairle Chontae Chill Mhantáin lena gcruinnithe ráithiúla sa bhliain 2017. Déantar foráil in Alt 36(2)(c) d'Acht an Gharda Síochána gurb é feidhm chomhchoiste póilneachta, inter alia, 'cruinnithe poiblí a eagrú agus a óstáil a bhaineann le hábhair a mbíonn tionchar acu ar phóilneacht cheantar riaracháin an údaráis áitiúil.' Thionóil Comhchoiste Póilneachta Chomhairle Chontae Chill Mhantáin dhá chruinniú phoiblí sa bhliain 2017 i nDún Luáin agus i mBré.

I mí Iúil, 2017 cheadaigh an Comhchoiste Póilneachta iarratas ó Fhoireann Baile an Inbhir Mhóir le córas CCTV a chur ar fáil. Is é atá mar phríomhchuspóir leis an scéim an soláthar póilneachta atá laistigh den phobal a fheabhsú, cuidiú le coiriúlacht áitiúil, achrann agus iompraíocht frithshóisialta a chosc agus a laghdú, cur le rannpháirtíocht an phobail ó thaobh freagraí dlisteanacha agus comhtháite a sholáthar le coiriúlacht i gceantair áitiúla a chosc agus a laghdú.

Tá grúpaí oibre socraithe suas le cuspóirí Plean 6 bliana Comhchoiste Póilneachta Chomhairle Chontae Chill Mhantáin a chur i bhfeidhm faoi 4 réimse atá aitheanta:

(1) Pobail Phóilneachta

(2) Dul i ngleic le Coiriúlacht i gCeantair Thuaithe

(3) Cosc ar Dhrugaí

(4) Cumarsáid

Tagann na grúpaí seo le chéile thart ar 3 go 4 huaire sa bhliain. Tá Cathaoirleach ar gach uile choiste agus cuireann oifigeach de chuid Chomhairle Chontae Chill Mhantáin tacaíocht riaracháin ar fáil. Tugann ionadaithe ón nGarda Garda Síochána tacaíocht don choiste atá comhdhéanta de chomhaltáí tofa agus de ghrúpaí pobail. Tá na coistí oscailte do chuidiú ó pháirtithe leasmhara áitiúla lasmuigh den Chomhchoiste Póilneachta, ar nós Muintir na Tíre, an Chomhairle Ardtailte agus Tascfhórsa Áitiúil Drugaí agus Alcóil.



Sláinte agus Sábháilteacht

Glacann Chomhairle Chontae Chill Mhantáin le próiseas Sláinte agus Sábháilteachta atá bríomhar agus idirghníomhach. Dá réir sin, baineann an Oifig Sláinte agus Sábháilteachta leas as gach uile dheis a thagann chun cinn leis an phrionsabail sin a léiriú i dtéarmaí comhairliúcháin, oiliúint agus

Tuarascáil Bhliantúil 2017



forbairt Córas Bainistíochta Sláinte agus Sábháilteachta atá cuimsitheach.

Cuirtear oiliúint ar fáil ar feadh na bliana ar bhonn réamhghníomhach. Áirítear ar an oiliúint a chuirtear ar fáil: Pas Shábháilte, Feasacht Sábháilteachta, City & Guilds sa Sábh Slabhrach, Bealach Isteach i Spásanna Teoranta, Roithleáin Scríobacha, Láimhsiú Sábháilte, Scéim Deimhnithe Scileanna Foirgníochta (C.S.C.S.), Garchabhair agus Córais Shábháilte Oibre, i measc oiliúint eile.

Déantar athbhreithniú ar bhonn leanúnach ar bheartais agus ar nósanna imeachta i gComhairle Chontae Chill Mhantáin ag teacht le sárchleachtais nua, athruithe reachtúla agus tionscnaimh náisiúnta. Spreagtar rannpháirtíocht na foirne sa phróiseas agus tá meas ar ionchur óna hIonadaithe Sábháilteachta.

Deontais Ardoideachais

Feidhmíonn Comhairle Chontae Chill Mhantáin thar ceann na Roinne Oideachais agus Scileanna ó thaobh riaradh na Scéime Deontais Ardoideachais. Sa bhliain 2011, rinneadh treisiú breise ar an Scéim Deontais Ardoideachais tráth ar tugadh isteach an tAcht um Thacaíocht do Mhic Léinn, 2011 agus na Rialacháin um Thacaíocht do Mhic Léinn, 2011. D'fhéadfadh an Roinn Oideachais agus Scileanna leasú a dhéanamh orthu seo gach aon bhliain le hathruithe a thabhairt san áireamh. Ceadáíodh leis na hathruithe nua reachtaíochta, Scéim aontaithe Dheontas ardoideachais do gach údarás dámhachtana.

is féidir an t-airgead go léir a íoctar i ndáil le cothabháil agus táillí a fháil ar ais seachas ranníocaíocht sheasta de €6,019.83, a cheanglaítear ar an gComhairle a íoc faoi Acht 1968.

Saoráil Faisnéise

Tháinig an tAcht um Shaoráil Faisnéise 2014 i bhfeidhm an 14 Deireadh Fómhair 2014. Cuireadh deireadh faoin Acht leis an gceanglas táille a íoc agus iarratas á dhéanamh.

Deimhnítear sna hAchtanna um Shaoráil Faisnéise ceart bhaill an phobail chun faisnéis oifigiúil a rochtain a mhéid agus is féidir, i gcomhréir le leas an phobail agus ceart chun príobháideachais an duine aonair.

Bunaítear trí cheart reachtúil nua leis an Acht:

- Ceart dlíthiúil gach aon duine ar rochtain faisnéise a bhíonn á coimeád ag comhlachtaí poiblí;
- Ceart dlíthiúil gach aon duine faisnéis oifigiúil a bhaineann leis nó léi féin a leasú i gcás go bhfuil sé neamhiomlán, mícheart nó míthreorach; agus
- Ceart dlíthiúil cúiseanna a fháil i leith cinntí a bhaineann leis an duine féin.

Fuair Comhairle Contae Chill Mhantáin 141 iarratas ar an iomlán le linn na bliana 2017. Is féidir teacht ar thaifead um nochtadh faisnéise ina sonraítear gach iarratas neamhphearsanta ar shaoráil faisnéise agus is féidir féachaint air seo ar láithreán ghréasáin na Comhairle ag www.wicklow.ie.

Clár na dToghthóirí

Faoina hAchtanna Toghcháin, tá sé de dhualgas ar Chomhairle Chontae Chill Mhantáin Clár na dToghthóirí a ullmhú agus a fhoilsiú gach aon bhliain. Ba 96,063 líon iomlán toghthóirí an rialtais áitiúil ar chlár na dtoghthóirí don bhliain 2016/2017. Diaidh ar ndiaidh, baineann líon níos lú toghthóirí i gcás Toghcháin do Pharlaimint na hEorpa, na Dála agus oifig Uachtarán na hÉireann áit a mbíonn riachtanais saoránachta i gceist.

Déanann an Chomhairle iarracht chun Clár Toghthóirí atá cuimsitheach agus cruinn a sholáthar chun an próiseas daonlathach a éascú ag am toghchánaíochta. Trí mheán fógraíochta a

Tuarascáil Bhliantúil 2017



bhíonn forleathan agus tionscnaimh éagsúla, láithreán bhunaithe agus traidisiúnta araon, chomh maith le hiarrachtaí fhoireann de 38 oibrí allamuigh atá sáraithe agus a bhfuil acmhainní maithe acu a chlúdaíonn an contae ar fad, dá réir sin cuirtear Clár ar fáil a ndéantar tástáil air ag gach toghchán. Cuirtear gach deis ar fáil do dhuine ar bith atá cáilithe a bheith san áireamh sa Chlár.

Fostaítear na hoibrithe allamuigh chun cuairt a thabhairt ar gach teach sa chontae le linn mhíonna Iúil/Lúnasa/Meán Fómhair gach bliain. Mura mbíonn freagra ar bith ag an doras, fágfar glaochárta chomh maith le foirm chlárúcháin SAORPHOIST don teaghlach lena sheoladh ar ais chuig Rannóg Saincheadúnais na Comhairle.

Déanfar teagmháil le toghthóirí nár bhuaile le hoibrí allamuigh ag an doras nó nár fhreagair trí mheán na foirme clárúcháin a fágadh ag a dteach cónaithe, i scríbhinn le linn na 10 lá deiridh de mhí Dheireadh Fómhair lena chur in iúl dóibh go mbainfear den chlár deiridh iad mura ndéanann siad teagmháil le Rannóg Saincheadúnais na Comhairle Contae roimh an 25 Samhain.

Áirítear sa soláthar Buiséad párolla agus costais taistil don fhoireann allamuigh agus d'fhoireann na hoifige chomh maith le fógraíocht áitiúil, postas agus priontáil.

Oiliúint agus Forbairt

Aithníonn Comhairle Contae Chill Mhantáin go gcabhraíonn oiliúint agus forbairt leis an bhfoireann agus leis na Comhaltaí tofa chun a lánacmhainneacht a bhaint amach agus dá réir sin go mbíonn feidhmíocht eagraíochtúil níos fearr ann chomh maith le sásamh a bhaint as an bpost agus dá bhrí sin tá an Chomhairle tiomanta a chinntiú go mbíonn an deis agus an tacaíocht ar fáil do gach comhalta foirne.

Freastalaíonn comhaltaí foirne ar sheimineáir agus ar chomhdhálacha ar bhonn rialta freisin a mbíonn baint acu go díreach lena réimse oibre agus saineolais.

Spreagann agus cuidíonn an Chomhairle leis an fhoireann freisin chun tabhairt faoin bhreis oideachais ag gach céim dá ngairm bheatha.

Costais na gComhaltaí

Liúntas Bliantúil an Chathaoirligh	€30,000
Liúntas Bliantúil an Leaschathaoirligh	€6,000
Liúntas Bliantúil an SPC	€30,000
Liúntas Bliantúil Ionadaíochta	€517,656.25
Liúntas Bliantúil na gComhairleoirí	€197,752.51
Comhdhálacha agus Oiliúint Inmheánach	€25,778.74
Comhdhálacha Eachtracha	€2,109.34

Ombudsman

Is féidir le duine ar bith a mheasann gur caitheadh go míchothrom leis/léi nó nach bhfuil sásta ó thaobh cinneadh a rinne an tÚdarás Áitiúil maidir le gearán teagmháil a dhéanamh le hOifig an tOmbudsman. De réir an dlí féadfaidh an tOmbudsman gearáin a fhiosrú maidir le haon cheann de ghníomhartha riaracháin nó nósanna imeachta an Údaráis áitiúil chomh maith le moill ar bith nó easpa gníomhaíochta in aon phlé a bhíonn agat leis an Údarás Áitiúil. Cuireann an tOmbudsman seirbhís saor in aisce, neamhchlaonta agus neamhspleách ar fáil chun aighneas a réiteach.

Tuarascáil Bhliantúil 2017



Thagair an tOmbudsman 11 gearán chuig Comhairle Chontae Chill Mhantáin sa bhliain 2017.

Coimisiún Scannánaíochta Chontae Chill Mhantáin

Is é Coimisiún Scannánaíochta Chontae Chill Mhantáin an Coimisiún Scannánaíochta is faide bunaithe in Éirinn agus tá an Coimisiún Scannánaíochta tiomanta do léiriú closamhairc a mhealladh isteach sa chontae.

Tá an Coimisiún Scannánaíochta atá á maoiniú ag Comhairle Chontae Chill Mhantáin, lonnaithe i dTeach Clermont, Campas Chontae Chill Mhantáin ach déanann sé ionadaíocht ar an gcontae iomlán.

Is é príomhchuspóir Choimisiún Scannánaíochta Chontae Chill Mhantáin, an contae a chur ar an margadh agus a chur chun cinn mar shuíomh scannán le haghaidh léiriúcháin de shaghas ar bith ó phríomhscannáin go scannáin tráchtála, gearrscannáin, léirithe teilifíse nó tionscnaimh cheoil. Cabhraíonn oifig na scannán le tionscadal ar bith beag beann ar mhéid an bhuiséid chun buntáistí geilleagracha a thabhairt chuig an gceantar.

Mar chuspóir tánaisteach tá Coimisiún Scannánaíochta Chontae Chill Mhantáin tiomanta do chur an méid is fearr is féidir le seachthairbhe turasóireachta ón ngníomhaíocht scannánaíochta. Is margadh atá sa turasóireacht scannán a bhfuil borradh ag teacht faoi de réir mar a dhéanann go leor turasóirí suas a n-intinn maidir lena gceann scríbe bunaithe ar scannáin agus cláir theilifíse atá feicthe acu. Úsáidtear scannáin ar nós 'PS. I Love You' agus sraitheanna teilifíse ar nós na 'Vikings' le cuairteoirí a mhealladh anseo, á gcur ar an láithreán gréasáin agus á léiriú ar léarscáil Scannán Chontae Chill Mhantáin, a ndearnadh athchló air sa bhliain

2012. Scaiptear cóipeanna den léarscáil scannán ar gach oifig thurasóireachta i ngach áit a mbíonn an-tóir ag turasóirí orthu i gContae Chill Mhantáin.

Cuidíonn Coimisiún Scannánaíochta Chill Mhantáin le Turasóireacht Éireann freisin ó thaobh turais na meán agus turais eolais feadh na gconairí scannán i gCill Mhantáin.

Sa bhliain 2017 bhí leibhéal arda gníomhaíochtaí léiriúcháin ar siúl i gContae Chill Mhantáin. Rinneadh taifeadadh ar os cionn 400 lá scannánaíochta ina raibh gach cineál léiriúcháin chlosamhairc. Is minic leis na buntáistí airgeadais ó léirithe closamhairc a bheith níos airde go hiondúil ó na príomhscannáin ná mar a bhíonn siad ón teilifís. Fostaítear foirne ar feadh achar níos faide, áfach, ar léiriúcháin teilifíse ardleibhéal ar nós na 'Vikings' agus 'Into the Badlands' agus cuireann siad fostaíocht atá níos inbhuanaithe ar fáil.

Áirítear ar na seirbhísí a chuirtear ar fáil do cheann ar bith de na léirithe sin scabhtáil suíomhanna, comhairle, cuidiú agus moltaí faoi shuíomhanna trí bhróisiúir ghréasáin phearsantaithe, idirchaidreamh le foireann na nÚdarás Áitiúil agus pobail áitiúla.

Ceann den iliomad tionscadal a ndearnadh scannánú air i gContae Chill Mhantáin sa bhliain 2017 ná an ceathrú sraith de 'Vikings' sna stiúideonna scannán ag Baile Anraí, Áth na Fuinseoige. Meastar gur fostaíodh thart ar 700 aisteoir agus foireann Éireannach ar an meán in aghaidh na seachtaine sa léiriú €30m agus gur infheistíodh suas le €20m sa chontae, idir gach rud ó dhearaí seiteanna, saoráidí stiúideo, agus na mílte daoine breise a fhostú.

Ar an tionscadal ag a raibh an phróifíl is airde a ndearnadh scannánaíocht air i gContae Chill Mhantáin le linn na bliana 2017, bhí, The Rhythm ag a raibh an phríomhpháirt ag Blake Lively agus ag Jude Law. Bhí láithreacha nach raibh a sárú le fáil á roinnt ag an léiriúcháin seo in Eastáit Loch

Tuarascáil Bhliantúil 2017



Té i Sléibhte Chill Mhantáin leis na 'Vikings' agus 'Into the Badlands' le linn Fómhar na bliana 2017.

Rinneadh sraith 'RTE 'Striking Out' ina bhfuil an phríomhpháirt ag Amy Huberman, a scannánú i gCampas Chill Mhantáin ar feadh líon laethanta, tráth ar fheidhmigh an seomra boird mar theach cúirte.

Bhí na hoifigí athlonnaithe arís i sean-óstán Chill Tiarnáin, áit a ndearnadh an dara sraith de 'Into the Badlands' a scannánú fud fad Thuaisceart Chill Mhantáin, lena n-áirítear, Powercourt Waterfall agus Ceann Bhré.

Chuidigh an WFC freisin le bainisteoirí a bhí ag obair ar thionscadail nach ndearnadh an scannánú i gContae Chill Mhantáin ar deireadh mar gur thángthas ar shuíomhanna eile in áiteanna eile.

Sa phlean gníomhaíochta a d'eascair as Meitheal Machnaimh Geilleagrach Chontae Chill Mhantáin aithníodh tionscal na scannánaíochta mar thionscal lena mbaineann ríthábhacht ó thaobh tionsclaíocht áitiúil. Tá sé mar Chuspóir 4 den Phlean Gníomhaíochta leas a bhaint as an Deis Gheilleagrach Láithreach trí líon gníomhaíochtaí: cnuasach de thionscal na scannánaíochta a fhorbairt i gContae Chill Mhantáin (mol le haghaidh na scannánaíochta agus tionscail choimhdeacha).

Éilítear bonneagar agus tacaíochtaí cuí a bhunú chun tionscal na scannánaíochta a mhealladh agus a choinneáil i gCill Mhantáin teastaíonn cur chuige comhoibríoch, a ndéanfaidh Comhairle Contae Chill Mhantáin éascú air agus tacaíocht a thabhairt dó. Cuirfidh cur chuige den sórt seo ar chumas an Chontae leas a bhaint go díreach as an scannánaíocht, as luach féideartha ó thurasóireacht scannán, ó sheirbhísí cóiríochta agus ó sheirbhísí tacaíochta eile.

Dearbhaíodh ó bheith i mbun comhairliúcháin leis na stiúideonna sa Chontae go bhfuil spéis ghníomhach ag cuideachtaí idirnáisiúnta a bheith

ag obair i gContae Chill Mhantáin. Mar shampla, chuir Disney in iúl gur mhian leo a bheith ag obair i gCill Mhantáin ar 10 léiriú, ach níl na saoráidí a theastaíonn le fáil i láthair na huair, áfach.

Gníomhaíochtaí atá molta:

1. Grúpa Forbartha Gnó a bhunú maidir le Tionscal na Scannánaíochta

Bheadh an Grúpa Forbartha Gnó freagrach as plean a chur le chéile chun cnuasach de thionscail na scannánaíochta a fhorbairt sa chontae i gcomhar le comhlachtaí stáit áitiúla agus náisiúnta.

Bheadh an grúpa freagrach as a chinntiú go bhfuil an rialtas áitiúil agus náisiúnta araon ar an eolas maidir le méid na deise agus go dtugann sé tacaíocht leordhóthanach d'fhorbairt tionscal na scannánaíochta in Éirinn.

D'fhéadfadh sé go n-áireodh an Grúpa Forbartha Gnó seo ionadaithe ó earnálacha eile a bheadh ag baint leasa as éifeachtaí iarmhartacha Tionscal na Scannánaíochta, m.sh. Turasóireacht.

2. Cnuasach de Thionscal na Scannánaíochta a chur chun cinn: Tacaíochtaí Praiticiúla a chur i bhfeidhm le forbairt a dhéanamh ar acmhainneacht cheannródaíoch Stiúideo Scannán

Ghlac comhaltaí tofa Chomhairle Chontae Chill Mhantáin leis an laghdú ar thobhaigh ar ghníomhaíochtaí a bhaineann leis an stiúideo scannán. Is é an tionchar a mheastar a thiochfaidh ón ngníomh seo go n-aithneofar go bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint le deis tionscal na scannánaíochta agus go gcuirfear tacaíochtaí pleanála i bhfeidhm chun forbairt agus fás na hearnála a éascú.

Tuarascáil Bhliantúil 2017



3. Tuilleadh Forbartha agus Margaíochta a dhéanamh ar an Turasóireacht Scannán i gCill Mhantáin

Tá acmhainneacht nár baineadh leas aistí go dtí seo i gCill Mhantáin do thurasóireacht scannán sa chontae. Teastaíonn tacaíochtaí a éascú do thionscal na scannánaíochta i gCill Mhantáin chun freastal ar Thurasóireacht Scannán. Ní togra nua atá i gceist le turasóireacht scannán sa chontae ach foinse turasóireachta ar bheagán forbartha ag a bhfuil an acmhainneacht le cuairteoirí idirnáisiúnta a mhealladh nach mbeadh ag féachaint ar Chill Mhantáin mar cheann scríbe féideartha seachas sin.

Tá turasóireacht scannán ar cheann de go leor buntáistí breise a d'fhéadfadh an Contae leas a bhaint astu ó thaobh infheistíocht straitéiseach a dhéanamh ina acmhainneacht le haghaidh na scannánaíochta.



Campas Chontae Chill Mhantáin, Coláiste Clermont,

Ráth Naoi, Contae Chill Mhantáin.

Is forbairt as an ngnáth atá i gCampas Chontae Chill Mhantáin agus tá sé á fhorbairt ag Comhairle Chontae Chill Mhantáin chun a bheith mar Ionad Barr Feabhais ó thaobh Fiontraíocht, Oideachas agus Nuálaíocht i gContae Chill Mhantáin agus chun feidhmiú mar chatalaíoch d'Fhorbairt Geilleagrach sa Chontae. Is saoráid den scoth atá i gCampas Clermont ina bhfuil 55 acra. Tá na foirgnimh comhdhéanta d'oifigí, seomraí cruinnithe, ionad comhdhála agus taispeántas, seomraí léachtaí, seomraí IT agus leabharlann coláiste. Tá Oifig Fiontair Áitiúil Chill Mhantáin agus Teagasc lonnaithe i dTeach Clermont.

Tá comhpháirtíocht láidir i bhfeidhm le gníomhaireachtaí forbartha náisiúnta agus áitiúla ar nós an Údaráis Forbartha Tionscal (IDA), Fiontraíocht Éireann (EI), an Oifig Fiontair Áitiúil, Comhpháirtíocht Chontae Chill Mhantáin agus Comhlachais Tráchtála leis an fhís a bhaint amach agus le timpeallacht ar ardchaighdeán a chruthú le haghaidh ceantar gnó ar an gcampas a bhfuil borradh faoi.

Plean Straitéiseach 2016-2020

Glac na comhaltaí tofa, sa bhliain 2008 le Plean Straitéiseach do Champas Chontae Chill Mhantáin do 2008-2013, a thóg san áireamh ar ráiteas misin, spriocanna agus cuspóirí faoina ceannteidil:

1. Punann acadúil agus Pobal Foghlaimeoirí
2. Forbairt Fiontraíochta agus Geilleagrach
3. Bainistíocht agus Eagrú
4. Bonneagar Fisiciúil
5. Pleanáil Airgeadais

Le linn na bliana 2016 leanadh le hathbhreithniú a dhéanamh ar an straitéis seo agus glacadh le Doiciméad Straitéise Champas Chontae Chill Mhantáin 2016-2022 sa bhliain 2017.

Campas Chontae Chill Mhantáin agus Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach

Tá raon cúrsaí páirtaimseartha Oideachais agus Oilíúna ar Feadh an tSaoil á gcur ar fáil ag Campas Chontae Chill Mhantáin agus ag Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach. Sa bhliain 2017, bhí os cionn 420 mac léinn ag freastal ar ag Campas Chontae Chill Mhantáin do chúrsaí oíche páirtaimseartha agus táthar ag súil go dtiocfaidh fás mór ar an fhiigiúr seo thar shaolré an plean don champas le tabhairt isteach cláir acadúla nua. Tá céimeanna éagsúla bainte amach ag thart ar 3,000 mac léinn ón gColáiste ón mbliain 2006 agus bronnadh céimeanna ar os cionn 170 mac léinn le linn trí shearmanas i mí na Samhna 2017.

Áirítear ar chúrsaí atá ar fáil:

Iarchéimithe

Máistir Ealaíon i Staidéar an Linbh, na hÓige agus an Teaghlaigh

H Dip. in Oideachas agus Cúram na Luath-Óige

H Dip. sa Staidéar Sóisialta Feidhmeach

H Dip. sa Bhainistíocht Ghnó

H Dip. sa Ghnó

H Dip. i gCuntasaíocht Cistí agus Anailís Riosca

H Dip. sna hEalaíona (Dearadh na Meán Digiteach)

Cuntasaíocht agus Gnó

BA Gnó (Onóracha) sa Bhainistíocht

Ard-Teastas sa Ghnó

Teastas i mBainistíocht Tionscadail

Teastas sna Meáin Dhigiteacha

Teastas i nDearadh Gréasáin

Teastas i Margaíocht ar Líne

Na Daonnachtaí

BA sna hEalaíona (Onóracha) in Oideachas agus Cúram na Luath-Óige

BA sna hEalaíona (Onóracha) sa Staidéar Sóisialta Feidhmeach

Teastais in Ábhair Éagsúla Dlí

Innealtóireacht

BA Eolaíochta sa Bhainistíocht Fuinnimh

Ríomhaireacht agus Eolaíocht

Teastas i mBainistíocht Sláinte, Sábháilteachta agus Comhshaoil

Áirítear ar roinnt de na mórimeachtaí a tionóladh ar Champas Chontae Chill Mhantáin sa bhliain 2017:

- Dámhachtainí Fiontair Mac Léinn na hOifige Fiontair Áitiúil.
- Imeacht díospóireachta mac léinn Chomhairle Chontae Chill Mhantáin a tionóladh sa phríomh-halla.
- Comórtais Cheannais Chontae Chill Mhantáin don Fhiontraí is Fearr de chuid na hOifige Fiontair Áitiúil.
- Trí Shearmanas Bronnta Dámhachtainí agus Duaiseanna – Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach. Bronnadh céimeanna ar os cionn 170 céimí ag na searmanais seo.
- Thionóil Oifig Fiontair Áitiúil Chill Mhantáin (LEO) Ceithre Mhór-Sheimineár Gnó ar thrádáil ar líne i seomra 203.
- Tá na seomraí i dTeach agus i gColáiste Clermont ligthe ar cíós le haghaidh cúrsaí oilíúna éagsúla (m.sh. CPC/Sláinte agus Sábháilteacht / ECDL) agus le haghaidh cruinnithe gnólachtaí agus ghníomhaireachta ar bhonn laethúil.
- Bhí scannánú ‘Striking Out’ ina raibh an phríomhpháirt ag Amy Huberman ar siúl thar thrí lá ar Champas Chontae Chill Mhantáin.

Tuarascáil Bhliantúil 2017



- Rinneadh óstáil sna coillte atá ar an gcampas ar Chlár Foraoise Scoil Náisiúnta ag Foghlaim le Chéile Chill Mhantáin uair amháin le linn na seachtaine ar feadh na bliana acadúla.

Cuireann na himeachtaí agus na cruinnithe atá luaite thuas Clermont chun cinn ar bhonn leanúnach mar ionad uathúil agus eisceachtúil do raon úsáidí chomh maith le haird a tharraingt ar chlár ardoideachais agus oiliúna Fhoghlama ar Feadh an tSaoil atá á reáchtáil ag institiúid Teicneolaíocht Cheatharlach. Is iad na príomhchuspóirí atá ag gabháil le hóstáil na n-imeachtaí seo ná coincheap foriomlán Champas Chill Mhantáin a chur chun cinn agus aird an phobail i gcoitinne a dhíriú ar an gCampas.

Léargas Ginearálta ar Ídiú Fuinnimh sa bhliain 2017

Tá téamh foirgnimh an champais go léir ar an úsáid is mó a bhaintear as fuinneamh.

Baintear úsáid as gás LPG do théamh. Úsáid iomlán LPG don bhliain 2017: 28,185 Lítear.

Úsáid iomlán Leictreachais don bhliain 2017: 204,841KWH

Níl aon úsáid á bhaint as gás nádúrtha nó as ola gáis i Clermont.

Baineadh úsáid as 450 Lítear peitreal chun féar a ghearradh agus do struimeáil chomh maith le bearradh fáil agus prúnáil.

Gníomhartha ar tugadh fúthu sa bhliain 2017

Thug Comhairle Chontae Chill Mhantáin faoi raon tionscnaimh sa bhliain 2017 le feabhas a chur ar fheidhmíocht fuinnimh, lena n-áirítear:

Na soilse lasmuigh go léir a athrú go dtí LED sa chás é sin a bheith indéanta.

Cuireadh eisiatóir seoidire thart timpeall cuid an choláiste den fhoirgneamh.

Gníomhartha atá beartaithe don bhliain 2017

Tá sé i gceist ag Comhairle Chontae Chill Mhantáin tabhairt faoi thuilleadh feabhais a dhéanamh ar ár bhfeidhmíocht fuinnimh trí thabhairt faoi na tionscnaimh seo a leanas i dTeach Clermont sa bhliain 2018:

- An dara hurlár i gcuid an choláiste den fhoirgneamh a athchóiriú. Ní fios cá mhéad fuinneamh a spárálfar ar bhonn bliantúil ach d'fhéadfadh insliú feabhsaithe fuinneamh a spáráil nuair a bhíonn an t-insliú tugtha chun críche.
- Laghdú a dhéanamh ar an úsáid a bhaintear as téitheoirí breise a phlugaíltear isteach a oiread agus is féidir agus ag brath ar an aimsir.
- A éileamh ar an SEAI iniúchadh leantach fuinnimh a dhéanamh tar éis na tuarascála ar tugadh fúithi sa bhliain 2007.
- Braiteoirí a shuiteáil ar lasc ar/as i ngach pasáiste / leithreas / ceantín ar fud an fhoirgnimh (ag fanacht le meastacháin).

CEANTAR BARDASACH AN INBHIR MHÓIR

Comhaltaí Ceantair

Cathaoirleach:

An Comhairleoir Tommy Annesley (FF)

Leas-Chathaoirleach:

An Comhairleoir Miriam Murphy (Neamhspleách)

Comhaltaí na Comhairle

An Comhairleoir Pat Fitzgerald (FF)

An Comhairleoir Sylvester Bourke (FG)

An Comhairleoir Mary McDonald (SF)

An Comhairleoir Pat Kennedy (FF)

Foireann an Cheantair Bhardasaigh

Bainisteoir Ceantar/A

Michael Geaney

Riarthóir Ceantair

Linda McDonald

Tuarascáil Bhliantúil 2017



Innealtóir Ceantair

Jack Kelly

Innealtóir Feidhmiúcháin

Robert Mulhall

Teicneoir

Sean Dunne

Oifigeach Cúnta Foirne

Sinéad Boddy

Oifigigh Cléireachais

Jenny Byrne

Julie Kenny

Pauline Canavan

Orlagh Hall

Mionsonraí Teagmhála

Oifigí Cheantar Bardasach an Inbhir Mhóir, Páirc an Chaisleáin, an tInbhear Mór, Co. Chill Mhantáin.

Teileafón: 0402 42700

Ríomhphost:

arklowmd@wicklowcoco.ie

Láithreán Gréasáin: www.wicklow.ie

Achar: 48,380 heicteár

Daonra an Cheantair: 24,450

Clúdaíonn Ceantar Bardasach an Inbhir Mhóir (AMD) 26% de na bóithre i gContae Chill Mhantáin (598 KM) arbh é an dara Ceantar is airde sa Chontae é. Is 920 líon na dtithe údaráis áitiúil laistigh den AMD.

Tá na hoifigí ar oscailt don phobal ón 9.00 – go 4.00 pm gach aon lá agus déileáiltear le fiosrúcháin maidir le hiarratais ar thithíocht, deisiúcháin ar thithe, ar bhóithre srl. Glactar le fáiltais airgid san AMD do chóis tithíochta, rátaí, fíneálacha páirceála, léasanna, srl. Le linn na bliana 2017 eisíodh **5950** admháil cuntair ar an iomlán.

Cruinnithe Ceantair

Tionólaíonn Comhaltaí Cheantar Bardasach an Inbhir Mhóir a gCruinnithe Ceantair i “Seomra McElheron” ar an dara Céadaoin de gach mí ag 3.30 p.m., ach amháin i mí Lúnasa nuair nach mbíonn aon chruinniú ann.

An Earnáil Phobail

- Líon na bPreasráiteas a eisíodh sa bhliain 2017 = **20**
- Líon Fáiltithe Cathartha a bhí ar siúl le linn na bliana 2017 = **7**
- Bronnadh Deontais Forbartha Eastát ar **11 Cumann Áititheoirí**
- Bronnadh Maoiniú Féile ar **10 gCoiste Féile**
- Líon Timpealláin faoi Chomhaontú Urraíochta = **4**
- Reáchtáil Comhaltaí an AMD péire (2) dá gcuid cruinnithe míosúla i Ráth Droma agus in Eachroim.
- Tabhairt isteach an chéad Ghradam Aitheantais Speisialta riamh do Chathaoirleach an AMD
- Urraíocht faighte ó 7 ngnólacht agus grúpaí pobail áitiúla do Dhealbh Ronnie Delany.

An Earnáil Miondíola / Gnó

Páirceáil Íoc

Tháinig Fodhlíthe um Rialú Páirceála i bhfeidhm do Chontae Chill Mhantáin an 28 Lúnasa 2017 agus áirítear ar na príomhbhuntaistí don Inbhear Mór:-

- Páirceáil saor in aisce idir 9.00am agus 10.00 am gach aon mhaidin.
- 15 nóiméad tréimhse chairde oifigiúil am ar bith den lá.
- Leanann Baile an Inbhir Mhóir le páirceáil saor in aisce a chur ar fáil ar fud an bhaile gach Satharn agus Domhnach.
- Tá páirceáil a íoc san Inbhear Mór i bhfad níos éasca agus i bhfad níos tapa anois mar gheall ar an gClib Pháirceála. Tugann an réiteach páirceála gan airgead tirim an

Tuarascáil Bhliantúil 2017



deis do lucht carranna an bhaile páirceáil trína fón póca a úsáid agus síneadh a chur le ham páirceála gan filleadh ar an fheithicil.

- Cuireadh páirceáil saor in aisce ar fáil i limistéir shonracha i mBaile an Inbhir Mhóir ar feadh aon mhí amháin le linn tréimhse na Nollag.
- 2 chead páirceála bliantúil saor in aisce do ghnólachtaí a bhfuil a gcuid rátaí suas chun dáta.

Tionscnaimh Fhoirne Baile

- Bunaíodh Foirne Baile i mí Eanáir 2017
- Reáchtáladh 10 gcuinniú le linn na bliana 2017
- Scéim na gCiseán Bláthanna- cheannaigh gnólachtaí i mBaile an Inbhir Mhóir 170 ciseán
- Cuireadh iarratas faoi bhráid na Roinne Dlí agus Cirt le haghaidh maoiniú do CCTV
- Fostaíodh Comhairleoirí Towns Matter chun tabhairt faoi Scrúdú Sláinte ar Bhaile an Inbhir Mhóir
- Cuireadh 8 n-iarratas Léiriú Spéise faoi bhráid LEADER le haghaidh maoiniú
- Reáchtáladh oíche Fhaisnéise Gnó i mí Deireadh Fómhair 2017 agus bhí cainteoirí i láthair ó Fheabhas Miondíola Éireann, ón Oifig Fiontair Áitiúil agus Rannóg na Rátaí, Comhairle Chontae Chill Mhantáin
- Cinneadh déanta maidir le Scéim Deontais Péinteála a chur i bhfeidhm do Bhaile an Inbhir Mhóir
- Cuireadh an tSlí Chun Todhchaí an Inbhir Mhóir san áireamh sa LAP
- Tugadh faoi ghlanadh ar Threalamh an Ghiomnáisiam Faoin Aer ag an Ionad Fóillíochta

Cruinnithe

Leanann Ceantar Bardasach an Inbhir Mhóir ag obair le agus bíonn cruinnithe acu ar bhonn rialta leis an lucht trádála áitiúil, an Comhlachas Tráchtála agus le Coiste na mBaile Slachtmhara ar mhaithe le feabhas a chur ar an mbaile.

Na Bailte Slachtmhara

Tugann Ceantar Bardasach an Inbhir Mhóir aitheantas do na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag foirne oibrithe deonacha ar fud an Cheantair agus a oibríonn i gcomhar le foireann na Comhairle, mar obair atá ríthábhachtach do rathúlacht na mbailte agus sráidbhailte atá ag glacadh páirt i sraithchomórtais/comórtais ar nós IBAL agus na Bailte Slachtmhara.

Imeachtaí & Dámhachtainí

- D’eagraigh an AMD an chéad Fhéile riamh de chuid na Samhna do Bhaile an Inbhir Mhóir
- Rinneadh éascú ar Fhéile na Nollag san Inbhear Mór
- Glacadh páirt i Lá Fiontraíochta Baile Bhanc na hÉireann
- Bhí an AMD ar an 3ú grúpa deiridh ar an ngearrliosta do Dhámhachtainí Chumann Chomhlachais Tráchtála na hÉireann d’imeacht “George Campbell” faoin gcatagóir don Oidhreacht agus don Timpeallacht Thógtha
- Bhí an AMD ar an ngearrliosta do Ghradam Fiontraíochta Baile Bhanc na hÉireann
- Bhí an AMD rannpháirteach in oscailt Taispeántas Skekina, Gleann Molúra, is é Uachtarán na hÉireann, Michael D Higgins a d’oscail an taispeántas.

Tionscadail Bonneagar don bhliain 2017

Bóithre agus Cosáin

Tuarascáil Bhliantúil 2017

- Rinneadh 7 km de bhóthar a atógáil chomh maith leis an bPríomhshráid san Inbhear Mór
- Cuireadh dromchla ar 3 km de Bhóithre Réigiúnacha
- Cuireadh dromchla ar 10 km de Bhóithre Áitiúla
- Tógadh 3.3 km de chosán as an nua nó cuireadh an dromchla ar ais
- Cuireadh dromchla coincreít asfaltach ar 10 km bóthair idir Baile an Chomair agus an Droichead Adhmaid, ní raibh aon chostas don AMD i gceist leis seo. Tugadh na hoibreacha seo chun críche mar chuid den chomhaontú ceadúnas oscailte bóithre.

Bearta Moillithe Tráchtá

- Fearann na Coille, an tInbhear Mór
- An Chlais
- Eachroim

Suiteáil Trasrianta Peileacánacha

- Eachroim
- Páirc an Chaisleáin, an tInbhear Mór

Tionscadail Bonneagair Eile laistigh den AMD

- Cearnóg Cathartha Ráth Droma
- Ceannach Soilse Nollag nua do Bhaile an Inbhir Mhóir
- Soilse curtha ar 19 Áirse Droichid
- Soilse nua ar Theach Cúirte an Inbhir Mhóir
- Maoiniú faighte do Theach Cúirte an Inbhir Mhóir chun tabhairt faoi dheisiúchán ar an díon agus obair leictreachais a dhéanamh
- Athchóiriú Déanta ar Chlós Súgartha South Green

Nascadh

Tá Coiste nasctha ag baile an inbhir Mhóir agus tá sé mar aidhm acu

- naisc bhuana a fhorbairt agus a chothabháil idir na bailte,
- malartú i ngach réimse a spreagadh idir cónaitheoirí na mbailte,
- iarracht a dhéanamh na bailte a thabhairt le chéile ar mhaithe le réiteach níos fearr a fháil ar fhadhbanna ár bpobal faoi seach, lena n-áirítear réimsí geilleagracha, sóisialta, reiligiúnacha, cultúrtha, comhshaoil agus oideachasúla,
- cur chun feidhme clár pobail a lonnú laistigh de chreat tacúil an nasctha ar féidir cur lena n-éifeachtúlacht.

Tá Baile an Inbhir Mhóir nasctha le Chateaudun sa Fhrainc agus le Aberystwyth sa Bhreatain Bheag.



CEANTAR BARDASACH BHEALACH CONGLAIS

Comhaltaí Ceantair

Tuarascáil Bhliantúil 2017



Cathaoirleach:

An Comhairleoir Edward Timmins (FG) 2016-2017

An Comhairleoir Vincent Blake (FG) 2017-2018

Leas-Chathaoirleach:

An Comhairleoir Vincent Blake (FG) 2016-2017

An Comhairleoir Thomas Cullen (NP) 2017-2018

Comhaltaí:

An Comhairleoir James Ruttle (NP)

An Comhairleoir Gerry O'Neill (NP)

An Comhairleoir Pat Doran (FF)

An Comhairleoir Edward Timmins (FG)

An Comhairleoir Vincent Blake (FG)

An Comhairleoir Thomas Cullen (NP)

Foireann an Cheantair Bhardasaigh

Bainisteoir Ceantair:

Sean Quirke

Innealtóir Ceantair:

Declan Geraghty

Innealtóir Cheantair Tigh na hÉille:

Dermot Graham

Riarthóir Ceantair:

Máire Halvey (Eanáir-Márta);

Susan Nichols (Aibreán-Samhain);

Dionne Dixon (Samhain – go dáta)

Teicneoir:

Roger Morrison

Oifigigh Cúnta Foirne:

Sharon Mulhall (Oifig Ceantair Bhaile Choimín)

Geraldine Jordan (Oifig Ceantair Tigh na hÉille)

Oifigigh Cléireachais:

Ann Marie Butler (Oifig Ceantair Tigh na hÉille)

Andrea Connolly (Oifig Ceantair Bhaile Choimín)

Lisa Moore (Oifig Ceantair Bhaile Choimín)

Oifigí Ceantair:

Oifig Cheantair Bhaile Choimín:

Seoladh: Oifigí na Cathrach,
Páirc Ghnó Bhaile
Choimín, Contae
Chill Mhantáin
W91 RTV0.

Uimhir Theileafóin: 045 - 891222

Uimhir Facs: 045 - 865813

Ríomhphost: baltinglassmd@wicklowcoco.ie;

Láithreán Gréasáin: www.wicklow.ie

Oifig Ceantair Thigh na hÉille:

Seoladh: Oifigí na
Comhairle,
Coolruss, Tigh na
hÉille, Contae Chill

Tuarascáil Bhliantúil 2017



Mhantáin Y14
AY19.

Uimhir Theileafóin: 0402 - 38174

Uimhir Facs: 0402 - 38423

Ríomhphost: baltinglassmd@wicklowcoco.ie

Láithreán Gréasáin: www.wicklow.ie

Ginearálta

Cuimsítear i gCeantar Bardasach Bhealach Conglais, bailte Bhealach Conglais, Bhaile Coimín, Charn an Bhua agus sráidbhailte Dhún Luáin, Dhún Ard, Chnoc an Eanaigh, Thigh na hÉille, Chill Bhríde agus Shíol Éalaigh. Is 25,267 (18%) daonra an Cheantair Bhardasaigh. Clúdaíonn Ceantar Bardasach Bhealach Conglais 45% (352 míle cearnach) de limistéir Chill Mhantáin agus 40% (943 km) de bhóithre an chontae. Is ionann líon na n-aonad tithíochta sóisialta laistigh den cheantar agus 700.

Bíonn Cruinnithe Míosúla ar siúl ag 10.30 a.m. an ceathrú Luan de gach mí (an tríú Luan más saoire phoiblí an luan)–ní bhíonn cruinniú ar bith ar siúl i mí Lúnasa.

Tionóltar cruinnithe go hiondúil in Oifigí na Cathrach i mBaile Coimín ach chun feasacht a ardú faoi struchtúir an Cheantair Bhardasaigh a bunaíodh sa bhliain 2014, tionóladh roinnt de na cruinnithe míosúla i mBealach Conglais agus i gCarn an Bhua.

Cuireann cruinnithe míosúla an Cheantair Bhardasaigh díospóireacht bhríomhar ar shaincheisteanna éagsúla ar fáil. Ghlac na Comhaltaí le toscaireachtaí ó Chumann Tuismitheoirí Scoil Náisiúnta Dhún Luain chomh maith le cur i láthair ó Chónaidhm na hÉireann um Míchumas; Líonraí Rannpháirtíochta Pobail Chontae Chill Mhantáin; Féile Drámaíochta Dheisceart Chill Mhantáin agus ó Choiste Nasctha O'Neill County Nebraska/Bhaile Coimín.

Déanann a chuid ionadaithe tofa ionadaíocht ar Cheantar Bardasach Bhealach Conglais ar na Coistí um Beartais Straitéiseacha seo a leanas:

- Forbairt Pobail, Chultúrtha agus Shóisialta – an Comhairleoir Jim Ruttle
- Seirbhísí iompair, Fuíolluisce agus Comhshaoil – an Comhairleoir Pat Doran
- Pleanáil agus Forbairt – an Comhairleoir Vincent Blake, an Comhairleoir Tommy Cullen, an Comhairleoir Gerry O'Neill agus an Comhairleoir Edward Timmins

Tá dhá oifig ceantair ag Ceantar Bardasach Bhaile Conglais, ceann i mBaile Coimín agus ceann eile i dTigh na hÉille–tá cuntaire phoiblí oscailte don phobal ó 9.00 a.m. go 1.00 p.m. agus ó 2.00 p.m. go 5.00 p.m., Luan go hAoine. bíonn an Oifig Mhótarchánach oscailte in oifigí na Cathrach i mBaile Coimín ar an Máirt ó 9.00 a.m. go 12.30 p.m. agus ó 2.00 p.m. go 3.30 p.m. agus soláthraíonn sí seirbhís luachmhar don cheantar áitiúil.

Áirítear ar na feidhmeanna rialta a chuireann an Ceantar ar fáil, cothabháil agus deisiú tithíocht údarais áitiúil, cothabháil agus feabhsúchán ar bhóithre, glanadh sráide, cothabháil lasmuigh agus gearradh féir, glanadh draenacha, cothabháil ar reiligí, seirbhísí maor scoile, cothabháil ar leithris phoiblí agus cothabháil ar áiteanna súgartha.

Leanann na comhaltaí agus an fhoireann ag obair le grúpaí na mBailte Slachtmhara sa Cheantar. Aithnítear iarrachtaí agus obair chrua na n-oibríthe oibrí deonacha go léir i rathúlacht na sráidbhailte agus na mbailte áitiúla i gcomórtais IBAL agus na mBailte Slachtmhara. Chomh maith leis sin, bronnadh Deontais Forbartha Eastát ar 12 Cumann Áititheoirí rathúla chun cuidiú leo cothabháil a dhéanamh ar na limistéir ghlasa ar fud Eastáit Tithíochta Sóisialta éagsúla Chomhairle Chontae Chill Mhantáin.

Chuir Comhaltaí Tofa Cheantar Bardasach Bhealach Conglais Maoiniú Lánroghnach de

Tuarascáil Bhliantúil 2017

€168,750 ar fáil, lena n-áirítear, €10,000 de thabhartas i dtreo Thionscadal Ospíse Chill Mhantáin agus roinneadh an méid a bhí fágtha go cothrom i measc na gComhaltaí Tofa. Bhain tionscadail éagsúla leas as an Maoiniú Lánroghnach, lena n-áirítear, cothabháil agus feabhsúcháin ar bhóithre i gcodanna éagsúla den Cheantar, tionscadail soilse poiblí, moilliú tráchta i Síol Éalaigh, pábháil in Eastát Tithíochta Shruhan, Bealach Conglais, chomh maith le cosáin a sholáthar i Síol Éalaigh, in Eastát Tithíochta Carrig Glen, Baile Coimín, Cnoc an Eanaigh agus Clós Súgartha i gCarn an Bhua. Ní raibh na tionscadail go léir críochnaithe sa bhliain 2017 agus táthar ag súil go mbeidh obair ar siúl ar na tionscadail atá fágtha sa bhliain 2018.

Thug na Comhaltaí urraíocht freisin d'Fhéile Drámaíochta Dheisceart Chill Mhantáin chun óstáil a dhéanamh ar Fhéile Drámaíochta Uile-Éireann i gCarn an Bhua i mí Aibreáin 2018 agus tugadh cúnamh chun maoiniú a dhéanamh ar shoilse na Nollag i mbailte agus i sráidbhailte éagsúla ar fud an Cheantair.

D'éirigh leis an gCeantar i gcomhar leis an Roinn Gnóthaí Cultúir, Sóisialacha agus Pobail maoiniú CLÁR a bhaint amach sa bhliain 2016 ar mhaithe le feabhsúcháin coisithe ag an scoil i gCnoc an Eanaigh, do chomharthaíocht sábháilteachta ar bhóithre ag páirc imeartha CLG i mBaile Mhánais agus ag MUGA i gCnoc an Eanaigh. Críochnaíodh na hoibreacha seo i gcomhair le hoibreacha ar an bPáirc Scátála i mBealach Conglais agus Clós Súgartha Ráth Daingin le linn na bliana 2017.

D'éirigh leis an gCeantar maoiniú CLÁR a bhaint amach sa bhliain 2017 do shoilse sráide i gCnoc an Eanaigh idir an sráidbhaile agus an pháirc imeartha agus do shoilse sábháilte ag Scoil Náisiúnta Ráth Choill.



Gradam Fiontraíochta Baile – Baile Coimín

D'éirigh le Baile Coimín an duais a thabhairt leo don Bhaile Fiontraíochta is Fearr i gCúige Laighin don chatagóir daonra idir 3,000 go 7,000 i nGradam Fiontraíochta Baile Bhanc na hÉireann i mí na Samhna 2017.

Tá sé mar aidhm le Gradam Fiontraíochta Baile Bhanc na hÉireann cuidiú le agus fiontraíocht a chur chun cinn ar fud na tíre trí ghrúpaí gnólachtaí agus pobail a thabhairt le chéile chun spiorad na fiontraíochta ina gceantair áitiúil a chur i láthair painéal moltóirí.

Tá an t-éacht thar na bearta seo do Bhaile Coimín mar thoradh ar an obair mhór atá déanta ag an gCoiste Fiontraíochta Baile le tacaíocht láidir ó Fhóram Bhaile Coimín, an pobal gnó áit agus ó Cheantar Bardasach Bhaile Coimín trí oibriú i gcomhar le chéile ar mhaithe lena chinntiú gur cuireadh spiorad láidir, bríomhar Bhaile Coimín i láthair nuair a bhí an mholtóireacht ar siúl, chomh maith le hacmhainneacht gnó agus na taitneamhachtaí iontacha atá le fáil sa bhaile. Ag eascairt ó bhronnadh an Ghradaim seo, tá sé beartaithe Foireann Baile a chur le chéile do Bhaile Coimín.

Tuarascáil Bhliantúil 2017



Innealtóir Ceantair:

Liam Bourke

Innealtóir Feidhmiúcháin

Stephen Fox

Riarthóir Ceantair:

David Forde

Teicneoir:

Dominic Gillian

CEANTAR BARDASACH BHRÉ

Comhaltaí Ceantair

Cathaoirleach:

An Comhairleoir Christopher Fox

Leas-Chathaoirleach:

An Comhairleoir Pat Vance

Comhaltaí:

An Comhairleoir Joe Behan

An Comhairleoir Steven Matthews

An Comhairleoir Oliver O'Brien

An Comhairleoir Michael O'Connor

An Comhairleoir John Ryan

An Comhairleoir Brendan Thornhill

Foireann an Cheantair Bhardasaigh:

Stiúrthóir Seirbhísí:

Desmond O'Brien

Mionsonraí Teagmhála:

Seoladh:

An tSráid Mhór,
An Lárionad Cathrach,
Contae Chill Mhantáin,

Uimhir Theileafóin: 01 2744900

Uimhir Facs: 01 2860930

Ríomhphost: braymd@wicklowcoco.ie

Daonra: 35600

Clúdaíonn Ceantar Bardasach Bhré 180km bóithre i gContae Chill Mhantáin. Is 1360 an líon tithíocht shóisialta laistigh den cheantar.

Tá oifigí an Cheantair Bhardasaigh suite sa Lárionad Cathrach ar an tSráid Mhór.

Reáchtáiltear cruinnithe an chéad Mháirt den mhí ag 7.30pm, seachas mí Lúnasa.

Clár Bóithre na bliana 2017

Bóthar	Cineál Oibreacha	Achar (m2)
Church Hill, Áth na Sceire	Tógáil Bóthair	1610
Bóthar Bhaile na hEornan	Athchóiriú Dromchla	1200

Tuarascáil Bhliantúil 2017



Bóthar	Athchóiriú Dromchla	2700
Ceallúrach Uachtarach	Athchóiriú Dromchla	3200
Bóthar Ghleann Crí Theas, an Corrán	Athchóiriú Dromchla	3600
Bóthar Ghleann Crí	Athchóiriú Dromchla	4950
Céide an Ghleanna Mhóir	Athchóiriú Dromchla	255
Monastery Grove, Áth na Sceire	Athchóiriú Dromchla	3757
Bóthar Herbert, Cill Bhríde	Athchóiriú Dromchla	1392
Bóthar Herbert, Ardmore	Athchóiriú Dromchla	1875
Baile na hEornan - Bóthar Áth na Sceire	Cóiriú Dromchla	14700
Bóthar Ghleann Crí Theas	Cóiriú Dromchla	3760
Páirc Kilgarron	Cóiriú Dromchla	3600
Cosáin Coisithe Páirc Kilgarron		700
Cosáin Coisithe Bré		416
An Bóthar Míleata	Cóiriú Dromchla	33000
Bóthar Bhré, Áth na Sceire	Cóiriú Dromchla	4800
Baile an Bhrú	Cóiriú Dromchla	12500
Bóthar Herbert, Bré	Athchóiriú Dromchla	2400

Tá codanna bóthair nach raibh críochnaithe an bhliain seo caite, Bóthar Vevay, Bóthar Herbert agus Bóthar Bhré, Áth na Sceire curtha san áireamh. Cuireadh cóiriú dromchla ar an mbóthar Míleata, nach raibh aitheanta sa chlár trí bliana, san áireamh.

Cuireadh leithdháileadh buiséid de €120,000 ar leataobh do chosáin ó mhaoiniú caipitil agus baineadh úsáid as sin do chosáin nua amháin agus ní do dheisiú cosáin.

Rinneadh breithniú ar fhorbairtí do chosáin nua ón mbuiséad caipitil de €120,000 do chosáin ag Bóthar Herbert ó thuaidh d'Fhánaí Theach an

Reachtair, Teorainn Thoir Pháirc Imeatha Bhaile Bhaltraim agus ar shíneadh a chur leis an gcosán ag Baile na hEornan.

Oibreacha Caipitiúla Bóthair

Tá a gclár maoinithe don bhliain 2017 deimhnithe ag an NTA. Tá maoiniú le scéim rothair Bhóthar na Trá ag an Uisceadán a chríochnú curtha san áireamh.

LCSI

Athailíniú ar Cheallúrach Uachtarach an R755

Deimhníodh maoiniú breise de €200,000 sa bhliain 2017 chun leanúint leis an tionscadal seo. Cuireadh tús le hobair arís tar éis seirbhísí seandálaí a fháil don chéad chéim eile. Rinneadh maoiniú de €25,000 a leithdháileadh d'oibreacha feabhsúcháin ag aomhail Bhóthar Adelaide/Bóthar Fhlórans. Mar gheall go bhfuil an láthair seo san áireamh i Staidéar Iompair Acomhal Mótarbhealaigh Bhré, rachfar i gcomhairle leis an NTA maidir le réamhdhearadh na scéime seo sula gcuirfear tús le hoibreacha.

€100,000 Deisiú Cosáin Coisithe – an Réimse Poiblí

Trasnaíonn Bré Theas láithreacha éagsúla ar an dá thaobh de Church Hill, Áth na Sceire
 Stad bus Garrán Arbutus
 Bóthar Vevay ar an taobh thiar, Bóthar Putland go dtí O'Briens Bóthar na Trá ag an Pizza Platform
 Ascaill Novara, an tSráid Mhór go Clinic Carlton ag láithreacha éagsúla,
 Acomhail Florence Wyndham
 Páirc Galltroma i láithreacha éagsúla
 Bóthar na Páirce Glaise i láithreacha éagsúla
 34,38 Páirc Herbert
 152 Páirc an Aird Mhóir
 Bóthar Eglinton ag Lána an Stábla
 Cnoc Richmond, Eastát Lána an Fhásaigh Rua
 Garrán Old Connaught/Céide Sycamore
 Láithreacha éagsúla ag Radharc Old Connaught
 Cearnóg Shéamais Uí Chonghaile
 Bóthar Rinn na Mara i láithreacha éagsúla

Uasghrádú Comharthaí Coisithe €56,000

Acomhal Bóthar Putland

Tuarascáil Bhliantúil 2017



Comharthaí Coisithe Lána an Fhásaigh Rua
Comharthaí Coisithe Páirc James Everett
(An Comhartha Coisithe ag Sráid an Chaisleáin le
tabhairt chun críche ar mhaoiniú ón Réimse
Poiblí 2016)

Rampaí Tráchtá a dheisiú €30,000

Bóthar Parnell in aice leis an acomhal ag Bóthar
Herbert
Bóthar Davitt in aice leis an acomhal ag Bóthar
Parnell
Bóthar na Páirce Glaise ag an acomhal ag Bóthar
Fairgreen
Bóthar na Páirce Glaise ag an acomhal ag Bóthar
Ardee
Bóthar na Páirce Glaise ag an acomhal ag Bóthar
Sutton (moill go dtí go mbeidh oibreacha
draenála tugtha chun críche)
Bóthar na Deargaile Íochtarach ag an acomhal le
Bóthar Sutton
Bóthar na Deargaile Íochtarach ag an acomhal le
Sráid Maitland
Bóthar na Móna ag an Ionad Pobail
Mion-phaisteáil agus athlíneáil rampaí agus táblaí
luais éagsúla eile.



Athsholáthar Boscaí Bruscair

Suiteáladh líon boscaí bruscair cliste,
grianchumhachtaithe ar fud an Cheantair.
Feidhmíonn na boscaí bruscair seo go léir ar
theicneolaíocht cliste, agus léirítear nuair a
bhíonn siad lán.

Imeachtaí

Leanann Ceantar Bardasach Bhré le tacaíocht a
thabhairt d'imeachtaí sa Cheantar ar nós
Taispeántas Aeir Bhré, Snagcheol Bhré, an Nollaig
i mBré agus Lá Fhéile Pádraig

Tuarascáil Bhliantúil 2017



An Comhairleoir Nicola Lawless (SF)

An Comhairleoir Tom Fortune (NP)

An Comhairleoir Jennifer Whitmore (SD)

**Foireann an Cheantair Bhardasaigh:
Stiúrthóir Seirbhíse:**

Michael Nicholson

Innealtóir Ceantair:

Ruairi O' Hanlon

Innealtóir Feidhmiúcháin

Eoghan Forristal

Riarthóir Ceantair:

Myra Porter

Teicneoir:

Vincent Byrne

Oifigeach Cúnta Foirne:

Orlagh Greene

CEANTAR BARDASACH NA gCLOCH LIATH

Comhaltaí Ceantair

Cathaoirleach:

An Comhairleoir Gerry Walsh (FF)

Leas-Chathaoirleach:

An Comhairleoir Derek Mitchell (FG)

Comhaltaí:

An Comhairleoir Gráinne McLoughlin (FG)

Oifigigh Cléireachais:

Kay Coughlan

Lily Davis

Andrea Egan

Mionsonraí Teagmhála:

Seoladh: Bóthar an Mhuilinn, Na
Clocha Liatha,

Contae Chill Mhantáin.

Uimhir Theileafóin: 01 – 2876694.

Uimhir Facs: 01 – 2877173.

Tuarascáil Bhliantúil 2017



Ríomhphost: greystonesmd@wicklowcoco.ie

Daonra: 24,846

Áirítear i gCeantar Bardasach na gCloch Liath, sráidbhailte Dheilgne, Chill Chomhghaill, an Chaisleáin nua, agus cuid bheag de Bhaile an Chinnéidigh. Clúdaíonn Ceantar Bardasach na gCloch Liath 6.5% de na bóithre i gContae Chill Mhantáin (64,840 KM). 575 is ea líon na dtithe sóisialta laistigh den cheantar.

Tá oifigí an Cheantair bhardsaigh lonnaithe ar Bhóthar an Mhuilinn, na Clocha Liatha.

Tionóltar cruinnithe ar an Máirt dheireanach de gach mí ar 7.30p.m., ach amháin mí Lúnasa.

Ginearálta

Tugadh líon tionscadal feabhsúcháin bóithre chun críche le linn na bliana arna maoiniú ag an Roinn Iompair. Áirítear leis sin, oibreacha bóthair ar an tSráid Mhór, Cill Chomhghaill, Baile an Chinléigh Íochtarach, Bóthar Theampall Carraige, Cnoc Bellevue, Bóthar Hillside, Bóthar Ráth an Dúin, Páirc Bhaile an Chinléigh, na Clocha Liath agus Céide Seamount sa Chaisleán Nua.

Tugadh faoi oibreacha feabhsúcháin ó thaobh sábháilteachta ar an acomhal ag Bóthar an Teampaill agus ag Lána an Teampaill sna Clocha Liatha, áit ar cúnгаíodh an t-acomhal agus ar leathnaíodh an cosán coisithe leis an trácht atá ag teacht ó Bhóthar an Teampaill a mhoilliú agus le leithead an bhóthair a laghdú do choisithe a bhíonn ag trasnú.

Tugadh feabhsúcháin ar chosáin coisithe chun críche ag líon láithreacha ar fud an cheantair, lena n-áirítear, Bóthar Victoria, Arda Choill na nÚll, Lána an Teampaill sna Clocha Liatha, Bóthar Chraobh Eoghain, Bóthar Creowen agus Corrán Hazelwood i gCill Chomhghaill, Dromont i nDeilgne agus ar an R761 i gCoillín na Carraige.

Tógadh cosán coisithe nua i bPáirc an Ráis sa Chaisleán Nua.

Tugadh faoi fheabhsúcháin ar rotharbhealach Bhóthar na Mara trí dhromchla daite a chur leis do choisithe agus do chodanna an rotharbhealaigh. Tugann sé seo inléiteacht níos fearr do lucht úsáidte bóthair maidir le cá háit ba chóir deighilt a dhéanamh idir choisithe agus rothair agus léiríonn sé freisin na codanna ina bhfuil tús áite ag coisithe agus an áit gur chóir do lucht rothair a bheith cúramach. Rinne Comhaltaí Ceantar Bardasaigh na gCloch Liath maoiniú ar na tionscadail seo a leanas óna mbuiséad lánroghnach:

- Athdhromchlú ag Lána an Mhuilinn
- Feabhsúcháin ag Lána Bow.
- Feabhsúcháin ar Chosán Coisithe Chéide Seamount.
- Limistéar slán do choisithe ag Coláiste Craobh Abhann, Cill Chomhghaill.
- Maoiniú do chothabháil crainn.

Bhí líon mór ainmniúcháin istigh do Ghradam Pearsa na Bliana. Tionóladh ócáid cheiliúrtha an bhronnta i gCumann Gailf na gCloch Liath i Mí na Bealtaine. Bronntar an gradam in onóir daoine sa bhaile a chuir go mór le spórt, cultúr, pobal agus gníomhaíocht gheilleagrach sa bhaile.

Bronnadh stádas an bhraith ghoirm ar Thrá Theas na gCloch Liath mar thoradh ar a gcomhlíonadh le sraith critéar dian ó thaobh cháilíocht an uisce shnáimha go bainistíocht agus oideachas ar an gcomhshaol, chomh maith le sábháilteacht agus seirbhís.

Sholáthair cruinnithe míosúla an Cheantair Bhardsaigh díospóireacht bhríomhar ar shaincheisteanna éagsúla agus ghlac na comhaltaí le hionadaithe ó Chónaidhm na hÉireann um Míchumas, Líonraí Rannpháirtíochta Pobail

Tuarascáil Bhliantúil 2017



Chontae Chill Mhantáin, Iarnród Éireann agus Bridgedale Ltd maidir le forbairt ar chalafoirt na gCloch Liath, Cumann Áititheoirí an Chaisleáin Nua, na Clocha Liath 2020 agus Greystones Outdoors, tionscadal fiontraíochta sóisialta le gníomhaíochtaí ar talamh agus ar muir a fhorbairt ag an gcalafoirt. D'fhreastail ionadaithe ó GoCar ar chruinniú mhí na Bealtaine lena scéim comhroinnt carranna sna Clocha Liatha a sheoladh, déanann an scéim seo laghdú ar chomh mór is a bhíonn daoine ag brath ar charranna trí charranna ar éileamh ar cíos a sholáthar.

Rinne comhaltaí ó Cheantar bardasach na gCloch Liath cur i láthair do tSiúir Kathleen Lyng agus do Catherine Coveney mar chomhartha ómóis agus iad ag dul ar scor mar Phríomhoidí ar scoileanna náisiúnta Naomh Bríde agus Naomh Laurence.

Bhí an Coiste Gnóthaí Pobail gníomhach mar is gnách i gcur chun cinn agus in eagrú imeachtaí bliantúla. Cuireadh siamsaíocht ar fáil do na sluaite móra daoine a tháinig amach le féachaint ar Pharáid Bhliantúil Naomh Pádraig ó réimse leathan iontrálacha, lena n-áirítear, iontráil ó bhaile Holyhead sa Bhreatain Bheag atá nasctha le Cill Mhantáin agus bannaí máirseála ó Rochdale, Sasana agus ó Eichenzell sa Ghearmáin.

Lean na comhaltaí agus an fhoireann ag obair le grúpaí na mBailte Slachtmhara sa Cheantar agus aithníonn siad iarrachtaí oibrithe deonacha a bhfuil an-tábhacht lena gcuid oibre ó thaobh rathúlacht na sráidbhailte agus na mbailte áitiúla i gcomórtais IBAL agus na mBailte Slachtmhara.

Leanadh leis obair ag cuan na gCloch Liath, lena n-áirítear, tús a chur le tógáil clubthithe pobail. Comhpháirtíocht phoiblí phríobháideach is ea an tionscadal idir Sisk agus Comhairle Contae Chill Mhantáin. Tá sé tar éis buntáistí móra a chur ar fáil don phobal chomh maith le fónais shuntasacha bhreise, lena n-áirítear, cuan nua agus oibreacha cosanta cósta. Nuair a bheidh an obair críochnaithe, áireofar san fhorbairt seo, saoráidí do chlubanna spórt áitiúil, cearnóg agus

páirc phoiblí, clárchosán agus rochtain fheabhsaithe ar shiúlóid atá ffor-álainn. Áireofar ann chomh maith, saoráidí miondíola, lena n-áirítear, siopaí, bialann agus aonaid chónaithe.

Tionóladh an naoú seimineár bliantúil is fiche 'La Touche Legacy' agus an 4ú Féile Staire i gcomhar le Cumann Staire agus Seandálaíochta na gCloch Liath i mí Meán Fómhair. Tionóltar an t-imeacht seo gach bliain chun comóradh a dhéanamh agus le hómós a thaispeáint do theaghlach La Touche agus a naisc stairiúla le baile na gCloch Liath. Cruthú Stát Nua a bhí mar théama na comhdhála. Bhí líon aoichainteoirí mór le rá i láthair ann agus d'fhreastail cuid mhór toscairí air, rud a chuir borradh a raibh géarghá leis ar gheilleagar na háite agus rinneadh sárthaispeántas ar shaoráidí iontacha an bhaile.

Cuireadh soilse na Nollag ar fáil i gcomhar le grúpa Pobail Gnó na gCloch Liath a d'eagraigh tráthnóna siamsaíochta i bPáirc Burnaby, chun soilse na Nollag a lasadh. D'fhreastail slua mór teaghlach ar an ócáid agus thóg Daidí na Nollag am as a sceideal gnóthach chun casadh leis na leanaí go léir. Lean Ceantar Bardasach na gCloch Liath ag tacú leis an earnáil miondíola agus gnó trí pháirceáil saor in aisce a cheadú gach Satharn ag tarraingt leis an Nollaig.

Tuarascáil Bhliantúil 2017



An Comhairleoir Shay Cullen (FG)

Leas-Chathaoirleach:

Daire Nolan (IND)

Comhaltaí

An Comhairleoir Gail Dunne (FF)

An Comhairleoir Mary Kavanagh (IND)

An Comhairleoir Irene Winters (FG)

An Comhairleoir John Snell (IND)

Foireann an Cheantair Bhardasaigh:

Bainisteoir Ceantair

Joe Lane/Brian Gleeson

Innealtóir Ceantair

Paul Byrne

Riarthóir Ceantair

Joan Sinnott

Innealtóir Feidhmiúcháin

Alan Martin

Teicneoir

Aidan Doyle

Oifigeach Cúnta Foirne

Liam Cullen

Oifigigh Cléireachais

Sinéad Turner

Gerard Dornan

Julia Nugent



CEANTAR BARDASACH CHILL MHANTÁIN

Cathaoirleach:

Mionsonraí Teagmhála

Seoladh: Ceantar Bardasach Chill Mhantáin
Halla an Bhaile
Cill Mhantáin
Contae Chill Mhantáin

Tuarascáil Bhliantúil 2017



Teileafón: 0404-20173

Ríomhphost:

wicklowmd@wicklowcoco.ie

Láithreán Gréasáin: www.wicklow.ie

Síneann Ceantar Bardasach Chill Mhantáin ó Chuan an Bhriotáis go Baile an Chinnéidigh, Gleann Dá Loch agus suas chomh fada le cuid de Bhearna Chill Mhantáin agus Bearna Bhealach Sailearnáin. Tá Ceantar Bardasach Chill Mhantáin freagrach as cothabháil agus deisiú a dhéanamh ar 423 ciliméadar bóthair agus as 952 teach údaráis áitiúil ina cheantar. Is 28,170 daonra Ceantar Bardasach Chill Mhantáin. Cuireann Foireann Teicniúil Cheantar Bardasach Chill Mhantáin tacaíocht agus maoirseacht teicniúil ar fáil ó thaobh na n-oibreacha go léir le tacaíocht ón fhoireann riaracháin.

Tá na hoifigí lonnaithe i bhFoirgnimh an Bhaile agus tá siad oscailte don phobal ón 9:00 – 1:00 agus 2:00 – 5:00 gach aon lá.

Tionólann Comhaltaí Cheantar Bardasach Chill Mhantáin a gcrúinnithe ar an gceathrú Luan de gach mí ar a 3:00 p.m. ach amháin i mí Lúnasa nuair nach mbíonn cruinniú ar bith ar siúl.

Tionscadail Bóithre agus Bonneagair

Rinne comhaltaí tofa Cheantar Bardasach Chill Mhantáin maoiniú ar na tionscadail seo a leanas sa bhliain 2017 ón mbuiséad lánroghnach.

Oibreacha ar Chosáin:

- An cosán i sráidbhaile an Láithrigh go dtí an Bóthar Glas
- Sráidbhaile an Tóchair go páirc sacair an Tóchair
- Athdhromchlú an charrchlóis i Ráth Naoi
- Athchóiriú an chosáin ag eastát tithíochta Cúirt Greenhill i mBaile Chill Mhantáin

Tionscadail Soilse Poiblí:

- Belard Manor, Gleann Fhaidhle
- Bosuns Rest, Cill Mhantáin
- Skate Park, an Mhuiríoch
- Cnoc Merrymeeting

Áirítear ar na hoibreacha breise seo a leanas ar tugadh fúthu sa bhliain 2017 agus úsáid á bhaint as maoiniú rialtais láir i gCeantar Bardasach Chill Mhantáin:

Tionscadail Forleagan Dromchla Bóthar:

- Cuid den Láithreach go Bóthar Bhearna Bhealach Sailearnáin
- Lána Chnoc an Phrompaigh
- Dhá chuid den Láithreach go Bóthar an Bhaile Aird
- Baile Mhurcha Rua go bóthar Devils Glen
- Tom Raoileann go hÁth na mBó
- Bóthar Eastát Pháirc Season
- Bóthar Eastát Bhuaile na Lao
- Baile an tSeiscinn

Tionscadail Cóiriú Dromchla:

- Buaile na Stuaí
- Ascaill Powers
- Cuan an Bhriotáis

Scéimeanna Feabhsúcháin Áitiúla:

- Lána an Bhaile Aird
- Lána Kilmullen
- Lána Chnoc an Ráithín
- Lána an Dromainn

Oibreacha Marcála Líne

- Bóthar Bhearna Chill Mhantáin
- Ráth Naoi
- Áth na Fuinseoige
- Áth na mBó
- Baile an Chinnéidigh

Tuarascáil Bhliantúil 2017



- Baile Chill Mhantáin

Ranníocaíochtaí Forbartha:

- Tógáil cosán coisithe ó Mhóin Uí Chearúill go Club CLG Bhaile an Chinnéidigh

Cur Chun Cinn Nithe ar Díol Spéise iad don Phobal Áitiúil

Soilse Nollag

Tacaíonn Ceantar Bardasach Chill Mhantáin, Comhlachas Tráchtála an Bhaile agus an Cheantair i gcur chun cinn gníomhaíochtaí agus imeachtaí Nollag i mBaile Chill Mhantáin agus cuireann ranníocaíocht de €20,000 i dtreo Soilse Nollag.

Bailte Slachtmhara

Thug na Comhaltaí leithdháileadh de €11,000 do ghrúpaí Bailte Slachtmhara i gCill Mhantáin, sa Tóchar, Áth na Fuinseoige, Baile an Chinnéidigh, Láithreach, Gleann Dá Loch agus Ráth Naoi. Tugann Comhaltaí Ceantair Bardasach Chill Mhantáin tacaíocht iomlán don obair iontach agus do na hiarrachtaí thar na bearta atá á dhéanamh ag Coistí na mBailte Slachtmhara ó thaobh feabhas a chur ar chuma na mbailte agus na sráidbhailte ina gceantair.

Thug na Comhaltaí tacaíocht do ghrúpaí eile freisin ar fud an Cheantair ar nós, Ospís Chill Mhantáin, an Cumann Áititheoirí Áitiúil, Grúpaí Oibrithe Deonacha Chill Mhantáin, d'fhéilte agus d'imeachtaí pobail, lena n-áirítear Féile Regatta Sailfest, Blas Chill Mhantáin agus Paráid lá Fhéile Pádraig.

Miondíol/Gnó

Nascadh

Tá Baile Chill Mhantáin nasctha le Eichenzell, Montigny agus Portmadock agus thug na

Comhaltaí ranníocaíocht de €3,500 don Choiste Nasctha chun cuidiú leo ó thaobh gníomhaíochta nasctha idir na bailte.

Páirceáil

Cuidíonn an Ceantar ó thaobh tacaíocht a thabhairt don earnáil tráchtála agus miondíola trí 3 uaire an chloig páirceála saor in aisce a chur ar fáil roimh an Nollaig agus 2 uaire an chloig páirceála saor in aisce ar an Satharn.

Foirne Baile

Tá tosaíocht tugtha ag na Comhaltaí do chur chun cinn an Cheantair mar phríomhchuspóir agus tacaíonn siad go hiomlán leis na Foirne Baile. Leanfaidh siad ar aghaidh ag tabhairt tacaíochta agus ag obair go dlúth leo agus leis an bpobal ina iomláine.

Ginearálta

Áirítear ar na feidhmeanna rialta a chuireann an Ceantar ar fáil, cothabháil tithíochta údaráis áitiúil, cothabháil agus feabhsúchán bóithre, glanadh sráide, cothabháil lasmuigh agus gearradh féir, oibriú agus cothabháil Tránna Chuan an Bhriotáis Thuaidh agus Theas, glanadh draenacha, cothabháil reiligí, seirbhís maor scoile, cothabháil ar leithris phoiblí agus cothabháil ar áiteanna súgartha.

Tuarascáil Bhliantúil 2017



Tuarascáil Bhliantúil 2017

